

An Biúró um Shócmhainní Coiriúla
Teach Walter Scott
An Bóthar Míleata
Baile Átha Cliath 8
D08 HE2P
Éire

Teil: +353 1 666 3266
Ríomhphost: info@cab.ie
X: @criminalassets
Facebook: www.facebook.com/criminalassetsbureau
Instagram: @criminalassetsbureau

www.cab.ie
www.anbiúroumschómhainnícoiriúla.ie

Tá an tuarascáil seo ar fáil i mBéarla freisin.
This report is also available in the English language.

© Cóipcheart Rialtas na hÉireann.
Rinne Coiste Tuarascáil Bhliantúil CAB an tuarascáil seo a thiomsú agus a dheardh.

Clár Ábhair

Clár Ábhair	i
Litir Ó Choimisinéir an Gharda Síochána chuig an Aire Dlí agus Cirt	v
Litir ó Phríomhoifigeach an Bhiúró chuig Coimisinéir an Gharda Síochána	vii
Réamhrá	xi

A hAon Forbhreathnú ar an mBiúró um Shócmhainní Coiriúla, a Oifigigh agus a Fhoireann

<i>An Biuró</i>	1
<i>Rialachas</i>	1
<i>Cúrsaí Comhshaoil, Aeráide Agus Fuinnimh</i>	2
<i>Éagsúlacht agus Cuimsiú</i>	2
<i>Cearta Daonna</i>	2
<i>Airgeadas</i>	3
<i>Cuspóirí agus Feidhmeanna</i>	3
<i>Príomhoifigeach an Bhiúró</i>	3
<i>Oifigeach Dlí an Bhiúró</i>	4
<i>Comhlacht Corparáideach</i>	4
<i>Struchtúr an Bhiúró</i>	5
<i>Oifigigh agus Foireann an Bhiúró</i>	5
<i>Leibhéil Údaraithe Foirne</i>	5
<i>Neamhainmníocht</i>	6
<i>An Oifig um Fhaisnéis agus Measúnú</i>	6
<i>Tuarascálacha Dea-Shaoránaigh</i>	7
<i>An Oifig Bainistíochta Sócmhainní</i>	7
<i>Eastát réadach arna bhainistiú ag an mBiúró</i>	8
<i>Diúscairt Sócmhainní AMO</i>	8
<i>Díolacháin Maoine</i>	8
<i>An Chéad Cheant Poiblí ar Líne de chuid CAB</i>	9
<i>Oifig Phríomh-Atur na Stáit</i>	9
<i>Próifíleoirí Rannacha um Shócmhainní</i>	10
<i>Cás 1</i>	11
<i>Cás 2</i>	11
<i>Léarscáil Dáileadh Geografach de Spriocanna CAB</i>	12
<i>Oiliúint agus Forbairt</i>	13
<i>POCAI</i>	13
<i>Oiliúint Foirne</i>	14
<i>Cur i Láthair CAB</i>	14
<i>Clár Oiliúna do Bhleachtairí</i>	14
<i>Cúrsa Imscrúdaitheoirí Sinsearacha</i>	14
<i>Airgeadraí Fíorúla</i>	15
<i>Cur i Láthair Cripteá-airgeadraí</i>	15
<i>An Chomhdháil Idirnáisiúnta ar Mhaoiniú Sceimhlitheoireachta</i>	15
<i>Tionscadal Frith-FinTer</i>	15
<i>Oiliúint SIO VC</i>	15

Clár Ábhair

<i>An Roinn Dlí agus Cirt – Réamhrá ar Airgeadraí Fíorúla agus ar an nGréasán Dorcha</i>	16
<i>9^ú Comhdháil Airgeadraí Fíorúla</i>	16
<i>Ócáid oiliúna imscrúdaitheoirí Cripteasócmhainn Binance</i>	16
<i>Deimhniú Gairmiúil Imoibreora Chainalysis</i>	16
<i>POCAI</i>	16
<i>Comhdháil Coireachta an Gharda Síochána</i>	16
<i>Cairt Eagraíochta</i>	17

A Dó: Biúró Um Shócmhainní Coiriúla Imscrúduithe

<i>Imscrúduithe</i>	19
<i>Alt 14</i>	19
<i>Alt 14A</i>	20
<i>Iarratais a rinneadh le linn 2023</i>	20

A Trí: Gníomhartha faoin Acht um Fháiltas ó Choireacht 1996 go 2016

<i>Réamhrá</i>	21
<i>Athbhreithniú ar Alt 1A</i>	22
<i>Cásanna Tosaithe</i>	22
<i>Athbhreithniú ar Alt 2(1)</i>	23
<i>Miondealú Luachála</i>	24
<i>Athbhreithniú ar Alt 3</i>	24
<i>Alt 3(3)</i>	25
<i>Miondealú Geografach</i>	25
<i>Maoin</i>	26
<i>Feithiclí</i>	26
<i>Earraí Só</i>	26
<i>Cás 1</i>	27
<i>Cás 2</i>	27
<i>Alt 4(1) agus 4A</i>	27
<i>Cás 1</i>	28
<i>Alt 6</i>	29
<i>Alt 7</i>	29
<i>Airgead eile ar ais</i>	29
<i>Ráiteas Glacadóireachta</i>	31

A Ceathair: Gníomhartha Ioncaim ag an mBiúró

<i>Forléargas</i>	33
<i>Feidhmeanna Cánach</i>	33
<i>Measúnuithe Cánach</i>	33
<i>Achomhairc chuig an gCoimisiún um Achomhairc Chánach</i>	33
<i>Bailiúcháin</i>	34
<i>Aisghabhálacha</i>	34
<i>Éilimh</i>	34
<i>Socruithe</i>	34

<i>Imscrúduithe</i>	34
<i>Feidhmeanna Custam & Máil</i>	36
<i>Bealach Isteach/Amach as an Stát</i>	36
<i>Trádáil Mhótair</i>	37
<i>Dleacht Mháil</i>	37
<i>Tacaíocht Oibriúcháin</i>	37
<i>Ioncam Agus Custaim na Banríona (HMRC)</i>	37
<i>Táblaí Ioncaim</i>	39
<i>Tábla Custaim</i>	40

Cúig: Gníomhartha Leasa shóisialaigh ag An Mbiúró

<i>Forléargas</i>	41
<i>Coigilteas</i>	41
<i>Ró-íocaíochtaí</i>	41
<i>Aisghabhálacha</i>	41
<i>Alt 5(1)(c) & 5(1)(d)</i>	42
<i>Cás 1</i>	42
<i>Cás 2</i>	42
<i>Cás 3</i>	42
<i>Táblaí Leasa Shóisialaigh</i>	44

A Sé: Imscrúduithe suntasacha an Bhiúró

<i>Réamhrá</i>	45
<i>Imscrúduithe 2023</i>	45
<i>Cás 1</i>	45
<i>Cás 2</i>	45
<i>Cás 3</i>	45
<i>Cás 4</i>	46
<i>Cás 5</i>	46
<i>Cás 6</i>	47
<i>Cás 7</i>	47
<i>Cás 8</i>	47
<i>Oibríocht Thor</i>	47
<i>Oibríocht Tara</i>	48

A Seacht: Breithiúnais shuntasacha Cúirte le linn 2023

<i>CAB v. Ross Browning & Ors</i>	49
<i>CAB v. Stephen Bawn Motors Ltd agus Mike Nash</i>	55

A hOcht: Forbairtí Náisiúnta agus Idirnáisiúnta

<i>An Léargas Idirnáisiúnta</i>	65
<i>An Oifig um Aisghabháil Sócmhainní (ARO)</i>	65
<i>Oibríochtaí Idirnáisiúnta</i>	65
<i>Europol</i>	65
<i>Interpol</i>	66

Clár Ábhair

<i>CARIN</i>	66
<i>An Coiste Stiúrtha Frithsciúradh Airgid (AMLSC)</i>	66
<i>Caidreamh le Gníomhaireachtaí Seachtrachta Forfheidhmithe Dí</i>	67
<i>Comhfhoireann Imscrúdaithe (JITS)</i>	67
<i>Tascfhórsa Comhghníomhaireachta Trasteorann (JATF)</i>	67
<i>Cuairteanna ar an mBiúró</i>	68
<i>Cruinnithe Ardleibhéil</i>	70
<i>Agallaimh leis na Meáin</i>	70
<i>A Naoi: Tuarascáil Bhliantúil um Nochtadh Cosanta</i>	73
<i>A Deich: Conclúidí</i>	75
<i>Aguisín A: Cuspóirí agus Feidhmeanna an Bhiúró</i>	77
<i>Aguisín B: Ráiteas maidir le Rialuithe Inmheánacha</i>	79

Litir ag cur tuarascáil ó Choimisinéir an Gharda Síochána ar aghaidh chuig an Aire Dlí Agus Cirt

A Aire, a chara,

De réir fhorálacha alt 21 d'Acht an Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla 1996, tá áthas orm Tuarascáil Bhliantúil 2023 an Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla a chur i láthair duit.

Bliain an-ghnóthach agus dearfach a bhí ann don Bhiúró in 2023 agus bhain an Biúró seacht gcinn déag dá ocht sprioc déag feidhmíochta amach don bhliain.

Tugaim faoi deara go ndearna an Biúró daichead sé oibríocht cuardaigh ina raibh céad ochtó a hocht cuardach aonair i dhá chontae is fiche. Is fianaise é an líon ard leanúnach d'oibríochtaí cuardaigh ar chomhoibriú den scoth idir an Biúró um Shócmhainní Coiriúla agus gach Rannáin den Gharda Síochána.

Aithním freisin an obair a rinne Próifíleoirí Rannacha um Shócmhainní atá oilte go háitiúil chun spriocanna oiriúnacha le haghaidh gníomhaíochta ag an mBiúró a shainaitint go luath agus tugaim faoi deara go raibh tríocha cúig Próifíleoirí Rannach um Sócmhainní breise nua-oilte in 2023.

Leanann iarrachtaí an Bhiúró díriú ar chomhoibriú láidir le Próifíleoirí Rannacha um Sócmhainní atá oilte go háitiúil, agus tacú le bainistíocht aitiúil an Gharda Síochána chun ról an Líonra Próifíleoirí Rannach um Sócmhainní a fheabhsú, ag cothú naisc dhearfacha le pobail áitiúla.

Ina theannta sin, aithním comhoibriú fairsing an Bhiúró le gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí i dTuaisceart Éireann,

lena n-áirítear Seirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann (PSNI), Coimisinéirí ioncaim agus Custam na Banríona (HMRC) agus an Ghníomhaireacht Náisiúnta Coireachta (NCA).

Go hidirnáisiúnta, leanann an Biúró ag déanamh idirchaidrimh agus imscrúduithe le húdaráis forfheidhmithe dlí agus breithiúnacha ar fud na Heorpa agus ar fud an domhain.

Chuir an Biúró a chuid gníomhaíochtaí chun cinn trína bhealaí meán sóisialta féin agus freisin trí Phreasoifig an Gharda Síochána agus tá an ghairmiúlacht is fearr léirithe aige sa réimse seo.

Le linn 2023, dhírigh an Biúró ar gach coir a bhain le saibhreas a fháil agus thug sé os cionn €8.651m ar ais don Státchiste.

Ina theannta sin, chuir an Biúró breis agus €1.2m ar ais chuig oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí i gcás CC.

San iomlán, don bhliain 2023, shéan an Biúró agus bhain sé a ngnóthachain a fuarthas ar dhrochbhealaí de choirpigh de shuim €9.8 milliún.

Guím gach rath ar an mBiúró um Sócmhainní Coiriúla.

Is mise, le meas,



J A Harris
Coimisinéir
An Garda Síochána

Litir ag cur tuarascáil ó Choimisinéir an Gharda Síochána ar aghaidh chuig an Aire Dlí agus Cirt

Fágadh an leathanach seo bán d'aon ghnó

Litir ag cur tuarascáil ó Phríomhoifigeach an Bhiúró ar aghaidh chuig Coimisinéir an Gharda Síochána

A Choimisinéir, a chara,

Is cúis áthais dom cur i láthair a dhéanamh ar an 28^ú Tuarascáil Bhliantúil ón mBiúró um Shócmhainní Coiriúla don bhliain féilire 2023. Cuirtear an tuarascáil seo faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt de bhun fhorálacha alt 21 den Acht fán mBiúró um Shócmhainní Coiriúla 1996.

I gcomhréir lena oibleagáidí reachtúla, leagtar amach sa tuarascáil gníomhaíochtaí An Bhiúró i rith na bliana chun díriú ar fháltais na coireachta.

Bliain dhearfach a bhí sa bhliain 2023, nuair a bhain an Biúró seacht gcinn déag dá ocht sprioc déag maidir le seachadadh feidhmíochta amach don bhliain.

I rith na bliana, lean an Biúró ag díriú ar Fhorbairt an Líonra Próifíleora Rannach um Shócmhainní tríd an idirchaidreamh le Próifíleoirí Rannacha um Sócmhainní. Chuir an Biúró oiliúint ar fáil do tríocha cúig Phróifíleoir Rannach um Shócmhainní nua.

Aithníonn an Biúró an obair a rinne Próifíleoirí Rannacha um Shócmhainní atá oilte go háitiúil chun spriocanna cuí le haghaidh gníomhaíochta ag an mBiúró a shainathint go luath.

Le linn 2023, tugadh trí iarratas nua is fiche os comhair na hArd-Chúirte faoin reachtaíocht U=um Fháltais ó Choireacht.

Arís eile, bhain formhór na ngníomhartha seo le fáltais na gáinneála ar dhruaí. I measc na coiriúlachta follasaí coitianta eile tá buirgléireacht agus sciúradh airgid. Déanfaidh an Biúró imscrúdú ar aon ghníomhaíocht choiriúil a bhaineann le rachmas a fháil.

In 2023, bhí luach idir €10,915 agus €1,456,887 ar luach sócmhainní faoi na cásanna fáltais nua ó choireacht a chuir an Biúró tús leo.

Tháinig breis agus €8.6 milliún don Státchiste in 2023 as gníomhartha fáltais ó choireacht, mar aon le gníomhartha faoi fhorálacha na gCoimisinéirí Ioncaim agus Coimirce Sóisialaí.

Ina theannta sin in 2023, chuir an Biúró breis agus €1.2m ar ais chuig oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí i gcás CC.

Cé go bhfuil fáilte roimh na tuairisceáin chuig an Státchiste agus go bhfuil siad féinmhínte, ní léiríonn siad go hiomlán an tionchar socheacnamaíoch níos leithne atá ag gníomhartha an Bhiúró laistigh den phobal i gcoitinne. Is féidir an méadracht neamh-intomhaiste a aithint freisin mar:

1. Cur isteach ar eintitis choiriúla
2. Gníomhaíochtaí sciúradh airgid a chosc
3. Teagmháil dhearfach leis an bpobal i gcoitinne

Comhordaíonn an Biúró a gníomhaíochtaí ar bhealach a thugann

Litir ag cur tuarascáil ó Phríomhoifigeach an Bhiúró ar aghaidh chuig Coimisinéir an Gharda Síochána

aird ar Phlean Póilíneachta an Gharda Síochána agus ar straitéisí Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim, na Roinne Coimirce Sóisialaí agus na Roinne Dlí agus Cirt.

Le linn 2023, lean an Biúró ag tacú leis an tionscnamh frith-bhuirgléireachta ar fud na tíre ar a dtugtar Oibríocht Thor. Ina theannta sin, tacaíonn an Biúró freisin le hOibríocht Náisiúnta Frithdhrugaí an Gharda Síochána ar a dtugtar Oibríocht Tara, ar cuireadh tús leis ar an 1^ú Iúil 2021.

Leagann oibríocht Tara béim láidir ar dhul i ngleic le déileáil drugaí ar leibhéal sráide i gcathracha, i mbailte agus i sráidbhailte ar fud na tíre. Díriodh ar oiliúint Próifíleora Rannach um Sócmhainní le déanaí chun tacú leis an oibríocht seo.

Tá gné idirnáisiúnta ag go leor d'imscrúduithe an Bhiúró agus baineann siad le comhar le gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí i ndlínsí eile. Lean an Biúró de bheith rannpháirteach i gcomhaontú Comhfhoireann Imscrúdaithe (JIT) leis an Rómáin ar tháinig Éire isteach ann in 2022.

Leanann an Biúró ag forbairt a chaidrimh le Interpol, Europol agus le Líonra Idirghníomhaireachta Camden um Aisghabháil Sócmhainní (CARIN) agus leanann sé ag déanamh ionadaíochta ar Éirinn ar ardán na nOifigí um Aisghabháil Sócmhainní.

Faigheann an Biúró tacaíocht den scoth i gcónaí ó reachtóirí, ó bhaill den phobal agus ó na meáin.

Leanann foireann an Bhiúró le láithreach shuntasach ar na meáin shóisialta a fhorbairt trí Facebook agus Twitter agus mar thoradh air sin cuirtear gníomhaíocht an Bhiúró chun cinn agus faightear faisnéis thábhachtach ón bpobal. Ba mhaith liom buíochas pearsanta a ghabháil le foireann an Bhiúró as a n-iarrachtaí chun obair an Bhiúró a chur chun cinn trí na meáin agus rannpháirtíocht na mórmheáin ina leith seo.

Ina theannta sin, is mór againn an tacaíocht agus an comhoibriú a thug an Garda Síochána, Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim, an Coimisiún Um Achomhairc Chánach, an tSeirbhís Chúirteanna, an Roinn Coimirce Sóisialaí, an Roinn Dlí agus Cirt, an Roinn Airgeadais, an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, Seachadadh agus Athchóiriú an PFN, Oifig an Ard-Aighne agus Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí don Bhiúró i rith na bliana.

Mar an gcéanna, ba mhaith liom aitheantas a thabhairt freisin do shaineolas agus do dhúthracht na n-aturnaetha agus na mball foirne a chuir an Príomh-Aturnae Stáit ar fáil dúinn sa Bhiúró. Ní féidir an iomarca béime a leagan ar an luach a bhaineann le comhairle agus tacaíocht dlí neamhspleách sa mhéid a chuireann sé le rath an Bhiúró.

Le roinnt blianta anuas, d'aithin an Biúró agus Oifig an Phríomh-Aturnae

Litir ag cur tuarascáil ó Phríomhoifigeach an Bhiúró ar aghaidh chuig Coimisinéir an Gharda Síochána

Stáit (CSSO) araon, go bhfuil gá le méadú ar acmhainní na Rannóige um Shócmhainní Coiriúla (CAS) chun tacú leis an líon níos airde éileamh seirbhíse dlí a thagann isteach i CAS trí fháltais ó chásanna coireachta, achomhairc chánach, díolacháin réadmhaoine agus réimsí eile d'obair an Bhiúró.

Tar éis cás gnó comhphárteach rathúil a chur faoi bhráid na Roinne Caiteachais Phoiblí, Seachadadh agus Athchóiriú an PFN, ceadaíodh CAS le haghaidh leathnú suntasach acmhainní (.i. ó 8 go 18). Faoi dheireadh na bliana 2023, ní raibh ach dhá fholúntas le líonadh agus táthar ag súil go líonfar na folúntais seo i R1 agus R2 de 2024. Tá an Biúró ag baint leasa cheana féin as an líon méadaithe foirne ag CAS.

Ina theannta sin, ba mhaith liom aitheantas a thabhairt freisin don rannchuidiú suntasach atá déanta ag abhcóidí dlí a fhostaíonn CSSO thar ceann an Bhiúró.

I rith na bliana, bhí go leor athruithe pearsanra ag an mBiúró mar thoradh ar imeacht roinnt fostaithe mar gheall ar ardú céime, aistrithe nó iad ag dul ar scor.

Ní féidir é seo a sheachaint i bhfianaise struchtúr an Bhiúró, agus mar thoradh air sin tá béim á chur ar chóras láidir le hacmhainní maithe d'oiliúint foirne a choinneáil, a cuireadh i bhfeidhm le blianta beaga anuas.

Mar gheall ar nádúr a gcuid oibre, ní féidir, i go leor cásanna, aitheantas poiblí a thabhairt dó mar gheall ar

riachtanais neamhainmníochta agus slándála.

Mar a luadh i dTuarascáil Bhliantúil CAB 2022, bunaíodh grúpa oibre chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais chóiríochta an Bhiúró faoi láthair agus amach anseo. Leanann an Biúró de bheith i dteagmháil leis an Roinn Dlí agus Cirt, Oifig na nOibreacha Poiblí agus páirtithe leasmhara ábhartha chun cóiríocht cuí a chur chun cinn agus a fháil a thacóidh go sásúil le sainchúram an Bhiúró sna blianta amach romhainn.

Fáiltíonn an Biúró roimh na forálacha nua sa Bhille um Fháltais ó Choireacht (Leasú) 2023 a chuirfidh go mór leis an mbealach ina ndéanann an Biúró a shainchúram reachtúil a chomhlíonadh.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom an deis seo a thapú chun buíochas a ghabháil le pearsanra uile an Bhiúró as a ndúthracht agus a gcuid oibre chrua. Ba mhaith liom freisin fáilte a chur roimh an bpearsanra nua a tháinig isteach sa Bhiúró le bliain anuas agus guím gach rath orthu sa todhcháif.

Is mise, le meas,



MICHAEL GUBBINS
PRÍOMHOIFIGEACH AN BHIÚRÓ

Litir ag cur tuarascáil ó Phríomhoifigeach an Bhiúró ar aghaidh chuig Coimisinéir an Gharda Síochána

Fágadh an leathanach seo bán d'aon ghnó

Réamhrá

Tuarascáil Alt 21

Is í seo an 28^ú Tuarascáil Bhliantúil ar ghníomhaíochtaí an Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla (dá ngairtear "an Biúró" anseo feasta) agus cumhdaítear ann an tréimhse ón 1 Eanáir 2023 go dtí an 31 Nollaig 2023 agus an dá lá sin san áireamh.

Leasaíodh an tAcht fán mBiúró um Shócmhainní Coiriúla, 1996 agus an tAcht um Fháltais ó Choireacht 1996 araon, go háirithe tríd an Acht um Fháltais ó Choireacht (Leasú), 2005.

Chun críche na tuarascála seo, tabharfar "An tAcht CAB" anseo feasta ar an Acht fán mBiúró um Shócmhainní Coiriúla 1996 agus 2005 agus tabharfar "An tAcht PoC" anseo feasta ar An Acht um Fháltais ó Choireacht 1996 go 2016. Soláthraíonn an tAcht CAB teideal comhchoiteann leasuithe a rialaíonn cumhachtaí agus feidhmeanna an Bhiúró.

Ullmhaítear an tuarascáil seo de bhun alt 21 den Acht CAB lena gceanglaítear ar an mBiúró tuarascáil a thíolacadh, trí Choimisinéir an Gharda Síochána, don Aire Dlí agus Cirt ag cur síos ar a ghníomhaíochtaí i rith na bliana 2023.

Réamhrá

Fágadh an leathanach seo bán d'aon ghnó

Cuid a hAon

Forbhreathnú ar an mBiúró um Shócmhainní Coiriúla, a Oifigigh agus a Fhoireann

An Biuró

Ar 15^ú Deireadh Fómhair 1996, bunaíodh an Biúró go foirmiúil le hachtú an Achta CAB. Foráiltear le hAcht CAB do (i measc nithe eile):

- cuspóirí An Bhiúró;
- feidhmeanna An Bhiúró;
- Príomhoifigeach an Bhiúró;
- Oifigigh an Bhiúró;
- foireann an Bhiúró;
- Oifigeach Dlí an Bhiúró;
- neamhainmníocht fhoireann an Bhiúró;
- cionta agus pionóis as foireann an Bhiúró agus a dteaghligh a aithint;
- cionta agus pionóis mar gheall ar bhac agus imeaglú;
- Barántais chuardaigh CAB;
- Orduithe táirgeachta CAB.

Rialachas

Ciallaíonn struchtúr idirghníomhaireachta agus ildisciplíneach an Bhiúró, mar aon lena chonairí rialachais agus freagrachta ildisciplíneacha, nach dtagann an Biúró faoin sainmhíniú traidisiúnta ar Chomhlacht Stáit de réir bhrí an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú.

Cuireann an Biúró, áfach, an Cód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit i bhfeidhm mar atá oiriúnaithe dá struchtúr.

Toisc nach bhfuil aon Bhord ag an mBiúró, glacann Príomhoifigeach an Bhiúró agus an Fhoireann Ardbhainistíochta ról an Bhoird, chomh

maith lena gcuid feidhmeanna feidhmiúcháin a chomhlíonadh.

Leagann an Biúró a chuspóirí agus a ghealltanais don bhliain ina Phlean Gnó bliantúil 2023. Tugadh aird sa phlean seo ar Ráiteas Straitéise 2020-2023.

Síníodh Comhaontú Maoirseachta idir an Biúró agus an Roinn Dlí agus Cirt agus clúdaíonn sé an tréimhse 2023 – 2025. Leagtar amach sa Chomhaontú seo an creat leathan rialachais agus freagrachta ina bhfeidhmíonn an Biúró agus sainmhínítear ann na príomhróil agus na príomhfhreagrachtaí atá mar bhonn agus taca leis an gcaidreamh idir an Biúró agus an Roinn. Tá Comhaontú Maoirseachta an Bhiúró ar fáil ag www.justice.ie.

Síníodh Comhaontú Seachadta Feidhmíochta éagsúil ach gaolmhar don bhliain 2023 agus is féidir breathnú air ag www.justice.ie.

Soláthraíonn Aonad Iniúcháireachta Inmheánaí na Roinne Dlí agus Cirt tacaíocht don Bhiúró chun monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtacht shocruithe an Bhiúró maidir le rialachas, bainistíocht riosca agus rialú inmheánach.

Déanann an tAonad Iniúcháireachta Inmheánaí iniúchadh neamhspleách ar nósanna imeachta agus ar phróisis an Bhiúró ar bhonn bliantúil.

Cuid a hAon

Forbhreathnú ar an mBiúró um Shócmhainní Coiriúla, a Oifigigh agus a Fhoireann

Thionóil an Biúró aon Chruinniú Déag (11) den Fhoireann Ardbhainistíochta, ceithre Chruinniú (4) den Choiste Iniúcháireachta agus Riosca agus dhá Chruinniú (2) den Choiste Rialachais le linn 2023.

Cúrsaí Comhshaoil, Aeráide Agus Fuinnimh

Mar a leagadh amach i gceanglais Straitéis Éifeachtúlachta Fuinnimh na hEarnála Poiblí 2017, cheap Príomhoifigeach an Bhiúró an Bleachtair Ceannfort Seamus Dalton mar Oifigeach Feidhmíochta Fuinnimh don Bhiúró.

Leanfaidh An Biúró de bheith ag glacadh páirte, ag dul chun cinn, ag cur chun cinn agus ag tuairisciú ar gach tionscnamh i ndáil le cúrsaí comhshaoil agus fuinnimh faoi dheireadh na bliana de réir I. R. 426 de 2014 (Rialacháin An Aontais Eorpaigh (Éifeachtúlacht Fuinnimh)).

Le linn 2023, rinne an Biúró roinnt tionscnamh atá tíosach ar fhuinneamh lena n-áirítear:

- Fuarthas réidh le roinnt feithiclí níos sine as an bhflít CAB agus cuireadh feithiclí níos nua-aimseartha a bhí tíosach ar bhreosla ina n-áit, lena n-áirítear feithiclí hibrideacha a cheannach
- Ríomhairí pearsanta atá tíosach ar fhuinneamh a leathnú amach chuig 25% den phearsanra

Thug an Biúró “Follow Me Printing” isteach in 2023 do gach ball foirne a

bhfuil rochtain svaidhpeála acu. Laghdaíodh úsáid páipéir agus fuarthas réidh le go leor printéirí pearsanta mar thoradh air seo.

Éagsúlacht & Cuimsiú

Tá an Biúró tiomanta d'ionad oibre éagsúil, uilechuimsitheach agus cothrom a chothú ina mbraitheann gach fostaí go bhfuil meas orthu agus ina mbíonn deis acu barr cumais a bhaint amach. Creidimid go spreagann lucht saothair éagsúil nuálaíocht agus go bhfuil ról lárnach aige inár rathúlacht. Tuigeann an Biúró gur aistear é seo agus tá sé tiomanta d'fheabhsú agus d'fhoghlaim leanúnach.

Ceartha Daonna

Bunaítear le hAlt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014 dualgas dearfach ar chomhlachtaí poiblí aird a thabhairt ar an ngá atá ann deireadh a chur le hidirdhealú, comhionannas a chur chun cinn agus ceartha daonna na foirne agus na ndaoine dá gcuirtear seirbhísí ar fáil a chosaint.

Tá an Biúró tiomanta do na luachanna seo a léiriú agus a mhisean á chomhlíonadh aige agus na hoibleagáidí sin a chomhlíonadh ina chuid idirghníomhaíochtaí uile le daoine aonair, le heagraíochtaí agus le páirtithe leasmhara araon.

Tá oiliúint faighte ag baill an Bhiúró maidir le cur i bhfeidhm dualgas na

hearnála poiblí trí oiliúint a chuir Ollscoil Luimnigh ar fáil.

Airgeadas

I gcaitheamh na bliana, chaith an Biúró airgead a chuir an tOireachtas ar fáil dó, tríd an Aire Dlí agus Cirt, chun a chuspóirí reachtúla a bhaint amach.

Déanann an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste iniúchadh ar an airgead go léir a sholáthraíonn an tOireachtas mar a leagtar amach sa tábla é, mar a fhoráiltear faoi Reacht.

[Comparáid idir an Buiséad agus an Caitechas do na blianta 2022 / 2023](#)

Bliain	Cur síos	Méid €	
		Buiséad Soláthar	Iomlán Caite
2022	Pá	9.157	7.961
	Neamhphá	1.701	1.869
	Iomlán	10.858	9.830
2023*	Pá	9.522	8.857
	Neamhphá	1.701	1.927
	Iomlán	11.223	10.784

* Ag feitheamh ar Iniúchadh – Faoi réir Athraithe

Cuspóirí agus Feidhmeanna

Tá cuspóirí agus feidhmeanna An Bhiúró leagtha amach faoi seach in ailt 4 agus 5 den Acht CAB. Tá na cuspóirí agus na feidhmeanna reachtúla seo leagtha amach ina n-iomláine in Aguisín A agus féadfar achoimre a dhéanamh orthu mar:

1. Fáltais iompair choiriúil a aithint agus a imscrúdú;
2. Na gníomhartha cuí a dhéanamh faoin dlí chun tairbhí sócmhainní ar fáltais ó iompar choiriúil iad, a shéanadh agus a bhaint de dhaoine trí na sócmhainní sin a chalcadh, a chaomhnú agus a choigistiú;
3. Gach gníomh riachtanach a dhéanamh faoi na hAchtanna loncainm lena chinntiú go gcuirtear na fáltais ó ghníomhaíocht choiriúil faoi réir cánach;
4. Éilimh faoi na hAchtanna Leasa Shóisialaigh a imscrúdú agus a chinneadh.

Príomhoifigeach an Bhiúró

Tá Príomhoifigeach an Bhiúró i gceannas ar an mBiúró, arna cheapadh ag Coimisinéir an Gharda Síochána as measc chomhaltaí de chéim an Ard-Cheannfoirt. Is é Michael Gubbins Príomhoifigeach reatha an Bhiúró a ceapadh ar 5^ú Bealtaine 2020.

Tá freagracht fhoriomlán ar Phríomhoifigeach an Bhiúró, faoi alt 7 den Acht CAB, as bainistíocht, rialú agus riarachán ginearálta an Bhiúró. Tá Príomhoifigeach an Bhiúró freagrach do Choimisinéir an Gharda Síochána as feidhmeanna an Bhiúró a chomhlíonadh.

Tá Príomhoifigeach an Bhiúró freagrach freisin d'Ard-Rúnaí na Roinne Dlí agus Cirt maidir le nithe a thagann chun cinn don Ard-Rúnaí mar Oifigeach Cuntasaíochta don Bhiúró.

Cuid a hAon

Forbhreathnú ar an mBiúró um Shócmhainní Coiriúla, a Oifigigh agus a Fhoireann

Foráiltear leis an gcuid seo freisin go gceapfar Príomhoifigeach Gníomhach an Biúró chun feidhmeanna an Phríomhoifigeach an Bhiúró a chomhlíonadh i gcás éagumais trí bhreiteacht, neamhláithreacht nó eile.

Oifigeach Dlí an Bhiúró

Tuairiscíonn Oifigeach Dlí an Bhiúró go díreach do Phríomhoifigeach an Bhiúró agus ceaptar é faoi alt 9 den Acht CAB chun cabhrú leis an mBiúró a chuspóirí agus a fheidhmeanna a bhaint amach. Is é Kevin McMeel Oifigeach Dlí reatha an Bhiúró a ceapadh ar 19 Iúil 2019.

Comhlacht Corparáideach

Is comhlacht corparáideach neamhspleách é an Biúró da bhforáiltear in alt 3 den Acht CAB. Bhreithnigh an Ard-Chúirt stádas an Bhiúró den chéad uair i 1999 i gcás *Murphy-V-Flood* [1999] IEHC 9.

Thug an Breitheamh McCracken breithiúnas na Hard-Chúirte ar 1^ú iúil 1999. Tá an breithiúnas seo rithábhachtach chun nádúr an Bhiúró a thuiscint.

Leag an chúirt amach:

"Bunaítear an CAB mar chomhlacht corparáideach le comharbas suthain. Cé go gcaithfear Príomhoifigeach an Bhiúró a cheapadh ó chomhaltaí an Gharda Síochána de chéim an Ard-Cheannfoirt, mar sin féin tá an CAB neamhspleách ar an nGarda Síochána, cé go bhfuil go leor de na cumhachtaí a thugtar don chomhlacht sin de ghnáth aige.

...

Is créatúr Reachta é an CAB, ní brainse den Gharda Síochána é. Bhunaigh an tOireachtas é mar chomhlacht corparáideach príomhúil chun a chinntiú nach mbainfeadh daoine leas as aon sócmhainní a fhaigheann siad ó aon ghníomhaíocht choiriúil.

Tugtar cumhacht dó gach gníomh riachtanach a dhéanamh maidir le sócmhainní a thagann ó ghníomhaíocht choiriúil a urghabháil agus a urrú, cumhachtaí áirithe chun a chinntiú go bhfuil fáltais na gníomhaíochta sin faoi réir cánach, agus freisin i ndáil leis na hAchtanna Leasa Shóisialaigh. Ní comhlacht ionchúisimh é, áfach, agus ní údarás póilíneachta é. Is údarás imscrúdaithe é a dhéanann iarratas chuig an gCúirt ar chúnamh chun a chuid feidhmeanna a fhorfheidhmiú, tar éis dó imscrúdú a dhéanamh agus úsáid a bhaint as a chumhachtaí suntasacha imscrúdaithe.

Nuair a bhunaigh an tOireachtas an CAB, rinne siad amhlaidh agus iad den tuairim shoiléir go raibh sé chun leas an phobail comhlacht a bhunú a bheadh neamhspleách ar an nGarda Síochána, agus a ghníomhódh ar bhealach imscrúdaitheach.

É sin ráite, ní chreidim gurb ionann é agus an Garda Síochána, a dhéanann imscrúduithe d'fhonn ciontóirí a ionchúiseamh. Déanann an CAB imscrúdú ar mhaithe le sócmhainní a fuarthas mar thoradh ar ghníomhaíochtaí coiriúla a fháil agus, ar deireadh thiar, na sócmhainní sin a íoc [leis] an Stát."

Struchtúr an Bhiúró

Tá sé de bhuntáiste ag struchtúr idirghníomhaireachta agus ildisciplíneach an Bhiúró, a tharraingíonn tacair scileanna éagsúla le chéile ón bpearsanra atá i gceist, cumais imscrúdaithe a fheabhsú chun sainchúram reachtúil an Bhiúró a bhaint amach.

Leagtar amach feidhmeanna an Bhiúró, a oibríonn tríd Oifigigh an Bhiúró, faoi alt 5 Den Acht CAB ina sonraítear feidhmeanna an Bhiúró.

Oifigigh agus Foireann an Bhiúró

Foráiltear le halt 8 den Acht CAB go ndéanfar oifigigh an Bhiúró a cheapadh. Ceaptar baill foirne an Bhiúró faoi alt 9 den Acht CAB.

Is iad seo a leanas oifigigh an Bhiúró:

- A. Baill an Gharda Síochána;
- B. Oifigigh na gCoimisinéirí Ioncaim;
- C. Oifigigh na Roinne Coimirce Sóisialaí.

Tá oifigigh ar shaoire speisialta óna máthairghníomhaireachtaí. Tá cumhachtaí agus dualgais oifige fós ag Oifigigh an Bhiúró d'ainneoin iad a bheith ceaptha mar Oifigigh an Bhiúró.

Is iad seo a leanas baill foirne an Bhiúró:

- Oifigeach Dlí an Bhiúró;
- Baill ghairmiúla agus theicniúla;
- Baill riaracháin.

Is é an leibhéal foirne údaraithe ag an mBiúró, lena n-áirítear Oifigigh an Bhiúró agus pearsanra eile, ná céad a haon (101).

Tar éis aistrithe, ardú céime, agus baill foirne ag dul ar scor in 2023, bhí cúig fholúntas déag (15) foirne ag an mBiúró amhail an 31^ú Nollaig 2023.

I measc na bhfolúntas seo tá:

- 1 x Speisialtóir Fóirínseach Digiteach
- 1 x Cuntasóir Fóirínseach an Bhiúró
- 1 x Príomhoifigeach Cúnta (RCS)
- 1 x Ardoifigeach Feidhmiúcháin (RCS)
- 5 x Bleachtaire Garda
- 6 x Foireann Riaracháin

Leibhéil Údaraithe Foirne

Leibhéil údaraithe idirghníomhaireachta & ildisciplíneacha

	53
	8
	23
	17

Cuid a hAon

Forbhreathnú ar an mBiúró um Shócmhainní Coiriúla, a Oifigigh agus a Fhoireann

Tá an Biúró i dteagmháil leis na comhlachtaí ábhartha agus táthar ag súil go líonfar na folúntais seo faoi Ráithe 1, 2024.

Neamhainmníocht

Soláthraíonn alt 10 den Acht CAB cosaint áirithe i bhfoirm neamhainmníochta d'Oifigigh an Bhiúró nach de chuid an Gharda Síochána iad agus do bhaill foirne an Bhiúró.

Faoin alt seo, comhlíonann oifigigh agus foireann an Bhiúró a ndualgais in ainm an Bhiúró.

Forálann Alt 11 den Acht CAB do chionta coiriúla a bhaineann le hOifigigh áirithe an Bhiúró, baill foirne agus a dteaghlaigh a shainaithe. Ní bhaineann an toirmeasc ar shainaithe le Príomhoifigeach an Bhiúró, le Príomhoifigeach Gníomhach an Bhiúró, le hOifigeach Dlí an Bhiúró ná le hOifigigh an Bhiúró ar comhaltaí den Gharda Síochána iad.

An Oifig um Fhaisnéis agus Measúnú

Is feidhm lárnach den Bhiúró í an Oifig um Fhaisnéis agus Measún (IAO) agus déanann Oifigigh an Bhiúró ó gach gníomhaireacht laistigh den Bhiúró seirbhís uirthi. Is é an sainchúram atá air gach atreorú a thagann isteach a thriáiseáil.

Faigheann an Biúró comhfhreagras ó fhoinsí éagsúla, Tuarascálacha Dea-Shaoránaigh, Próifílí Sócmhainní Rannáin, faisnéis ó ghníomhaireachtaí

Stáit agus leathstáit agus ó na hearnálacha eagraíochta príobháideacha agus neamhrialtasacha araon.

Déantar measúnú ar gach aighneacht chuig an mBiúró ag an IAO. Áirítear leis seo tuarascálacha cúlra a ullmhú chun próiseas cinnteoireachta an Ghrúpa Iontrála a chur ar an eolas maidir le cé acu an gcomhlíonann nó nach gcomhlíonann an duine aonair/cuideachta a ndéantar measúnú air na critéir atá le sannadh mar sprioc CAB.

Déanann an Grúpa Iontrála, arna sheirbhísiú ag bainistíocht gach gníomhaireachta, cinntí chun glacadh leis an duine aonair/cuideachta mar sprioc CAB nó é a dhiúltú. Má ghlactar leo mar spriocanna, sannfar iad do sheomra foirne le haghaidh imscrúdaithe ilghníomhaireachta.

Soláthraíonn an IAO faisnéis leanúnach agus tacaíocht oibríochtúil d'fhoirne imscrúdaithe an Bhiúró trí shaincheisteanna ábhartha a shainaithe laistigh den raon leathan reachtaíochta faoina bhfeidhmíonn an Biúró.

Ó cruthaíodh AN IAO, tá méadú suntasach tagtha ar spriocanna ó 500 in 2016 go dtí os cionn 1,448 in 2023.

Bíonn an Biúró, tríd an IAO, i dteagmháil lenár gcomhpháirtithe idirnáisiúnta lena n-áirítear Europol, Interpol, Lónra Idirghníomhaireachta um Aisghabháil Sócmhainní Camden (CARIN), Oifig na Náisiún Aontaithe i

leith Drugaí agus Coireachta (UNODC) agus an Líonra um Aisghabháil Sócmhainní (ARO).

Fuarthas nócha (90) iarratas tríd an Líonra Aisghabhála Sócmhainní in 2023 ó ocht dtír dhéag (18) agus seoladh tríocha a ceathair (34) iarratas.

Déanann an Biúró, tríd an IAO, fiosrúcháin ar leibhéil náisiúnta agus idirnáisiúnta araon chun tacú le hoibríochtaí leanúnacha.

Tuarascálacha Dea-Shaoránaigh

Faigheann an Biúró faisnéis ó bhaill den phobal ar bhealaí éagsúla, .i. ríomhphost, i scríbhinn nó trí ghlaogutháin, bíodh sé ó údar/glaoteoir féin-aitheanta nó trí Thuarascáil Dea-Shaoránaigh.

Tá suim ag an mBiúró in aon fhaisnéis maidir le saibhreas gan mhíniú a bhfuil amhras ann go bhféadfadh sé a bheith nasctha, go díreach nó go hindíreach, le coiriúlacht nó le duine atá ag maireachtáil thar a acmhainn nó atá ag baint tairbhe go hábhartha as fáiltais na coireachta. Déileáiltear go hiomlán faoi rún leis an bhfaisnéis a thugann baill den phobal.

Déantar an fhaisnéis seo a mheas ag an IAO chun a fháil amach an dtagann an fhaisnéis a sholáthraítear laistigh de shainchúram an Bhiúró.

Is féidir faisnéis a sholáthar don Bhiúró trí roinnt ardán éagsúil atá liostaithe thíos:

- Ar an teileafón ar 00 353 1 6663266
- Trí ríomhphost ag info@cab.ie
- Tríd an bpost (An Biúró Um Shócmhainní Coiriúla, Teach Walter Scott, An Bóthar Míleata, Baile Átha Cliath 8, D08 HE2P)
- Facebook: [@CriminalAssetsBureau](https://www.facebook.com/CriminalAssetsBureau)
- X: [@criminalassets](https://twitter.com/criminalassets)
- Instagram: [@criminalassetsbureau](https://www.instagram.com/criminalassetsbureau)

I rith 2023, fuair an Biúró dhá chéad caoga a naoi (259) Tuarascáil Dea-shaoránaigh.

An Oifig Bainistíochta Sócmhainní

Bunaíodh an Oifig Bainistíochta Sócmhainní (AMO) in 2017 chun na sócmhainní go léir atá faoi rialú an Bhiúró a bhainistiú.

Mar gheall ar an raon ilghnéitheach sócmhainní a bhfuil an Biúró freagrach astu, is gá méid suntasach acmhainní a chur ar fáil. Déantar gach sócmhainn a bhainistiú chun a luach a choinneáil, chun oibleagáidí dlíthiúla an Bhiúró a chomhlíonadh agus chun a chinntiú go mbaintear an luach is fearr amach nuair a chuirtear ar aghaidh chuig an Státchiste é.

Ceanglaítear leis an Acht PoC go gcoinneofar sócmhainn (nó a luach réadaithe) ar feadh tréimhse seacht mbliana tar éis chinneadh na hArd-Chúirte (mura bhfaightear comhaontú ó na páirtithe lena mbaineann lena dhiúscairt láithreach).

Go praiticiúil, is féidir leis an tréimhse seo a bheith i bhfad níos faide mar

Cuid a hAon

Forbhreathnú ar an mBiúró um Shócmhainní Coiriúla, a Oifigigh agus a Fhoireann

gheall ar achomhairc agus dúshláin a bhaineann le horduithe den sórt sin. I gcás sócmhainní áirithe, amhail réadmhaoín, d'fhéadfadh acmhainní leanúnacha a bheith i gceist leis seo chun an réadmhaoín a chothabháil, lena n-áirítear i gcásanna áirithe, an Biúró ag gníomhú mar thiarna talún.

Chomh maith le sócmhainní inláimhsithe atá coinnithe ag an mBiúró, tá sócmhainní suntasacha ann freisin maidir le dliteanais gan íoc don Bhiúró faoi na hAchtanna Ioncaim agus Leasa Shóisialaigh.

Déanann an AMO na fiacha seo a bhainistiú freisin d'fhonn a luach a bhaint amach. Soláthraíonn an oifig seo leibhéal rialachais níos airde do shócmhainní atá faoi rialú an Bhiúró.

Eastát réadach arna bhainistiú ag an mBiúró

TÁ AMO freagrach as bainistíocht agus rialú sócmhainní arna n-urghabháil ag an Biúró de bhun orduithe a dhéantar faoin Acht PoC. Cabhraíonn an OMB leis an nGlacadóir atá ceaptha ag an gcúirt chun a f(h)eidhm a chomhlíonadh faoi alt 7 den Acht PoC.

Is éard atá i gceist le bainistíocht, monatóireacht agus rialú sócmhainne ná an tsócmhainn a chothabháil ón am a thógtar i seilbh an Bhiúró í (trí urghabháil nó ordú cúirte) agus luach agus riocht na sócmhainne a chaomhnú go dtí go ndéantar í a dhiúscairt.

TÁ an AMO freagrach as seilbh a ghlacadh ar an réadmhaoín, í a

iniúchadh agus a dhaingniú ar an dáta a shonraítear san odú cúirte ábhartha.

Socraíonn an AMO go ndéanfar na hoibreacha riachtanacha .i., cothabháil, suiteáil aláram ionraidh, iniúchadh ar Dheimhniú BER agus luacháil ag ceantálaí.

Diúscairt Sócmhainní AMO

D'fhonn an luach is fearr a bhaint amach maidir le haon sócmhainn a dhiúscairt, úsáideann an Biúró saineolaithe tionscail na hearnála príobháidí chun comhairle a thabhairt agus chun sócmhainní a dhiúscairt trí cheant agus / nó díolacháin chonarthaí príobháideacha.

Díolacháin Réadmhaoine

Mar gheall ar an méadú ar leibhéal foirne sa Rannóg Sócmhainní Coiriúla, tá méadú suntasach tagtha ar dhíolacháin réadmhaoine sa Bhiúró. In 2023, rinne an Biúró dhá cheann déag (12) réadmhaoín a chur chun cinn agus a dhíol ar fud na tíre, rud a thug breis agus €2.6m in ioncam.



An taobh amuigh den réadmhaoín




An taobh istigh den réadmhaoin

An Chéad Cheant Poiblí ar Líne de chuid CAB

Reáchtáil an Biúró a chéad cheant ar líne a fógraíodh go poiblí ina raibh os cionn céad (100) earra só ardluacha coigistithe lena n-áirítear uaireadóirí, seodra, barraí óir agus earraí dearthóra.

Tharraing sócmhainní an Bhiúró aird ar líne ó gach cearn den domhan, le breis agus 762k amharc ar an leathanach gréasáin ar leith.

Bhí an ceant ar siúl ar feadh ceithre lá ón 1 nollaig 2023 – 4 Nollaig 2023 agus fuarthas cuid mhór clúdach sna meáin. Fuair an Biúró €446k san iomlán ó dhíol na sócmhainní ceantáilte.



Rogha de na sócmhainní a díoladh ag ceant

Dúirt Príomhoifigeach an Bhiúró, Michael Gubbins, ag seoladh an cheant go bhfuil gach earra atá á cheant fíordheimhnithe go hiomlán agus na glanfháltais á gcur ar ais chuig an Státchiste.



Rogha de na sócmhainní a díoladh ag ceant

Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit

Soláthraíonn An Rannóg Sócmhainní Coiriúla (dá ngairtear "CAS" anseo feasta) de chuid Oifig An Phríomh-Aturnae Stáit seirbhís tiomnaithe dlí don Bhiúró agus tá sé comhshuite go sainiúil lena chliant.

Soláthraíonn CAS seirbhísí dlí ar gach gné d'obair an Bhiúró lena n-áirítear ach gan a bheith teoranta dóibh seo a leanas:

- Iarratais de bhun an Achta PoC arna leasú agus achomhairc ghaolmhara.
- Ionadaíocht dhlíthiúil do chúrsaí cánach agus leasa shóisialaigh uile an Biúró os comhair a gcomhlachtaí achomhairc faoi seach agus sna Cúirteanna Cuarda agus Uachtaracha ar aon.

Cuid a hAon

Forbhreathnú ar an mBiúró um Sócmhainní Coiriúla, a Oifigigh agus a Fhoireann

- Tíolacadh agus idirbhearta réadmhaoine tráchtála.
- Cásanna dlí sibhialta eile lena n-áirítear Athbhreithniú Breithiúnach agus ábhair lomlánacha.

Tá Leas-Phríomh-Aturnae Stáit Cúnta i gceannas ar an rannóg agus tá foireann an CAS comhdhéanta d'fhoireann dlí agus riaracháin atá ag obair le chéile agus iad ag iarraidh tacú le riachtanais seirbhíse dlí an Bhiúró.

Ó mhí na Bealtaine 2022, bhí líon na foirne Leas-Phríomh-Aturnae Stáit Cúnta amháin (1), deichniúr (10) Aturnae Stáit (beirt ag Ardghrád an Aturnae Stáit), Ardfeidhmeannach Dlí amháin (1), Oifigeach Feidhmiúcháin amháin (1), agus cúigear (5) Oifigeach Cléireachais i measc líon na foirne údaraithe de CAS.

Ag deireadh 2023, tar éis aistrithe agus arduithe céime, ba é an líon foirne foriomlán laistigh den CSSO ná dhá cheann déag (12). Táthar ag súil go líonfar gach folúntas i 2024.

Aithníonn CAB le buíochas an méadú atá tagtha ar líon na foirne sa rannóg ag an CSSO, rud a léiríonn go bhfuilimid ag tabhairt tosaíochta leanúnach don réimse oibre seo i gcomhpháirt. Ceadóidh an méadú ar an bhfoireann aschur níos mó cásanna in 2024.



Próifíleoirí Rannacha um Sócmhainní

Eagraíonn agus stiúránn an IAO oiliúint ar Phróifíleoirí Rannacha um Sócmhainní de réir phlean straitéiseach an Bhiúró. Tacaíonn agus nascann an IAO leis na Próifíleoirí Rannacha um Sócmhainní atá oilte go háitiúil chun próifílí a fháil ar dhaoine a chuirtear isteach le haghaidh measúnaithe.

In 2023, lean an Biúró lena chlár rannpháirtíochta le Próifíleoirí Rannacha um Sócmhainní. I mí Aibreáin 2023, chuir an Biúró cúrsa oiliúna lae ar fáil do tríocha a cúig (35) Próifíleoir Rannach um Sócmhainní breise, ag comhlíonadh a ghealltanais maidir le Comhaontú Seachadta Feidhmíochta.

Ag deireadh na bliana, ba é líon iomlán na bPróifíleoirí Rannacha um Sócmhainní oilte ná sé chéad agus a seacht (607), lena n-áirítear:

- 580 Garda Síochána
- 19 Oifigeach de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim atá ag gabháil do dhleachtanna Custam agus Máil;
- 8 Oifigeach de chuid na Roinne Coimirce Sóisialaí

In 2023, fuarthas caoga cúig (55) próifíl sócmhainne ó Phróifíleoirí Rannacha um Sócmhainní ar fud na hÉireann.

Coinníodh teagmháil leanúnach agus dlúthchomhar go Réigiúnach agus go Rannach i rith 2023.

Leanann an Biúró ar aghaidh ag feidhmiú dea-chleachtais i réimse an fhorghéillte shibhialta ar shócmhainní coiriúla nach bhfuil bunaithe ar chiontú. Déanann an Biúró taighde freisin ar dhea-chleachtas a shainaithníonn cúrsaí agus comhpháirtithe a mhéadaíonn eolas agus a chabhraíonn le forbairt ghairmiúil leanúnach na foirne a leithdháiltear go díreach ar an mBiúró agus iad siúd atá oilte mar Phróifíleoirí Rannacha um Sócmhainní.

Is samplaí iad na cásanna seo a leanas d'imscrúduithe Biúró a d'éascair as Próifíleoir Rannach um Sócmhainní:

Cás 1:

Cuireadh tús le himscrúdú ag an mBiúró tar éis próifíl a fháil ó Phróifíleoir Rannach um Sócmhainní Oilte a oibríonn i limistéar DMR Thoir.

Le linn an imscrúdaithe rinne an Biúró nasc idir na freagróirí, ar baill d'aonad teaghlaigh iad, le tromchoireacht, is é sin buirgléireacht, sciúradh airgid agus cionta eile a bhain le gadaíocht. Rinne an t-imscrúdú nasc freisin idir an t-aonad teaghlaigh agus coiriúlacht a rinneadh go hidirnáisiúnta inar úsáid siad teicnící mídhleathacha sofaisticiúla éagsúla chun dul isteach/iarracht a dhéanamh dul isteach i ndlínsí eachtracha.

Tá ciontuithe faighte ag baill den aonad teaghlaigh as cionta tromchoireachta lena n-áirítear cionta buirgléireachta agus coireachta eagraithe.

I mí na Nollag 2023, cheadaigh an Ard-Chúirt orduithe de bhun alt 2 den Acht PoC ar daichead a haon (41) sócmhainn ar luach measta €800,000 lena n-áirítear:

- láithreán forbartha
- níos mó ná €330,000 i seilbh institiúidí airgeadais
- €12,080 in airgead tirim
- AUS \$4,000 in airgead tirim
- Feithicil BMW
- 2 uaireadóirí Rolex
- Seodra
- Earraí só eile

Cás 2:

Rinne Próifíleoir Rannach um Sócmhainní i Réigiún an Deiscirt an cás seo a tharchur chuig an mBiúró. Coirpeach gairme agus déileálaí drugaí a bhí sa duine seo le ciontuithe tromchúiseacha as dúnorgain agus seilbh arm tine.

Cheadaigh an Ard-Chúirt orduithe de bhun alt 2 agus alt 3 den Acht PoC ar na sócmhainní seo a leanas:

- Réadmhaoin i gContae Chorcaí
- €8,950 in airgead tirim
- €60,000 i seilbh institiúidí airgeadais

Agus é seo á scríobh, tá an cás fós ar siúl.


Cuid a hAon

Forbhreathnú ar an mBiúró um Shócmhainní Coiriúla, a Oifigigh agus a Fhoireann


Geographical Distribution of Targets under investigation by the Criminal Assets Bureau (Persons & Organisations - end December 2023)

Total: 1448

Map 1: Targets of CAB by Garda Division (Excluding Dublin Metropolitan Region)



Map 2: Targets of CAB by Garda Division – Dublin Metropolitan Region



CRIMINAL ASSETS BUREAU

An Biúro um Shócmhainní Coiriúla
Teach Walter Scott
An Bóthar Míleata, D08 PTX6, Éire

Criminal Assets Bureau
Walter Scott House
Military Road, D08 PTX6, Ireland

Oiliúint agus Forbairt

Fáltais ó Imscrúdú Coireachta & Sócmhainne (POCAI)

Tá struchtúr ilghníomhaireachta an Bhiúró fós ar cheann d'uirlisí cumhachtacha an Stáit chun dul i ngleic le grúpaí coireachta eagraithe agus le gníomhaíocht choiriúil.

Mar chuid dá fheidhm reachtúil fhorordaithe, cuireann an Biúró cúnaimh agus oideachas náisiúnta agus idirnáisiúnta ar fáil faoi láthair do ghníomhaireachtaí forfheidmithe dlí/rialála eile agus do chomhlachtaí Stáit lena n-áirítear Interpol, Europol, an Ghníomhaireacht Náisiúnta Coireachta (NCA), Ghníomhaireachtaí Forfheidmithe Dlí na hAstráile, na hÍoslainne, na Máltaise & na Saimbia. Meastar anois go bhfuil creidiúnú ábhair sa réimse seo ríthábhachtach chun seirbhís éifeachtach agus ghairmiúil a sholáthar, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.

Bhunaigh an Biúró, in éineacht le hOllscoil Luimnigh, cáilíocht atá aitheanta go hacadúil ag Creidiúnú Leibhéal 9, agus seoladh é i mí Feabhra 2020. Is clár luathaithe é an Diplóma Iarchéime i bhFáltais ó Choireacht & Imscrúdú Sócmhainní agus tá sé roinnte i gcúig mhodúl foghlama.

Reachtáladh an cúrsa le tacaíocht ó shaineolaithe ábhair laistigh den Bhiúró agus ó shaineolaithe seachtracha i réimsí mar nósanna imeachta fáltais ó choireacht, coireacht an bhóna bháin, breabaireacht agus

éilliú, fianaise agus comhar idirnáisiúnta.

Cuireadh tús leis an gceathrú cúrsa, a cuireadh ar fáil ar líne agus i bpearsa, i bhfómhar na bliana 2023, le hochtar (8) rannpháirtí ar an gcúrsa, lena n-áirítear beirt (2) oifigeach forfheidmithe dlí sa tSaimbia ón gCoimisiún Frith-Éillithe agus ón gCoimisiún um Fhorfheidhmiú Drugaí. D'éascaigh Rial Idirnáisiúnta Dlí na hÉireann (IRLI) rannpháirtíocht Oifigigh Forfheidmithe Dlí na Saimbia. Tionscnamh de chuid Dlí-Chumann na hÉireann, Comhairle Bharra na hÉireann, Dlí-Chumann Thuaisceart Éireann agus Comhairle Bharra Thuaisceart Éireann is ea an IRLI, atá tiomanta do rial an dlí a chur chun cinn go hidirnáisiúnta.

I mí Aibreáin 2022, chuir an IRLI tús le clár sa tSaimbia a dhírigh ar dhá phríomhcheist: cuidiú le dul i ngleic leis an éilliú forleathan sa tír agus rochtain ar cheartas a fheabhsú do dhaoine cúisithe gan ionadaíocht i bpríosúin na Saimbia. Ba mhaith leis an mBiúró buíochas a ghabháil leis an mbeirt oifigeach sa tSaimbia as a rannpháirtíocht agus guímid gach rath ar an IRLI agus ar Ghníomhaireachtaí éagsúla na Saimbia sa todhchaí.

Tháinig an tríú cúrsa chun críche in Earrach na bliana 2023 agus ba mhaith linn comhghairdeas a dhéanamh leis an dáréag (12) céimí lena n-áirítear beirt (2) chomhalta ó Phóilíní Cónaidhme na hAstráile (AFP) atá ceangailte leis an Tascfhórsa Coigistiú Sócmhainní Coiriúla (CACT).

Cuid a hAon

Forbhreathnú ar an mBiúró um Shócmhainní Coiriúla, a Oifigigh agus a Fhoireann

Is mian leis an mBiúró buíochas ó chroí a ghabháil le gach duine de na láithreoirí ar an gcúrsa agus go háirithe le Propast agus Leas-Uachtarán Ollscoil Luimnigh, an tOllamh Shane Kilcommíns, Déan Feidhmiúcháin, an Dr. Sandra Joyce, Ceann na Scoile Dlí, an tOllamh Lucy Ann Buckley, an tOllamh Ray Friel, Angela Liddy Uasal agus foireann Ollscoil Luimnigh as a dtacaíocht, a gcomhairle agus a ndíograis lena chinntiú go raibh an clár mar chuid de churaclam 2023.

Oiliúint Foirne

Le linn 2023, lean an Biúró ag uasghrádú agus ag feabhsú riachtanais oiliúna Oifigigh agus fhoireann an Bhiúró. Chuige sin, thacaigh an Biúró le rannpháirtíocht na foirne sna cúrsaí seo a leanas:

- Cáin na hÉireann a Nuashonrú 2023
- Rialachas Corparáideach
- Cosaint sonraí maidir le Forfheidhmiú an Dlí, Oiliúint Dhroichead an Chaisleáin
- Treisiú Scileanna Excel do Chuntasóirí
- Comhionannas agus Cearta an Duine san Earnáil Phoiblí
- Ríomhaireacht fhóiréinseach agus Imscrúdú Cibearchoireachta, UCD
- Foirmle Excel idirmheánacha do Chuntasóirí
- Máistreacht sna hEalaíona in Imscrúdú Tromchoireachta
- NUIX Investigate
- Fáltais ó Imscrúdú Coireachta agus Sócmhainne (POCAI), CAB & Ollscoil Luimnigh

- Treochtaí Teicneolaíochta do Chuntasóirí

Ina theannta sin, reáchtáladh roinnt cruinnithe faisnéise feasachta le linn 2023 d'fhoireann uile an Bhiúró ar ábhair ábhartha lena n-áirítear:

- Cáin Fáltas Caipitiúil
- Baincéireacht Chomhfhreagraí
- Conas a thacaíonn CAS le CAB
- Struchtúr agus ábhar na dTuarascálacha um Imscrúdú ar Fháltas ó Choireacht


Cur i Láthair CAB

Clár Oiliúna do Bhleachtairí

Le linn 2023, chuidigh an Biúró leis an Dámh Oiliúna Coireachta i gColáiste an Gharda Síochána sa Teampall Mór chun Oiliúint do Bhleachtairí a sholáthar. Rinne an Biúró cur i láthair don Chlár Oiliúna do Bhleachtairí Garda cúig (5) huaire le linn 2023 agus ar dhá (2) ócáid eile in 2023 don Chlár Oiliúna do Bhleachtairí Sáirsint.

Cúrsa na nImscrúdaitheoirí Sinsearach

I rith 2023, chuidigh an Biúró leis an Dámh Oiliúna Coireachta agus rinne sé dhá chur i láthair i mí Aibreáin agus i mí Mheán Fómhair 2023 ar Chúrsa na nImscrúdaitheoirí Sinsearach.



Tuarascáil chlúdaigh le haghaidh Cur i Láthair SIO

Airgeadraí Fíorúla

Leanann an Biúró ag cur lena leibhéal eolais agus cumas imscrúdaithe i réimse na criptea-airgeadraí agus a n-úsáid in iompar coiriúil ar fud an domhain. Trína chuid imscrúduithe, tá roinnt urghabhálacha déanta ag an mBiúró ar chineálacha éagsúla criptea-airgeadraí lena n-áirítear Bitcoin agus Ethereum.

Rinne an Biúró roinnt cur i láthair do ghníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí a ligeann don Bhiúró a chuid eolais sa réimse seo a roinnt agus a fheabhsú agus teagmhálacha saineolaithe domhanda a ghiniúint sa réimse seo a rachaidh chun tairbhe imscrúduithe an Bhiúró amach anseo.

Cur i Láthair Criptea-airgeadraí Comhdháil Idirnáisiúnta ar Mhaoiniú Sceimhlitheoireachta (12/02/2023 – 16/02/2023)

Rinne Oifigeach Biúró an Gharda Síochána cur i láthair ar airgeadraí fíorúla d'imscrúdaitheoirí ag comhdháil idirnáisiúnta dhá lá ar mhaoiniú sceimhlitheoireachta, a d'óstáil an tAonad Speisialta Bleachtairachta, an Garda Síochána i gcomhar le SO15 na Ríochta Aontaithe, Ceannasaíocht

Frithsceimhlitheoireachta, a bhí ar siúl ag Teach Walter Scott ar 15 agus 16 Feabhra 2023.

Bhí an chomhdháil trasearnála seo, ina raibh thart ar 50 rannpháirtí, mar chuid de thionscnamh idir Éire agus an Ríocht Aontaithe chun dul i ngleic le maoiniú sceimhlitheoireachta. Ba é aidhm na comhdhála cur chuige comhoibríoch a

chothú chun bagairtí maoinithe sceimhlitheoireachta agus daoine aonair agus/nó eagraíochtaí ardriosca a shainaitheint agus a chomhrac.

Tionscadal Frith-FinTer (27/02/2023)

Ghlac Oifigeach Biúró an Gharda Síochána páirt i gcúrsa oiliúna ar líne, arna mhaoiniú ag an gCoimisiún Eorpach agus arna óstáil ag Ollscoil Luimnigh ar 27 Feabhra 2023.

Bhí an cúrsa dírithe ar na huirlisí a úsáideann imscrúdaitheoirí maidir leis an nGréasán Dorcha agus criptea-sócmhainní chun grúpaí sceimhlitheoireachta a mhaoiniú agus chun acmhainní a chur ar fáil dá ngníomhaíochtaí.

Dearadh an clár oiliúna ar líne do gheallsealbhóirí forfheidhmithe dlí atá ag gabháil do mhaoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac. Is dúshlán teicniúil deacair é idirbhearta den sórt sin a thuiscint agus a rianú agus éilíonn sé riar scileanna ar leith. Thug an oiliúint seo na scileanna riachtanacha do rannpháirtithe chun oibriú go rathúil i dtimpeallacht an Ghréasáin Dorcha agus na criptea-sócmhainne.



Oiliúint SIO VC, An Teampall Mór (29/03/2023 & 27/09/2023)

Rinne Oifigeach Biúró an Gharda Síochána cur i láthair ar imscrúduithe airgeadra fíorúla do chomhghleacaithe de chuid an Gharda Síochána a ghlac páirt sa chúrsa Dioplóma Iarchéime in

Cuid a hAon

Forbhreathnú ar an mBiúró um Shócmhainní Coiriúla, a Oifigigh agus a Fhoireann

Imscrúdú Tromchoireachta ag Coláiste Oiliúna an Gharda Síochána sa Teampall Mór, Co. Thiobraid Árann ar 29 Márta 2023 agus 27 Meán Fómhair 2023.

An Roinn Dlí agus Cirt – Réamhrá ar Airgeadraí Fíorúla & an Gréasán Dorcha (21/04/2023)

Rinne Oifigeach Biúró an Gharda Síochána cur i láthair dar teideal 'Réamhrá ar Airgeadraí Fíorúla agus an Gréasán Dorcha' don fhoireann agus don bhainistíocht sa Roinn Dlí agus Cirt, 51 Faiche Stiabhna, Baile Átha Cliath 2 ar 21 Aibreán 2023.

9ú Comhdháil Airgeadraí Fíorúla (24/04/2023 go dtí 26/04/2023)

Rinne Oifigeach Biúró an Gharda Síochána ionadaíocht don Bhiúró ag an 9ú Comhdháil Airgeadraí Fíorúla, a reáchtáladh ag Ceannteathrú Europol, An Háig, An Ísiltír ón 24 go dtí 26 Aibreán 2023. Bhí sé mar aidhm ag an gcomhdháil seo an comhar idirnáisiúnta agus an fócas oibríochtúil a neartú tuilleadh i gcoinne mí-úsáid airgeadraí fíorúla, mar shampla Bitcoin, le haghaidh idirbhearta coiriúla agus sciúradh airgid.

Ócáid Oiliúna Imscrúdaitheoirí Cripteasócmhainní Binance (04/09/2023 & 05/09/2023)

D'éagraigh agus ghlac an Biúró páirt in imeacht oiliúna imscrúdaitheoirí cripteasócmhainní dhá lá ar 4 agus 5 Meán Fómhair 2023 ag Teach Walter Scott. Ba é Binance, an soláthraí bonneagair blocshlabhra agus criptea-airgeadra is mó ar domhan, a reáchtáil an ócáid seo, agus d'fhreastail

roinnt oifigeach an Bhiúró air chomh maith le comhghleacaithe ó roinnt Biúró de chuid an Gharda Síochána air.



Deimhniú Gairmiúil Chainalysis Reactor – 19/09/2023 & 20/09/2023

Ghlac Oifigeach Biúró páirt in imeacht oiliúna deimhnithe dhá lá i dTeach Walter Scott ar 19 agus 20 Meán Fómhair 2023. Chuir Chainalysis an t-imeacht seo, a bhí dírithe ar úsáid a bhaint as a mbogearra imscrúdaithe airgeadra fíorúil, Reactor, ar fáil do bhaill an Gharda Síochána.


Dioplóma Iarchéime i bhFáltais ó Choireacht agus Sainaitheint Sócmhainní – 03/10/2023

Chuir Oifigeach Biúró an Gharda Síochána oiliúint ar imscrúdú airgeadra fíorúil ar fáil do mhic léinn an chúrsa Dioplóma Iarchéime i bhFáltais ó Choireacht agus Sainaitheint Sócmhainní atá creidiúnaithe ag Ollscoil Luimnigh ag Ionad Comhdhála Bhaile an Bhaspailigh ar 3 Deireadh Fómhair 2023.

Comhdháil Coireachta Rannach an Gharda Síochána Mhaigh Eo Ros Comáin Longfoirt – 06/12/2023 & 07/12/2023

Rinne Oifigeach Biúró an Gharda Síochána cur i láthair ar imscrúdú airgeadra fíorúil d'imscrúdaitheoirí an Gharda Síochána ag Comhdháil Coireachta Rannach Mhaigh Eo Ros Comáin Longfoirt a reáchtáladh in Óstán Hannon i Ros Comáin ar 6 & 7 Nollaig 2023.

Léaráid: Eagar an Bhiúró



Cuid a hAon

Forbhreathnú ar an mBiúró um Shócmhainní Coiriúla, a Oifigigh agus a Fhoireann

Fágadh an leathanach seo bán d'aon ghnó

Cuid a Dó

Imscrúduithe an Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla

Imscrúduithe

Le linn 2023, lean Oifig an Bhiúró orthu ag feidhmiú na gcumhachtaí agus na ndualgas atá dílsithe dóibh faoi alt 8 den Acht CAB.

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara, cé go gcoimeádann Oifig an Bhiúró na dualgais agus na cumhachtaí a bronnadh orthu de bharr a bpoist roimhe seo ina máthaireagraíochtaí faoi seach, go bhfaigheann siad cumhachtaí nua a bhaineann go sonrach lena ról mar Oifig an Bhiúró. Ina measc seo tá an chumhacht chun na nithe seo a leanas a fháil agus a fhorghníomhú:

1. Barántais chuardaigh CAB de bhun alt 14 den Acht CAB;
2. Orduithe Táirgthe chun ábhar a chur ar fáil don CAB de bhun alt 14A den Acht CAB.

Tá na cumhachtaí seo le fáil in alt 14 agus 14a den Acht CAB, arna leasú.

Rinne an Biúró a chuid imscrúduithe i rith 2023 le comhoibriú agus cúnamh ó phearsanra an Gharda Síochána ó Rannáin an Gharda Síochána agus freisin ó Aonad Náisiúnta an Gharda Síochána atá ceangailte le Coireacht eagraithe agus Thromchoireacht (OSC), Beartaíocht Speisialta agus Ceannasaíocht Oibríochtaí (STOC) agus Seirbhís Náisiúnta Faisnéise Coireachta agus Slándála an Gharda (GNCSIS). Thacaigh Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim le himscrúduithe freisin.

Lean an Biúró ag comhoibriú le hAonaid Imscrúdaithe Speisialta Imscrúdaithe na Roinne Coimirce Sóisialaí maidir lena n-imscrúduithe in 2023. Bhí an cúnamh

leanúnach seo rithábachtach dá rath maidir le díriú ar fháltais iompair choiriúil i rith 2023.

I rith 2023, rinne an Biúró daichead a sé (46) oibríocht chuardaigh [os cionn sprioc an Chomhaontaithe Seachadta Feidhmíochta de thríocha a cúig (35)] lena n-áirítear céad ochtó a hocht (188) cuardach aonair i dhá chontae is fiche (22).

Alt 14

Foráiltear le halt 14 den Acht CAB do bharántais chuardaigh CAB. Faoi alt 14(1), féadfaidh Oifigeach Biúró, atá ina bhall den Gharda Síochána, iarratas a dhéanamh chun na Cúirte Dúiche ar bharántas chun fianaise a bhaineann le sócmhainní nó fáltais a thagann as iompar coiriúil a chuardach.

Feidhmíonn barántas chuardaigh alt 14 trí chead a thabhairt d'Oifigeach Biúró ainmnithe, atá ina chomhalta den Gharda Síochána, in éineacht le daoine eile den sórt a mheasann Oifigeach an Bhiúró a bheith riachtanach, ábhar a chuardach, a urghabháil agus a choinneáil ag an áit ainmnithe.

Is díol suntais é seo sa mhéid is go gceadaíonn sé do chomhalta an Gharda Síochána a bheith in éineacht le cibé daoine eile a mheasann an tOifigeach Biúró a bheith riachtanach, lena n-áirítear daoine atá cáilithe go teicniúil agus/nó go gairmiúil, chun cabhrú leis/léi sa chuardach. Breathnaítear ar na barántais seo mar uirlis thábhachtach a éascaíonn go mór don Bhiúró imscrúduithe a dhéanamh de bhun a shainchúram reachtúil.

Cuid a Dó

Imscrúitithe an Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla

I rith 2023, rinne an Biúró céad daichead a hocht (148) barántas a fhorghníomhú chun díriú ar ghrúpaí coireachta eagraithe.

Baineadh úsáid as barántais alt 14 chun go leor áiteanna cónaithe príobháideacha a chuardach chomh maith le hoifigí gairmiúla agus gnólachtaí eile. Mar thoradh air seo urghabhadh airgead tirim, feithiclí agus earraí dearthóra.



Oibríocht Cuardaigh CAB

Alt 14A

Cuireadh alt 14A isteach leis an Acht PoC 2005. Foráiltear leis an alt seo go ndéanfaidh Oifigeach Biúró, ar comhalta den Gharda Síochána é freisin, iarratas chun na Cúirte Dúiche ar ordú arna dhíriú chuig duine ainmnithe chun ábhar a chur ar fáil d'Oifigeach an Bhiúró.

Baineadh úsáid go príomha as Orduithe Táirgthe alt 14A chun fianaise a fháil ó roinnt institiúidí airgeadais laistigh den Stát. Baineann an t-ábhar a fuarthas le sonraí baincéireachta, agus i mórán cásanna, aistriú suimeanna móra airgid idir cuntais.

Mar thoradh ar an bhfaisnéis a fuarthas, d'éirigh leis an mBiúró an fhianaise seo a úsáid in imscrúitithe leanúnacha ar roinnt daoine a gcreidtear go bhfuil

sócmhainní acu a léiríonn, go díreach nó go hindíreach, fáltais na coireachta.

Le linn 2023, rinne an Biúró trí chéad daichead a cúig (345) ordú a fhorghníomhú de bhun alt 14A.

Iarratais a rinneadh le linn 2023

Leagtar amach sa tábla thíos líon na n-iarratas a rinneadh faoi alt 14 agus 14A den Acht CAB, arna leasú.

Iarratais faoi alt 14 & 14A den Acht CAB, 1996 & 2005

Cur síos	Iarratais	
	2022	2023
Barántais chuardaigh faoi alt 14 den Acht CAB, 1996 & 2005	134	148
Orduithe chun ábhar a chur ar fáil faoi alt 14A den Acht CAB, 1996 & 2005	331	345

Féadfaidh figiúr Alt 14/14A athrú ar bhonn bliantúil agus tá sé ag brath ar chásanna.

Cuid a Trí

Gníomhartha faoin

Acht um Fháiltas ó Choireacht 1996 go dtí 2016

Réamhrá

Cuireann an tAcht um Fháiltas ó Choireacht 1996 go dtí 2016 ("An tAcht PoC") ar chumas na hArd-Chúirte orduithe a dhéanamh chun an mhaoin lena mbaineann a chaomhnú agus, nuair is cuí, a dhiúscairt agus chun foráil a dhéanamh i dtaobh nithe gaolmhara.

Ceadaíonn an tAcht PoC freisin don Ard-Chúirt cinneadh a dhéanamh, ar an ualach cruthúnais sibhialta, cibé acu an ionann sócmhainn, go díreach nó go hindíreach, d'fháiltas an iompair choiriúil.

In 2005, leasaíodh an tAcht PoC chun gur féidir na himeachtaí a thionscnamh in ainm an Bhiúró in ionad Phríomhoifigeach an Bhiúró. Ar an ábhar sin, ó 2005, rinneadh gach iarratas ón mBiúró a thionscnamh in ainm an Bhiúró.

Tionscnaítear imeachtaí na hArd-Chúirte trí iarratas faoi alt 2(1) den Acht PoC atá bunaithe i gcónaí ar mhionnscríbhinn arna mhionnú ag Príomhoifigeach an Bhiúró.

Cuireann finnétithe ábhartha mionnscríbhinní eile faoi mhionn, lena n-áirítear Oifigigh an Bhiúró agus baill foirne an Bhiúró, baill den Garda Síochána ó lasmuigh den Bhiúró, lena n-áirítear Próifíleoírí Rannacha um Sócmhainní agus i gcásanna áirithe, oifigigh ó ghníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí ó lasmuigh den dlínse.

Foráiltear leis an Acht PoC gur féidir an tairiscint tionscnaimh a thabhairt ex parte. Ciallaíonn sé seo go ndéanann an

Biúró a iarratas faoi alt 2(1) den Acht PoC gan ceanglas fógra a thabhairt don duine lena mbaineann (an freagróir).

Mairfidh ordú alt 2(1) ar feadh lá is fiche mura ndéantar iarratas faoi alt 3 den Acht PoC laistigh den tréimhse sin. Foráiltear le halt 2 den Acht PoC freisin gur cheart fógra a thabhairt don duine lena mbaineann le linn na tréimhse seo.

Forálann Alt 3 den Acht PoC do chalcadh fadtéarmach sócmhainní. Ní mór a thabhairt faoi deara go bhféadfar imeachtaí faoin Acht PoC a thionscnamh le halt 2(1) nó trí thairiscint tionscnaimh a eisiúint de bhun alt 3(1). Tionscnaíodh dhá (2) chás den sórt sin le halt 3(1) in 2023.

Cé go gcaithfear cásanna alt 3 a thionscnamh laistigh de lá is fiche ó ordú alt 2, go praiticiúil, féadfaidh sé roinnt ama a thógáil sula dtiocfaidh éisteacht alt 3 os comhair na hArd-Chúirte. Tugtar fógra don duine lena mbaineann (an freagróir) faoi éisteacht alt 3 agus tá sé i dteideal freastal ar an éisteacht agus agóid a dhéanamh i gcoinne an cháis maidir leis an tsócmhainn shonraithe.

I gcásanna nach bhfuil sé d'acmhainn ag an bhfreagróir íoc as ionadaíocht dhlíthiúil, féadfaidh an freagróir iarratas a dhéanamh chun na cúirte ar dheonú cúnaimh dhlíthiúil faoi Scéim um Chúnamh Dlíthiúil atá i bhfeidhm chun na críche sin.

Cinntíonn sé seo go gcomhlíontar rochtain ar ionadaíocht dhlíthiúil i gcásanna a bhaineann leis an mBiúró, ar

Cuid a Trí

Gníomhartha faoin Acht um Fáltais ó Choireacht 1996 go dtí 2016

choinníoll go gcomhlíontar na critéir riachtanacha don scéim.

Má léirítear i ndeireadh na dála chun sástacht na hArd-Chúirte tar éis éisteacht alt 3 go léiríonn an mhaoín, go díreach nó go hindíreach, fáltais ó iompar coiriúil, ansin déanfaidh an chúirt ordú chun an mhaoín a chalcadh.

Mairfidh an t-ordú seo seacht mbliana ar a laghad inar féidir leis an bhfreagróir nó le haon pháirtí eile a éilíonn úinéireacht i leith na maoine iarratais a dhéanamh go n-athrófaí an t-ordú cúirte i leith na maoine.

Ar dheireadh na tréimhse seacht mbliana, féadfaidh an Biúró imeachtaí a thionscnamh ansin chun na fáltais a aistriú chuig an Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadadh agus Athchóiriú an Phlean Forbartha Náisiúnta nó chuig daoine eile dá leithéid de réir mar a chinneadh an chúirt faoi alt 4 den Acht PoC. Le linn na n-imeachtaí seo, cuirtear gach páirtí ábhartha ar an eolas arís agus féadfaidh siad iarratais a dhéanamh chun na cúirte.

Roimh dheireadh na tréimhse seacht mbliana, féadfaidh an chúirt ordú diúscartha toilithe faoi alt 4A Den Acht PoC a dheonú ar thoiliú an fhreagróra iomchuí.

Athbhreithniú ar Alt 1A

Leasaíodh an tAcht PoC leis an Acht PoC (Leasú), 2016. Foráiltear leis an leasú seo, i gcás ina bhfuil Oifigeach Biúró in áit phoiblí, nó in áit eile ina bhfuil sé údaraithe nó ina dtugtar cuireadh dó, nó ina bhfuil cuardach á dhéanamh aige, agus go bhfaighidh sé maoín a chreideann

sé a bheith ina fáltais ó choireacht le luach nach lú ná €5,000, ansin féadfaidh an tOifigeach sin an mhaoín a urghabháil ar feadh tréimhse nach faide ná ceithre huairé is fiche.

Féadfaidh Príomhoifigeach an Bhiúró, le linn na tréimhse ceithre huairé is fiche, coinneáil na maoine ar feadh tréimhse suas le lá is fiche a údarú ar choinníoll:

- a) go bhfuil sé/sí sásta go bhfuil forais réasúnacha ann le bheith in amhras gurb ionann an mhaoín, go hiomlán nó go páirteach, go díreach nó go hindíreach, agus fáltais na coireachta,
- b) go bhfuil sé/sí sásta go bhfuil forais ann le bheith in amhras nach lú ná €5,000 luach iomlán na maoine,
- c) go bhfuil sé/sí sásta go bhfuil imscrúdú á dhéanamh ag an mBiúró maidir le cibé an bhfuil nó nach bhfuil forais leordhóthanacha ann chun iarratas a dhéanamh chun na cúirte ar ordú eatramhach nó ar ordú idirbhreitheach i leith na maoine agus,
- d) go bhfuil forais réasúnacha aige/aici chun a chreidiúint go bhféadfaí an mhaoín, go hiomlán nó go páirteach, a dhiúscairt in éagmais údaraithe, nó go ndéileálfaí léi ar bhealach eile, nó go laghdófaí a luach, sula bhféadfar iarratas den sórt sin a dhéanamh.

Tá na forálacha thuas faoi réir athbhreithniú sa Bhille um Fáltais ó Choireacht (Leasú) 2024.


Cásanna tosaithe

Cuireadh tús le trí chás is fiche (23) nua faoin Acht PoC le linn 2023.


Tionscnaíodh fiche a haon (21) de na cásanna sin trí imeachtaí a eisiúint trí thairiscint tionscnaimh faoi alt 2 agus tionscnaíodh dhá (2) chás trí alt 3.

Féadfaidh líon na sócmhainní a ndearnadh orduithe ina leith faoi alt 2(1) athrú ar bhonn bliantúil agus braitheann sé ar an gcás.

Cásanna nua POC a tugadh os comhair na hArd-Chúirte



Sócmhainní a ndearnadh Orduithe alt 2(1) ina leith




Tá obair fhairsing déanta ag an mBiúró chun na himscrúduithe seo a ullmhú chun ligean dó na cásanna seo a thabhairt os comhair na gcúirteanna in 2023.

Le linn 2023, thionscain an Biúró imeachtaí maidir le cineálacha éagsúla sócmhainní. Chun críocha próifílithe, roinneadh na sócmhainní de réir seodra, eastát réadach, feithiclí, earraí airgeadais, earraí dearthóra agus eile.

Rinne an Biúró imscrúduithe agus chuir sé fiche sé (26) chomhad POC nua faoi bhráid Rannóg na Sócmhainní Coiriúla in Oifig Phríomh-Atur na Stáit chun iad a chur ar aghaidh trí na cúirteanna ag comhlíonadh ár dtiomantas chun cúig cinn is fiche (25) comhad POC nua a chur isteach mar atá leagtha amach sa Chomhaontú um Sheachadadh Feidhmíochta (PDA) 2023.

Sócmhainní a ndearnadh orduithe alt 2(1) ina leith Miondealú ar shócmhainní de réir cineáil sócmhainne



Athbhreithniú ar Alt 2(1)

Nuair a rinneadh anailís orthu, mhéadaigh líon na sócmhainní a bhfuarthas ordú ina leith faoi alt 2(1) i gcomparáid le 2022, ó chéad seasca (160) go dtí dhá chéad tríocha a haon (231) sócmhainní in 2023. Tugann an Biúró dá aire an méadú ar shócmhainní.

Cuid a Trí

Gníomhartha faoin Acht um Fáltais ó Choireacht 1996 go dtí 2016

Miondealú Luachála

Cé go bhfáiltítear roimh na tuairisceáin chuig an Státchiste agus go bhfuil siad féinmhínteach, ní léiríonn siad go hiomlán an tionchar socheacnamaíoch níos leithne atá ag gníomhartha an Bhiúró ar an bpobal i gcoitinne. Is féidir an mhéadracht neamh-intomhaiste a aithint mar seo a leanas freisin:

1. Cur isteach ar eintitis choiriúla
2. Gníomhaíochtaí sciúradh airgid a chosc
3. Teagmháil dhearfach leis an bpobal i gcoitinne

Tá na figiúirí maidir le seodra, eastát réadach, feithiclí, earraí dearthóra, airgeadais agus eile bunaithe ar an luach measta a chuir an Biúró ar an tsócmhainn tráth an iarratais a dhéanamh faoi alt 2(1) den Acht PoC.

Ba é luach an dá chéad tríocha a haon (231) sócmhainn a calcadh faoi alt 2 den Acht PoC i rith na bliana 2023 ná €7,831,722. Tá miondealú ar an bhfigiúr seo mionsonraithe sa tábla thíos.

Anailís ar ordú alt 2 de réir Cineáil Sócmhainne


Cur síos	€
Earraí Dearthóra	144,796
Airgeadais	1,858,788
Seodra	171,645
Eastát Réadach	5,277,635
Feithiclí	378,708
Eile	150
Iomlán	7,831,722

Léiríonn torthaí 2023 i gcomparáid le torthaí 2022 go bhfuil méadú €2,647,123 tagtha ar luach na sócmhainní a calcadh faoi alt 2(1) ón mbliain roimhe sin nuair a

bhí an luach ag €5.184m. Tugann an Biúró dá aire an méadú ar luach na sócmhainní.

Athraíonn luach na sócmhainní i ngach cás ag brath ar cibé an ndírítear ar shócmhainní ardluacha nó ar shócmhainní ar luach íseal.

Luach na sócmhainní arna calcadh faoi alt 2(1)




Athbhreithniú ar Alt 3

Déantar ordú faoi alt 3 (1) ag deireadh na héisteachta inar chinn an Ard-Chúirt gurb ionann sócmhainn nó sócmhainní áirithe agus fáltais ó iompar coiriúil.

Mar sin, is ábhar don Ard-Chúirt é dáta agus fad na héisteachta agus níl sé faoi rialú díreach an Bhiúró.


Rinneadh orduithe faoi alt 3(1) i gcúig chás is fiche (25) a bhain le sócmhainní dar luach €4,873,909 a bhí os comhair na hArd-Chúirte in 2023.

Líon na gcásanna ina ndearnadh orduithe faoi alt 3(1).



Tháinig méadú ar líon na sócmhainní a ndearna an Ard-Chúirt orduithe ina leith de bhun alt 3(1) ó nócha a hocht (98) sócmhainn in 2022 go dtí dhá chéad daichead (240) sócmhainn in 2023.

Sócmhainní a ndearnadh orduithe alt 3(1) ina leith.



Féadfaidh líon na sócmhainní a ndearnadh orduithe ina leith faoi alt 3(1) athrú ar bhonn bliantúil agus braitheann sé ar an gcás.

Ba é luach an dá chéad daichead (240) sócmhainn ar deonaidh orduithe alt 3 ina leith i rith na bliana 2023 ná €4,873,909.

Tá miondealú ar an bhfigiúr seo mionsonraithe sa tábla thíos.


Anailís ar ordú alt 3 de réir Cineáil Sócmhainne

Cur síos	€
Earraí Dearthóra	29,745
Airgeadais	1,627,228
Seodra	149,499
Eastát Réadach	1,615,175
Feithiclí	1,452,262
Iomlán	4,873,909

Léiríonn na torthaí do 2023 i gcomparáid le 2022, cé go raibh méadú suntasach ar

líon na sócmhainní calctha, níor mhéadaigh an luach airgeadaíochta comhfhreagrach ach beagán de €337,607 ón mbliain roimhe sin.

Luach na sócmhainní arna calcadh faoi alt 3(1)



Alt 3(3)

Foráiltear le halt 3(3) den Acht PoC d'ordú alt 3(1) atá ann cheana a athrú nó a urscaoileadh. Féadfaidh an freagróir iarratas a dhéanamh de bhun alt 3(3) i gcás a thógann an Biúró nó aon duine eile a éilíonn úinéireacht na maoinne.

Cé go mbaineann alt 3(3) go príomha le hiarratas atá á thionscnamh ag freagróir i gcás, is féidir le daoine a éilíonn úinéireacht na maoinne atá i gceist é a dhéanamh freisin, rud a thugann deis d'íospartaigh na coireachta iarratas a dhéanamh chun a gcuid maoinne a fháil ar ais.

Tugann alt 3(3) deis freisin do na daoine leasmhara sin ordú alt 3(1) a athrú nó a urscaoileadh i gcás inar féidir a chruthú, chun sástacht na cúirte, nach fáltais ó iompar coiriúil an tsócmhainn atá i gceist. Ní dhearnadh aon ordú den sórt sin faoi alt 3(3) den Acht PoC le linn 2023.

Miondealú Geografach

Clúdaíonn sainchúram an Bhiúró imscrúdú ar fháltais ó chásanna

Cuid a Trí

Gníomhartha faoin Acht um Fáltais ó Choireacht 1996 go dtí 2016

coireachta beag beann ar shuíomh na sócmhainní.

Le linn 2023, fuair an Biúró orduithe ar shócmhainní maidir le fáltais ó choireacht sna ceantair uirbeacha móra agus sna pobail tuaithe go léir.

Tá an Biúró tiomanta i gcónaí díriú go gníomhach ar shócmhainní arb iad fáltais an iompair choiriúil iad, cibé áit ina bhfuil siad suite, a mhéid is féidir faoin Acht PoC.

Tá tuilleadh forbartha á dhéanamh ag an mBiúró ar a chlúdach náisiúnta trí chúram a chur ar Phróifíleoirí Rannacha um Sócmhainní. Cinnteoidh sé seo go ndíreofar ar spriocanna coiriúla áitiúla ar fud an Stáit le haghaidh gníomhaíochta ag an mBiúró.

Réadmhaoin

Ceanglaítear le haidhmeanna agus cuspóirí reachtúla an Bhiúró go nglacfaidh an Biúró gníomh cuí chun cosc a chur ar dhaoine aonair, atá ag gabháil do thromchoireacht eagraithe, tairbhe a bhaint as an gcoir sin.

I gcásanna ina dtaispeántar gur fáltais ó iompar coiriúil an réadmhaoin, áirítear leis an bhforáil reachtúil trína bhféadfar an sochar sin a bhaint de dhuine aonair a bhfuil leas na bhfáltais sin aige nó aici, gur cheart é/í a dhífheistiú ón maoin.

D'fhéadfadh go mbeadh gá le dul ar thóir réadmhaoine mar gheall ar bheartas an Bhiúró, d'ainneoin go bhfuil an réadmhaoin fós i gcothromas diúltach i gcásanna áirithe.

Déantar é seo chun a chinntiú nach gceadaítear dóibh siúd a bhfuil baint acu le coireacht leanúint ar aghaidh ag baint leasa as fáltais na coireachta.

Feithiclí

Leanann an Biúró ag tabhairt faoi deara an spéis atá ag daoine a bhfuil baint acu le tromchoireacht eagraithe i bhfeithiclí ardluacha.

Le linn 2023, dhírigh an Biúró ar roinnt feithiclí ar le coirpigh iad.

Feithicil Ardluacha



Earraí Só

Tá an Biúró ag leanúint ar aghaidh ag díriú ar ghnóthachain aindleathacha trí earraí só ardleibhéil a urghabháil ar nós málaí láimhe dearthóra, éadaí agus coisbheart dearthóra, uaireadóirí agus seodra, mar a léirítear thíos:

Bróga Louboutin




Cás 1:

Dhírigh an Biúró ar ghrúpa coireachta eagraithe a chreidtear a bheith freagrach as saothrú mórdhíola cannabais, coimeád drúthlann agus sciúradh airgid sa dlínse seo.

Mar thoradh ar imscrúduithe an Bhiúró deonaíodh orduithe de bhun alt 2 agus 7 den Acht PoC maidir le céad (100) sócmhainn a shonraítear thíos:

- €229,990 á choinneáil i gCuntas Cliant Aturnae (fáltais díola ó réadmhaoín)
- €7,000 á choinneáil i gcuntas cliant de chuid Comhairleoirí Maoine
- €139,347.22 in institiúid airgeadais
- €14,255 in Airgead Tirim
- Cóta Fionnaidh coinín ar luach €2,500
- 8 Earra Dearthóra ar luach €16,295
- 88 Earra Dearthóra ar luach €100,951



Mála Louis Vuitton

Cás 2:

Rinne an Biúró imscrúduithe ar dhuine a raibh baint aige le grúpa coireachta

eagraithe buirgléireachta i Réigiún an Oirdheiscirt.

Mar thoradh ar imscrúduithe an Bhiúró deonaíodh orduithe de bhun alt 3 agus 7 den Acht PoC maidir leis na sócmhainní seo a leanas:

- Réadmhaoín i gContae Laoise
- Volkswagen Golf
- 5 mála láimhe Chanel ar luach €13,700
- 2 Uaireadóir Dearthóra ar luach €2,900
- Bráisléid óir bhána 3 x 14ct ar luach €6,700
- Stg £21,850 in airgead tirim
- €9,700 in airgead tirim
- 4,673 Qatari Reel



Rogha de málaí láimhe Chanel

Alt 4(1) agus 4A

Foráiltear le halt 4(1) go n-aistreofar maoin chuig an Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadadh agus Athchóiriú an Phlean Forbartha Náisiúnta.

Tagraíonn an t-alt seo do shócmhainní a measadh a bheith ina bhfáltais ó iompar coiriúil, ar feadh tréimhse nach lú ná seacht mbliana, agus nach ndearnadh

Cuid a Trí

Gníomhartha faoin Acht um Fháiltas ó Choireacht 1996 go dtí 2016

aon éileamh bailí ina leith faoi alt 3(3) den Acht PoC.




An Roinn Caiteachais Phoiblí
Sheachadadh PFN agus Athchóirithe
Department of Public Expenditure
NDP Delivery and Reform

Ceadaíonn alt 4A ordú diúscartha toilithe a dhéanamh ag an bhfreagróir in iarratas de bhun an Achta PoC, rud a fhágann gur féidir an mhaoin a aistriú chuig an Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadadh agus Athchóiriú an Phlean Forbartha Náisiúnta sula mbeidh seacht mbliana caite.

Tugadh é seo isteach in Acht PoC 2005 agus, go bunúsach, baintear an ceanglas go bhfanfadh an Biúró seacht mbliana sula gcuirfí cistí ar aghaidh chuig an Stáitchiste.

Luach na sócmhainní arna calcadh faoi alt 4(1) agus 4A



Tugadh fiche cás amháin (21) chun críche agus tugadh i gcrích iad faoi alt 4(1) agus 4A in 2023.

Le linn 2023, aistríodh €2,219,486 san iomlán chuig an Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadadh agus Athchóiriú an PFN faoin Acht PoC a d'eascair as diúscairtí alt 4(1) agus 4A.

Miondealú alt 4(1) & 4A

Cur síos	Líon na gCásanna 2022	€ 2022
Alt 4A	16	2,065,265.03
Iomlán	16	2,065,265.03

Cur síos	Líon na gCásanna 2023	€ 2023
Alt 4(1)	1	81,136
Alt 4A	20	2,138,350
Iomlán	21	2,219,486

Cé go leanann gníomhaíocht an Bhiúró ag méadú, féadfaidh an toradh don Stáitchiste athrú ar aon bhliain ar leith.

Tá sé seo amhlaidh go páirteach mar gheall ar an oibleagáid fanacht seacht mbliana chun ordú PoC alt 4 a thabhairt i gcrích, mura bhfuil ordú toilithe faoi alt 4A le teacht roimh na seacht mbliana.

Cás 1:

Tarchuireadh an duine aonair sa chás seo chuig an mBiúró tar éis cúnamh a thug Oifigigh an Bhiúró do Ghardaí Leamhcáin le linn oibríocht chuardaigh in 2019. Bhí amhras ann go raibh an duine seo páirteach i ngníomhaíochtaí sciúradh airgid chun fáiltas na coireachta a sciúradh trí roinnt dá ghnóthaí do ghrúpa aitheanta coireachta eagraithe.

I mí na Nollag 2022, d'éirigh leis an mBiúró orduithe a fháil de bhun alt 2 agus 7 den Acht PoC maidir le €53,000 agus feithicil Spóirt Range Rover ar luach thart ar €60,000.

I mí An Mhárta 2023, fuair an Biúro orduithe breise ón Ard-Chúirt maidir leis na sócmhainní sin de bhun alt 3(1), 7 agus 4a den Acht PoC.

Alt 6

Foráiltear le halt 6 go ndéanfaidh an chúirt ordú le linn na tréimhse a bhfuil ordú alt 2(1) nó 3(1) i bhfeidhm chun an t-ordú a athrú chun ligean don fhreagróir nó d'aon pháirtí eile:

1. Costais mhaireachtála réasúnacha nó costais riachtanacha eile a urscaoileadh; nó
2. Leanúint ar aghaidh le gnó, trádáil, gairm nó slí bheatha eile a bhaineann leis an maoin.

Le linn 2023, rinneadh ordú amháin (1) den sórt sin ar luach €155,000.

Alt 7

Foráiltear le halt 7 go gceapfaidh an chúirt Glacadóir a n-áiríonn a dhualgais luach maoine atá caltha cheana féin faoi orduithe alt 2 nó alt 3 a chaomhnú nó a dhiúscairt.

In 2023, fuair an Biúro orduithe glacadóireachta maidir le dhá chéad daichead a seacht (247) sócmhainn. I ngach cás ba é Oifigeach Dlí an Bhiúro an glacadóir a cheap an chúirt.

Bhí eastát réadach, feithiclí, earraí dearthóra, seodra agus uaireadóirí i gceist leis na cásanna seo. I gcásanna áirithe glacadóireachta, rinne an Ard-Chúirt orduithe seilbhe agus díola ag an nGlacadóir. Ní féidir ordú glacadóireachta

a dhéanamh mura bhfuil ordú alt 2 nó alt 3 i bhfeidhm cheana féin.

Airgead Iomlán a thug CAB ar ais in 2023

Airgead a tugadh ar ais faoi shainchúram an CAB .i., Fáltais ó Choireacht, reachtaíocht loncaim agus Leasa Shóisialaigh	€8,651,396
Airgead curtha ar ais chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí	€1,207,787
Iomlán	€9,859,183

Airgead eile a tugadh ar ais

Maidir le hAlt 4 den Acht um Cheartas Coiriúil, 1994 arna leasú idir an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí (DPP) agus CC. Uimhir Bhille na Cúirte Cuarda WW27/2017

Chomh maith leis na cistí a chuir an Biúro ar aghaidh chuig an Státchiste go díreach faoina chumhachtaí reachtúla, cuireadh mír eisceachtúil eile de shuim €1,207,787 ar aghaidh chuig an Státchiste trí Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí de bhun ordaithe de bhun alt 4 den Acht um Cheartas Coiriúil 1994 arna leasú.

Rinneadh imscrúdú níos luaithe ar an duine aonair maidir le saothrú agus dáileadh drugaí rialaithe ar ciontaíodh é in a leith ina dhiaidh sin. Ar bhonn an imscrúdaithe choiriúil tosaigh seo, rinne an Biúro imscrúdú airgeadais ar na sócmhainní suntasacha a socraíodh a bhí cartha an duine seo iad de bhun an iompair choiriúil seo.

Cuid a Trí

Gníomhartha faoin Acht um Fháiltais ó Choireacht 1996 go dtí 2016

I ndeireadh na dála, ciontaíodh an duine as na cúisimh seo agus rinneadh iarratas de bhun alt 4 den Acht um Cheartas Coiriúil 1994.

Foráiltear le halt 4 den Acht 1994 go ndéanfar fiosrúchán i dtaobh ar bhain duine a ciontaíodh ar díotáil i gcion gáinneála ar dhruaí leas as an gcoir sin. Má mheastar go bhfuil sochar fabhráithe, cinnfidh an chúirt, faoi fho-alt (4), méid an tsochair sin agus déanfaidh sí ordú coigistíochta sa mhéid sin.

In éagmais acmhainne inchomparáide in Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí, d'aontaigh an Biúró saoráidí glacadóireachta agus bainistíochta sócmhainní a sholáthar chun críche roinnt sócmhainní coigistíochta a bhainistiú agus a dhiúscairt lena n-áirítear cryptea-airgeadra (89 Bitcoin), bád iascaireachta, eitleán Gyrp, brathadóir miotail, rothar leictreach agus mótarfheithiclí éagsúla.

Is sampla é seo den chaidreamh láidir leanúnach oibre idir an Biúró agus ár gcomhghleacaithe in Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí chun a chinntiú go n-úsáidtear an córas dlí is oiriúnaí chun a chinntiú go mbaintear sochair dóibh siúd a ghabhann d'iompar coiriúil.

Ráiteas na gCuntas Glacadóireachta

	Euro€	Stg£	US\$
larmhéid tosaigh na gcuntas glacadóireachta 01/01/2023	11,889,322.73	1.54	657,710.60
Méideanna réadaithe, lena n-áirítear ús agus airleacain oibríochtúla	4,739,619.05	0.00	9,925.39
Íocaíochtaí amach, lena n-áirítear íocaíochtaí leis an Státchiste, caiteachas ar ghlacadóireacht oibríochtúil, urscaoileadh morgáistí gan íoc agus cistí a tugadh ar ais faoi Ordú Cúirte	4,626,349.28	0.00	0.00
larmhéid deiridh na gcuntas glacadóireachta 31/12/2023	12,002,592.50	1.54	667,635.99

Cuid a Trí

Gníomhartha faoin Acht um Fháiltas ó Choireacht 1996 go dtí 2016

Fágadh an leathanach seo bán d'aon ghnó

Cuid a Ceathair

Gníomhartha Ioncaim ag an mBiúró

Forléargas

Déanann Oifigigh an Bhiúró Ioncaim dualgais a chomhlíonadh i gcomhréir leis an Acht Comhdhlúite Cánacha 1997, an tAcht Comhdhlúite Cánach Breisluacha 2010, an tAcht Comhdhlúite Cánach Fáltas Caipitiúil 2003, an tAcht Comhdhlúite Dleachtanna Stampa 1999 agus an tAcht um Cháin Mhaoine Áitiúil 2012 arna leasú (dá ngairtear anseo feasta na hAchtanna Cánach) lena chinntiú go bhfuil fáltais ó choireacht, nó ó choireacht amhrasta, faoi réir cánach.

Baineann sé seo le bailiú na faisnéise go léir atá ar fáil ónár ngníomhaireachtaí comhpháirtíochta faoi fhorálacha alt 8 den Acht CAB.

Oibríonn Oifigigh Bhiúró na gCoimisinéirí Ioncaim go dlúth lena gcomhghleacaithe in Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim. Cuirtear cásanna amhrasta faoi imghabháil cánach faoi bhráid na gCoimisinéirí Ioncaim le haghaidh tuilleadh imscrúdaithe agus le déanaí roinn an Biúró a shaineolas ar chás a bhaineann le himghabháil cánach agus le criptea-airgeadra.

Feidhmeanna Cánach

Seo a leanas achoimre ar na bearta a rinne an Biúró le linn 2023 agus nuashonrú ar stádas na n-achomharc a rinneadh de bhun measúnuithe cánach agus cinntí a rinne an Biúró.

Measúnuithe Cánach

Tá sé de chumhacht ag Oifigigh Bhiúró na gCoimisinéirí Ioncaim measúnachtaí a dhéanamh faoi alt 58 den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997 (dá ngairtear TCA 1997 anseo feasta) - an t-alt muirir.

Le linn 2023, rinneadh measúnú ar dhaichead a haon (41) duine aonair agus eintiteas corparáideach faoi fhorálacha na nAchtanna Cánach, rud a d'fhág go raibh easnamh beag i sprioc an Chomhaontaithe Seachadta Feidhmíochta de dhaichead a cúig (45) measúnú. Ag an am céanna, tháinig méadú suntasach ar luach na measúnuithe i gcomparáid le 2022, de €6.335m san iomlán, rud a thug luach iomlán measúnaithe de €15.573m do 2023.

Achomhairc chuig an gCoimisiún um Achomhairc Chánach

Bunaíodh An Coimisiún Um Achomhairc Chánach (TAC) ar 21^ú Márta 2016 mar chomhlacht reachtúil neamhspleách, arb é a phríomhfheidhm ná achomhairc i gcoinne measúnuithe agus cinntí an Bhiúró agus na Gcoimisinéirí Ioncaim maidir le cánacha agus dleachtanna a éisteacht, a chinneadh agus a dhiúscairt i gcomhréir leis an reachtaíocht ábhartha.

Le linn 2023, tháinig méadú breise ar an leibhéal rannpháirtíochta idir an TAC agus an Biúró. Mar thoradh ar an rannpháirtíocht mhéadaithe, rinneadh dul chun cinn ar líon suntasach achomharc, lena n-áirítear roinnt cásanna oidhreacht a d'éiligh tacaíocht dhlíthiúil ón Rannóg Sócmhainní Coiriúla in Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit.

Leanann an Biúró ag plé go dearfach leis an TAC d'fhonn gach achomharc cánach oscailte a chur chun cinn. Déanann Táblaí Ioncaim 1 agus 2, atá le fáil ag deireadh na caibidle seo, achoimre ar ghníomhaíocht na n-achomharc don bhliain 2023.

Cuid a Ceathair

Gníomhartha loncaim ag an mBiúró

Amhail an 1 Eanáir 2023, bhí caoga (50) cás os comhair an TAC le haghaidh breithnithe. I rith na bliana, chuir an TAC in iúl don Bhiúró go bhfuarthas dhá iarratas déag (12) achomharc breise. San iomlán, dhiúltaigh an TAC aon achomharc déag (11) agus tharraing na hachomharcóirí siar seacht gcinn is fiche (27) eile. Reáchtáladh éisteachtaí i sé (6) chás.

Le linn 2023, eisíodh trí chinneadh (3) i bhfabhar an Bhiúró. Amhail an 31 Nollaig 2023, bhí tríocha cúig (35) achomharc oscailte ann.

Bailiúcháin

Tá sé de chumhacht ag Oifigigh an Bhiúró loncaim gach beart riachtanach a dhéanamh chun dliteanais chánach a bhailiú de réir mar a bhíonn siad críochnaitheach agus cinntitheach.

Tá cumhachtaí an Ard-Bhailitheora ag Oifigigh Bhiúró na gCoimisinéirí loncaim agus teann siad ar thóir fiacha cánach trí gach bealach atá ar fáil. I measc na modhanna bailiúcháin tá:

- Éilimh a eisiúint – Alt 960E TCA 1997;
- Cumhacht astaithe – Alt 1002 TCA 1997;
- Gníomh Sirriam – Alt 960L TCA 1997; agus
- Imeachtaí sibhialta – Alt 960I TCA 1997.

Aisghabhálacha

B'ionann an cháin a ghnóthaigh an Biúró le linn 2023 agus €5.792m, rud a sháraigh sprioc €2.2m an Chomhaontaithe Seachadta Feidhmíochta. Ghnóthaigh an

Biúró cáin ó chéad nócha a cúig (195) duine aonair agus eintiteas corparáideach.

Arís le linn 2023, bhí urghabháil feithiclí ag Sirriamaí na gCoimisinéirí loncaim, faoi fhorálacha alt 960L TCA 1997, thar a bheith éifeachtach maidir le gníomhartha bailiúcháin forfheidhmithe a rinne an Biúró.

Éilimh

I rith 2023, b'ionann éilimh chánach (ús san áireamh) a seirbheáladh de réir alt 960E TCA 1997 i leith caoga dó (52) duine aonair agus eintiteas corparáideach agus €13.869m.

Socruithe

Le linn 2023, shocraigh sé dhuine dhéag (16) dliteanais chánach a bhí amuigh leis an mBiúró trí chomhaontú don tsuim iomlán de €3.22m.

Imscrúduithe

Leanann na Coimisinéirí loncaim orthu ag obair leis na gníomhaireachtaí go léir sa Bhiúró chun tairbhí an iompair choiriúil a shéanadh agus a bhaint de dhaoine aonair trí úsáid a bhaint as cumhachtaí na gCoimisinéirí loncaim mar atá forordaithe in Alt 5(1)(b) den Acht, arna leasú. Déantar tréaniarracht na suimeanna go léir a mheasúnaítear ar na daoine aonair a bhailiú, tar éis don duine iarracht a dhéanamh ar gach dúshlán dleathach i leith na measúnuithe nó na nósanna imeachta measúnaithe.

Tacaíonn Oifigigh Bhiúró na gCoimisinéirí loncaim freisin le fáltais ó ghníomhartha coireachta trí na fíricí a choinnítear ar

chórais na gCoimisinéirí Ioncaim, a nochtar i gceart, maidir leis an ioncam dearbhaithe, sócmhainní a fuarthas nó a diúscaíodh i measc faisnéise eile, a leagan amach.

Déantar measúnú ar dhaoine aonair atá faoi réir measúnú cánach, faoi aon chineál cánach, bunaithe ar an bhfaisnéis atá ar fáil don Bhiúró ag an am a ríomhtar na measúnuithe.

Tá ceart achomhairc ag na daoine aonair a ndearnadh measúnú orthu dul i mbun gach bealach dleathach atá oscailte chun dúshlán a thabhairt do na measúnuithe. Áirítear leis seo achomharc a dhéanamh chuig an TAC, achomharc ina dhiaidh sin chuig an Ard-Chúirt ar phointe dlí agus achomhairc bhreise chuig na hArd-Chúirteanna.

Ba chóir a thabhairt faoi deara freisin go bhfuil sé de cheart ag daoine measúnaithe athbhreithniú breithiúnach a lorg tríd an Ard-Chúirt má tá siad den tuairim nár cuireadh an próiseas nó an nós imeachta ceart i bhfeidhm.

Ní fhéadfar tús a chur le bailiú na méideanna a measúnaíodh ach amháin nuair a bheidh na nósanna imeachta achomhairc agus athbhreithnithe tugtha chun críche agus nuair a mheastar go bhfuil an cháin críochnaitheach agus dochloíte.

Leanann Oifig Bhiúró na gCoimisinéirí Ioncaim ar aghaidh ag idirbheartú socraíochtaí le spriocanna an Bhiúró le linn nósanna imeachta achomhairc agus athbhreithnithe. Mura bhfuil íocaíocht le teacht i ndeireadh na dála, úsáideann an

Biúró na modhanna bailiúcháin go léir atá ar fáil; ceangaltán, atreorú chuig an sirriam nó breithiúnais a chlárú i gcoinne daoine aonair nó sócmhainní na ndaoine aonair.

Léirítear tionchar ghníomhartha an Bhiúró lena n-áirítear gníomhairtha na gCoimisinéirí Ioncaim sa phobal i dtuarascálacha Dea-shaoránaigh a fuarthas ó na pobail seo. Is féidir leis na tuarascálacha seo a bheith an-tairbheach chun snáitheanna faisnéise a nascadh d'oifigigh imscrúdaithe an Bhiúró.

Mar a luadh i dtuarascálacha roimhe seo, tá go leor cineálacha iompair choiriúil ann lena n-áirítear: Goid agus Calaois, Sciúradh Airgid trí Thrádáil Gluaisteán Úsáidte agus Díol agus Soláthar Drugaí Neamhdhleathacha. Déantar foráil d'údarás na gCoimisinéirí Ioncaim chun measúnú a dhéanamh ar ghnóthachain aindleathacha daoine aonair i leith cánach faoi alt 58 TCA 1997:

“58.-(1) Ní mór cáin a íoc ar na brabúis nó gnóthachain fiú más amhlaidh an méid seo a leanas an tráth a rinneadh measúnacht cánach i leith na mbrabús nó na ngnóthachan sin:

- (a) Níorbh eol don chigire an fhoinse as ar eascair na brabúis nó na gnóthachain sin,*
- (b) Nárbh eol don chigire gur eascair na brabúis nó na gnóthachain go hiomlán nó go páirteach as foinse nó gníomhaíocht dhleathach, nó*
- (c) D’eascair na brabúis nó na gnóthachain as foinse nó gníomhaíocht neamhdhleathach*

Cuid a Ceathair
Gníomhartha loncaim ag an mBiúró

agus bhí sé seo ar eolas ag an gcigire.

Ina theannta sin, agus cinneadh á dhéanamh an bhfuil na brabúis nó na gnóthachain sin faoi réir cánach, déanfar neamhaird ar aon cheist i dtaobh ar tháinig siad ó fhoinse nó ó ghníomhaíocht anaithnid nó aindleathach go hiomlán nó go páirteach."

Cuirtear an reachtaíocht seo i bhfeidhm go stuama i measúnuithe ríomhaireachta bunaithe ar na fíricí agus ar an bhfaisnéis atá ar fáil. Don bhliain 2023, bhí bailiúcháin shuntasacha cánacha agus dleachtanna ann. Le linn 2024, leanfar leis sin agus i bhfianaise deireadh a chur de réir a chéile le bearta tacaíochta gnó covid, beidh Oifig Bhiúró na gCoimisinéirí loncaim ag athbhreithniú fiachas oidhreachta agus comhaontuithe ina bhfuil íocaíochtaí imithe i léig.

Go hachomair, rinne na Coimisinéirí loncaim measúnú ar dhaoine aonair agus ar eintitis chorparáideacha lena n-áirítear cásanna a thagann faoi raon leathan gníomhaíochtaí coiriúla mar atá thíos:

Gníomhaíocht Choiriúil	Líon na gCásanna	Luach na Measúnuithe €.000k
Bainteach le Carranna	1	0.492
Sciúradh Airgid	9	1.712
Gadaíocht & Calaois	13	11.451
Bainteach le Drugaí	7	1.918
		€15.573

Feidhmeanna Custam & Máil

Tacaíonn feidhmeanna Custaim agus Máil an Bhiúró le gach imscrúdú trí shaincheisteanna ábhartha a shainathint laistigh den raon leathan reachtaíochta, faisnéise agus tacaíochta oibríochtúla a bhaineann le Custaim.

Feidhmíonn an Biúró cumhachtaí agus feidhmeanna éagsúla Custam lena n-áirítear idircheapadh paisinéirí, rialú allmhairithe/onnmhairithe agus scrúdú earraí, forfheidhmiú VRT, rialú ceadúnais máil agus gach foráil ghaolmhar maidir le coinneáil agus urghabháil.

Déanann grúpaí tromchoireachta eagraithe i ngach dlínse iarracht rialacháin Chustaim a shárú ina n-iarrachtaí brabúis mhóra a dhéanamh agus rialuithe AE agus náisiúnta a sheachaint.

Bíonn tionchar diúltach ag na gníomhaíochtaí seo ar an tsochaí trí chistí a bhaint den Státchiste agus na cistí sin a atreorú i dtreo stíleanna maireachtála coiriúla a shaibhriú.

Bealach Isteach / Amach as an Stát

Tacaíonn feidhmeanna custaim ag calafoirt agus aerfoirt, go háirithe, le himscrúduithe an Bhiúró ar ghnéithe tras-dlínse na coireachta agus na mbrabús coiriúil.

Úsáideann an Biúró na cumhachtaí go léir atá ar fáil chun fáltais na coireachta d'aon chineál a chosc, á mbogadh ag coirpigh trí chalafoirt agus aerfoirt.

Arís eile le linn 2023, rinne an Biúró, nó daoine eile thar a gceann, monatóireacht

agus idircheapadh ar níos mó agus níos mó coirpigh agus a gcomhpháirtithe agus iad ag taisteal trí chalafoirt agus aerfoirt.

Trádáil Mhótair

Leanann an Biúró le himscrúdú a dhéanamh ar insíothlú gnó na ngluaisteán athláimhe ag grúpaí coireachta eagraithe.

I rith 2023, rinne an Biúró imscrúduithe ar dhéileálaithe gluaisteán athláimhe arna n-oibriú ag grúpaí coiriúla nó thar ceann grúpaí coiriúla. Áiríodh leis na hidirghabhálacha sin roinnt cigireachtaí a dhéanamh ar asraonta sonracha chun forálacha na reachtaíochta VRT agus CBL a fhorfheidhmiú.

Aithníodh roinnt sárúithe ar Rialacháin VRT agus ar mhí-úsáid scéimeanna CBL a bhaineann le feithiclí athláimhe agus táthar ag tabhairt aghaidh orthu go láidir.

Tá dlúth-chomhoibriú maidir le gnó na ngluaisteán athláimhe fós ann idir an Biúró, Seirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann (PSNI), Coimisinéirí Ioncaim agus Custaim na Banríona (HMRC), Gníomhaireacht Náisiúnta Coireachta na RA (NCA), an Garda Síochána agus na Coimisinéirí Ioncaim.

Tar éis an Bhreitheachta, tá gnó na ngluaisteán athláimhe fós ina ábhar comhoibrithe idir an Biúró agus gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí eile sa Stát agus sa RA chun comhlíonadh na reachtaíochta Custam agus CBL a chinntiú.

Dleacht Mháil

Le linn 2023 rinne an Biúró imscrúdú ar chionta máil amhrasta a bhain le coinsíneacht tráchtála tobac a thángthas air le linn oibríochta cuardaigh níos luaithe sa bhliain a urghabháil. Cuireadh comhad faoi bhráid Oifig an Stiúrthóra Ionchúisimh Phoiblí tar éis don imscrúdú a bheith críochnaithe i mí na Nollag 2023.

Tacaíocht Oibriúcháin

D'fháiltigh an Biúró roimh an gcúnamh oibriúcháin a chuir sainréimsí laistigh de Sheirbhís Chustaim na gCoimisinéirí Ioncaim ar fáil i rith na bliana.

Ba mhaith leis an mBiúró aitheantas a thabhairt, go háirithe, don tacaíocht 24 uair a thug na hAonaid Madraí Custaim i rith na bliana maidir le seacht gcinn déag (17) d'oibríochtaí cuardaigh móra ar leith, gach ceann acu bainteach le láithreáin cuardaigh iolracha ar fud na tíre.

Táthar an-bhuíoch as an tseirbhís shaineolach a chuireann Oifig Nochtadh Sheirbhís Chustaim na gCoimisinéirí Ioncaim ar fáil don Bhiúró.

Coimisinéirí Ioncaim agus Custam na Banríona (HMRC)

Teastaíonn dlúthchomhar idir údaráis inniúla ar dhá thaobh na teorann chun grúpaí coireachta eagraithe a oibríonn ar fud dlínsí a chomhrac.

Go traidisiúnta bíonn idirchaidreamh láidir ag an mBiúró le HMRC agus, go háirithe, le hOifigeach Idirchaidrimh Coireachta Fioscach HMRC atá lonnaithe in Ambasáid na Breataine i mBaile Átha Cliath. Leanadh le malartú rialta agus tábhachtach faisnéise coiriúla idir an

Cuid a Ceathair
Gníomhartha loncaim ag an mBiúró

Biúró agus HMRC le linn 2023 ar roinnt imscrúduithe beo.

Tionóladh roinnt cruinnithe i rith na bliana idir an Biúró agus oifigigh shinsearacha HMRC chun rioscaí trasteorann atá ag teacht chun cinn a phlé agus chun comhoibriú leanúnach a chomhaontú amach anseo. Úsáideann an Biúró gach gné den reachtaíocht um chúnamh frithpháirteach, bíodh sé ó Chustaim go Custam nó ó Phóilíní go Póilíní.

Táblaí Ioncaim

Tábla 1: Measúnuithe Cánach

Cineál Cánach	Cáin €M 2022	Cáin €M 2023	Líon na Measúnuith e 2022	Líon na Measúnuith e 2023
Cáin Ioncaim	8.328	11.718	268	198
Cáin Ghnóthachan Caipitiúil (CGC)	0.256	.064	4	4
Cáin Chorparáide (CC)	0.00	.265	0	1
ÍMAT/ÁSPC	0.021	-	3	-
Cáin Bhreisluaicha (CBL)	0.478	3.437	9	11
Cáin Fáltas Caipitiúil (CFC)	0.125	.089	5	2
Cáin Mhaoine Áitiúil (CMÁ)	-	-	-	-
Cáin Conarthaí Iomchuí (CCI)	0.030	-	1	-
Dleacht Stampála	-	-	1	-
Iomlán	9.238	15.573	291	216

Tábla 2: Cáin, Ús agus Pionóis a Bailíodh

Cineál Cánach	Cáin €M 2022	Cáin €M 2023	Líon na mBailiúchán 2022	Líon na mBailiúchán 2023
Cáin Ioncaim	3.036	3.605	260	372
Cáin Ghnóthachan Caipitiúil (CGC)	-	.058	-	5
Cáin Chorparáide	0.007	.217	3	6
ÍMAT / ÁSPC	0.212	.181	28	121
Cáin Bhreisluaicha	0.409	1.046	62	162
Cáin Fáltas Caipitiúil	-	.088	-	1
Cáin Mhaoine Áitiúil	0.056	.071	75	180
Custaim & Máil	0.107	.225	2	28
Cáin Cláraithe Feithiclí	-	.124	-	7
Cáin Conarthaí Iomchuí	-	.177	-	34
Iomlán	3.827	5.792	430	916*

*I gcásanna áirithe, fuarthas admháil amháin chun cineálacha éagsúla cánach a chlúdach.

Cuid a Ceathair
Gníomhartha Ioncaim ag an mBiúró

Tábla 3: Cáin agus Ús a Éilíodh

Cineál Cánach	Cáin €M		Ús €M		Iomlán €M		Líon na gCásanna	
	2023	2023	2022	2023	2022	2023	2022	2023
Cáin Ioncaim	3.510	5.992	2.562	3.698	6.07	9.690	22	49
CGC	0.010	0.164	0.012	.067	0.02	.231	1	6
CC	-	-	-	-	-	-	-	-
ÍMAT/ÁSPC	-	-	-	-	-	-	-	-
CBL	1.609	2.434	1.133	1.512	2.74	3.946	1	4
CFC	-	-	-	-	-	-	-	-
CCI	0.036	-	0.033	-	0.07	-	1	-
Dleacht Stampála	-	.001	-	.001	-	.002	-	1
Iomlán	5.165	8.591	3.740	5.278	8.90	13.869	25	60*

*Rinneadh measúnú ar roinnt cásanna le haghaidh cineálacha éagsúla cánach.

Tábla 4: Tábla Custaim

Custaim	Sprioc	Toradh
Tacaíocht Oibriúcháin & Idirchaidreamh		
Atreoruithe airgid Alt 28 ó Chustaim próiseáilte	20	43
Atreoruithe agus comhoibriú maidir le malartú faisnéise		
Oibríochtaí comhpháirteacha a dhéantar le Custaim na gCoimisinéirí Ioncaim	15	17
Feidhmeanna Oifigeach Rialaithe Custaim		
Ceadúnais mháil / Athbhreithniú ar Údarú VRT	5	5
Oibríochtaí comhlíontachta a rinneadh	10	10

* Bíonn tionchar ag cineál na gcásanna atá á n-imscrúdú ar an gceanglas maidir le hIdirghabhálacha Custam, agus dá bhrí sin bíonn tionchar aige ar leibhéal na n-imscrúduithe comhpháirteacha a dhéantar i rith na bliana.

Cuid a Cúig

Gníomhartha Leasa Shóisialaigh ag an mBiúró

Forléargas

Is é ról Oifigigh Biúró Leasa Shóisialaigh (SWBOanna) ná gach beart riachtanach a dhéanamh faoin Acht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh 2005, de bhun a fheidhmeanna mar atá leagtha amach in alt 5(1)(c) den Acht CAB. Agus na feidhmeanna seo á gcomhlíonadh acu, déanann SWBOanna teidlíocht ar íocaíochtaí leasa shóisialaigh a imscrúdú agus a chinneadh ag aon duine atá i mbun gníomhaíochta coiriúla.

Tá sé de chumhacht ag SWBOanna freisin faoi alt 5(1)(d) den Acht CAB imscrúdú a dhéanamh i gcás ina bhfuil forais réasúnacha ann chun a chreidiúint go bhféadfadh oifigigh de chuid na Roinne Coimirce Sóisialaí a bheith faoi réir bagairtí nó cineálacha eile imeaglaithe.

Baineadh amach luach airgeadaíochta iomlán de €4,668,046 mar thoradh díreach ar imscrúduithe a rinne SWBOanna in 2023. Is féidir é seo a bhriseadh síos mar seo a leanas:

Coigilteas

Tar éis imscrúduithe a rinne SWBOanna in 2023, b'ionann an coigilteas iomlán mar thoradh ar fhoirceannadh, scor nó laghdú íocaíochtaí le daoine aonair nach raibh i dteideal íocaíochta, agus €713,091, rud a sháraigh an sprioc €600,000 den Chomhaontaithe Seachadta Feidhmíochta.

Tá miondealú ar na coigiltis a baineadh amach ar fáil ag deireadh na caibidle seo.

Ró-íocaíochtaí

Mar thoradh ar na himscrúduithe a rinneadh freisin sainathníodh agus rinneadh measúnú ar ró-íocaíochtaí i gcoinne daoine aonair mar thoradh ar ghníomhaíocht chalaíseach.

Déantar cur síos ar ró-íocaíocht mar aon íocaíocht a fhaigheann duine aonair thar thréimhse ama nach bhfuil aon teidlíocht nó teidlíocht laghdaithe acu uirthi agus dá réir sin, bíonn fiacha don Roinn Coimirce Sóisialaí mar thoradh ar aon íocaíochtaí a fhaightear i leith na dtréimhsí sin.

Le linn 2023, b'ionann ró-íocaíochtaí a ndearnadh measúnú orthu agus a éilíodh agus €3,315,045, rud a sháraigh an sprioc €2.2 den Chomhaontaithe Seachadta Feidhmíochta.

Tá miondealú liostaithe ag deireadh na caibidle seo.

Aisghabhálacha

Tá sé de chumhacht ag SWBOanna ró-íocaíochtaí a aisghabháil ó dhaoine aonair. Meastar go bhfuil ró-íocaíocht mar fhiacha don Státchiste. Baineann an Biúró úsáid as roinnt bealaí chun fiacha a aisghabháil lena n-áirítear íocaíochtaí trí chnapshuim agus/nó trí shocrú tráthchoda.

Leasaigh Alt 13 den Acht Leasa Shóisialaigh 2012 an tAcht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh 2005 maidir le ró-íocaíochtaí leasa shóisialaigh a aisghabháil trí asbhaintí seachtainiúla ó theidlíochtaí leasa shóisialaigh leanúnacha duine. Ceadáíonn an leasú

Cuid a Cúig

Gníomhartha Leasa Shóisialaigh ag an mBiúró

seo méid suas le 15% den ráta pearsanta seachtainiúil a asbhaint, iníoctha gan toiliú an duine aonair.

Mar thoradh ar ghníomhartha SWBOanna, tugadh suim iomlán €639,910 ar ais don Státhiste in 2023, rud a sháraigh an sprioc €340,000 den Chomhaontaithe Seachadta Feidhmíochta.

Tá miondealú air seo liostaithe ag deireadh na caibidle seo.

Alt 5(1)(c) & 5(1)(d) den Acht CAB 1996

Cás 1:

Chuir Oifigeach de chuid Biúró an Gharda Síochána tús le hathbhreithniú in 2018 ar lánúin, tar éis do na Gardaí Síochána airgead tirim agus drugaí a urghabháil ina dteach.

Ina dhiaidh sin rinneadh imscrúdú Leasa Shóisialaigh tar éis do réamhfiosruithe ó Oifigeach de chuid Bhiúró an Gharda Síochána roinnt lóisteálacha móra airgid a dheimhniú i gcuntais bhainc agus comhar creidmheasa a bhí ina n-ainmneacha in Éirinn agus thar lear.

Ba é an toradh a bhí ar na himscrúduithe ná cinntí athbhreithnithe maidir lena n-éilimh éagsúla a tástáladh ar mhodhanna agus éilimh Leasa Shóisialaigh a bhaineann le hioncam ó 2005 go 2018, lena n-áirítear Liúntas Cuardaitheora Poist, Liúntas Leasa Forlíontach, Forlíonadh Cíos agus Íocaíocht do Theaghlaigh i bhFostaíocht, ar an mbonn gur theip orthu a n-acmhainní a nochtadh go hiomlán le linn gach ceann de na héilimh sin.

Seirbheáladh fógraí ró-íocaíochta os cionn €340,000 ar an lánúin. Tar éis fógraí astaithe a eisiúint, fuarthas níos mó ná €33,000 in aghaidh an fhiachais seo ó chuntas calctha.

Cás 2:

Thug an Biúró an duine seo faoi deara tar éis urghabháil suim shuntasach airgid tar éis don Gharda Síochána a bhfeithicil a chuardach.

Tar éis athbhreithniú a rinne SWBO ar an gcás seo, fuarthas amach go raibh an Íocaíocht Dífhostaíochta Paidéime á fáil ag an duine aonair agus a n-ioncam iomlán fostaíochta á fháil aige.

Rinneadh imscrúdú agus agallamh ina dhiaidh sin nuair nach bhféadfadh an duine míniú a thabhairt. Socraíodh go cuí gur íocadh an Íocaíocht Dífhostaíochta Phaindéime i gcoinne choinníollacha na scéime agus eisíodh cinneadh athbhreithnithe.

Rinneadh measúnú ina dhiaidh sin ar ró-íocaíocht os cionn €21,000. Tar éis fógraí astaithe a eisiúint, fuair an Biúró an t-airgead a d'urghabh na Gardaí agus úsáideadh é chun an ró-íocaíocht a ndearnadh measúnú uirthi a fhritháireamh go páirteach.

Cás 3:

Rinne oifigeach de chuid na RoinneCoimirce Sóisialaí duine ar dhírigh an Biúró air roimhe seo a atreorú chuig an mBiúró faoi alt 5(1)(d). Tharla cás fáltais ó choireacht dá bharr agus ag an am cuí rinneadh athbhreithniú ar a dteidlíocht Leasa Shóisialaigh freisin.

Tar éis an athbhreithnithe seo agus dícheadú íocaíochtaí stairiúla ina dhiaidh sin, rinneadh measúnú ar ró-íocaíocht os cionn €130,000. Rinneadh iarratas ar íocaíochtaí breise agus dícheadaíodh iad freisin gan aon íocaíochtaí breise a eisiúint.

Cuid a Cúig
Gníomhartha Leasa Shóisialaigh ag an mBíúró

Tábla 1: Coigilteas Leasa Shóisialaigh

Cineál Scéime	Coigilteas 2022 €	Coigilteas 2023 €
Sochar Linbh	61,800.00	14,280.00
Liúntas do Chúramóirí	197,064.00	59,568.00
Liúntas Míchumais	213,506.40	154,768.00
Liúntas Cuardaitheora Poist	196,843.40	221,582.40
Íocaíocht Teaghlaigh	52,032.00	139,160.00
Aontuismitheora		
Eile	49,278.40	123,732.76
Iomlán	770,524.20	713,091.16

Tábla 2: Ró-Íocaíochtaí Leasa Shóisialaigh

Cineál Scéime	Ró-Íocaíocht 2022 €	Ró-Íocaíocht 2023 €
Liúntas do Chúramóirí	278,522.16	203,536.50
Liúntas Míchumais	124,821.00	67,673.30
Liúntas Cuardaitheora Poist	2,997,155.19	2,196,959.95
Íocaíocht Teaghlaigh	209,870.23	649,606.70
Aontuismitheora		
Eile	755,304.42	197,268.50
Iomlán	4,365,673.00	3,315,044.95

Tábla 3: Aisghabháil Leasa Shóisialaigh

Cineál Scéime	Aisghafa 2022 €	Aisghafa 2023 €
Sochar Linbh	1,400.00	2,400.00
Liúntas do Chúramóirí	35,546.13	52,784.89
Liúntas Míchumais	87,647.00	105,172.14
Liúntas Cuardaitheora Poist	191,547.18	235,902.25
Íocaíocht Teaghlaigh	121,536.00	174,091.97
Aontuismitheora		
Eile	7,746.69	69,559.01
Iomlán	445,423.00	639,910.26

Cuid a Sé

Imscrúduithe Suntasacha an Bhiúró

Réamhrá

Tugann na cásanna seo a leanas forbhreathnú ar na hiarratais rathúla a thionscain an Biúró i 2023. Léiríonn na cásanna seo éagsúlacht na sócmhainní a urghabhadh, raon geografach na ndaoine a díródh orthu agus na cineálacha coireachta a raibh na daoine aonair seo páirteach iontu.

Imscrúduithe 2023

Cás 1:

Trí dhíriú ar shócmhainní lánúin phósta in Iardheisceart Baile Átha Cliath, d'éirigh leis an mBiúró orduithe a fháil de bhun alt 3, 7 agus 4A den Acht PoC maidir leis na sócmhainní seo a leanas:

- Réadmhaoin lonnaithe i gContae Chill Dara
- Feithicil Nissan X-Trail
- €2,300 in Airgead Tirim



Airgead Tirim a urghabhadh

Cás 2:

Dhíriigh an Biúró ar dhuine a raibh baint aige le díol agus soláthar drugaí rialaithe in Iarthuaisceart Bhaile Átha Cliath. Fuarthas orduithe de bhun alt 3(1) agus 4A den Acht PoC maidir leis na sócmhainní seo a leanas:

- Réadmhaoin in Iarthuaisceart Bhaile Átha Cliath
- 7 uaireadóir ardluacha

- €4,605 in airgead tirim
- Stg £445 in airgead tirim

Díoladh na 7 n-uaireadóir ardluacha ag ceant ar luach iomlán airgid de €72,900.



Uaireadóirí Ardluacha

Cás 3:

Sheol an Biúró imscrúdú tar éis teagmháil a dhéanamh leis na Gardaí atá ceangailte le Stáisiún Garda Shráid Anraí. Bhí imscrúdú á dhéanamh ag na Gardaí a dhíriigh ar ghníomhaíochtaí coiriúla na ngrúpaí coireachta eagraithe atá lonnaithe i gCathair Luimnigh. Reáchtáladh oibríocht chuardaigh a dhíriigh ar líon mór láithreán i gceantar Luimnigh.



Taobh istigh de Réadmhaoin Spáinneach

De bharr na cuardaigh sin, ba é an toradh a bhí ar imscrúdú ilghníomhaireachta an Bhiúró ná gur eisíodh éilimh na gCoimisinéirí Ioncain agus gur dheonaigh an Ard-Chúirt orduithe de bhun alt 2, 3, 7 agus 4A den

Cuid a Sé

Imscrúduithe Suntasacha an Bhiúró

Acht PoC maidir leis na sócmhainní seo a leanas:

1. Réadmhaoin i Luimneach
2. Réadmhaoin i Lanzarote, An Spáinn
3. €124,055 in airgead tirim
4. €88,380 i gcúig chuntas bainc
5. Uaireadóir Rolex na bhFear
6. Uaireadóir Rolex na mBan
7. Volkswagen Passat

Cás 4:

Rinne Próifíleoir Rannach um Sócmhainní i Réigiún na Gaillimhe an cás seo a tharchur chuig an mBiúró. Tá na daoine a ndírítear orthu ina mbaill de ghrúpa coireachta eagraithe a bhfuil naisc acu le díol agus soláthar drugaí rialaithe.

Tar éis oibríocht chuardaigh i nGaillimh agus i Luimneach in 2021, cuireadh tús le himscrúdú agus mar thoradh air sin fuarthas Orduithe Ard-Chúirte de bhun alt 2(1) agus 4A den Acht PoC maidir leis na sócmhainní seo a leanas:

- Mótarfheithicil Audi A6
- €17,052 i seilbh institiúid airgeadais
- Stg £3,000 in airgead tirim
- Bróga reatha spící Christian Louboutin Vieira 2
- Cuaráin na mban Christian Louboutin
- Bróga reatha bána barr-arda Christian Louboutin
- Cuaráin na mban Christian Louboutin Lata Napa Mica
- Bróga reatha spící sóisearacha Christian Louboutin Louis
- Seaicéad bán Canada Goose
- Spéaclaí gréine na mban Bvlgari



Christian Louboutin
Bróga reatha spící

Cás 5:

Chuir Biúró Náisiúnta Drugaí agus Coireacht Eagraithe an Gharda Síochána (GNDOCB) an cás faoi bhráid an Bhiúró tar éis oibríocht chuardaigh a rinne GNDOCB agus ar aimsíodh luach €1,000,000 de channabas dá bharr. Aithníodh an t-úinéir mar cheannaire ar ghrúpa trasnáisiúnta coireachta eagraithe a raibh baint aige le smuigleáil arm tine agus drugaí rialaithe.

Mar thoradh ar imscrúdú an Bhiúró fuarthas orduithe Ard-Chúirte de bhun alt 2 den Acht PoC maidir leis na sócmhainní seo a leanas:

- Réadmhaoin lonnaithe i gContae Lú
- Feithicil 171 Mercedes Benz E Aicme AMG
- €98,000 i gcuntais bhainc éagsúla
- €5,000 in airgead tirim

Tá sé liostaithe le haghaidh éisteachta i mí Dheireadh Fómhair 2024.



An taobh istigh den réadmhaoin

Cás 6:

Fuair an Biúró orduithe de bhun alt 2 den Acht PoC maidir le réadmhaoin ar luach timpeall €300,000 atá suite i gceantar Bhaile Átha Cliath Thiar. Rinneadh athchóirithe cuimsitheacha, ar luach €173,333, ar an réadmhaoin.

Is comhlaigh aitheanta iad na freagróirí sa chás seo de ghrúpa coireachta eagraithe ardphróifíle a bhfuil baint acu le díol agus soláthar drugaí rialaithe agus arm tine.



An taobh istigh den réadmhaoin

Cás 7:

Tar éis Próifíl Rannach um Sócmhainní a fháil ó na Gardaí i gCorcaigh, chuir an Biúró tús le himscrúdú ar dhéileálai aitheanta drugaí a raibh amhras ann go raibh sé an-ghníomhach in allmhairiú agus dáileadh drugaí rialaithe in Iarthar Chorcaí agus a creideadh freisin a bheith ag soláthar príomhdhéileálaithe i gCathair Chorcaí. Bhí amhras ann gur bhain an duine seo úsáid as gnólachtaí in Iarthar Chorcaí mar bhealach chun a fháltais ó choireacht a sciúradh.

I mí Iúil 2023, dheonaigh an Ard-Chúirt orduithe de bhun alt 2 den Acht PoC maidir leis na sócmhainní seo a leanas:

- €45,000 i seilbh institiúidí airgeadais
- Málaí Láimhe le Prionta Louis Vuitton Damier
- 142 Skoda Superb
- 171 Landrover
- 182 Kia Sportage
- 151 Volkswagen Passat
- €14,500 in Airgead Tirim

Cás 8:

Fuair an Biúró orduithe de bhun alt 3 agus 4A den Acht PoC ar thailte i gContae na Mí ar luach €300,000.

Aithníodh na freagróirí sa chás seo, cuideachta agus a húinéir, mar fhreagróirí a bhí i mbun sciúradh fáltais na coireachta ar son grúpaí coiriúla eagraithe aitheanta.

Oibríocht Thor

Sheol an Garda Síochána Oibríocht Thor ar an 2^ú Samhain 2015 mar straitéis frith-choireachta. Is é príomhfhócas Oibríocht Thor ná buirgléireacht agus coireanna gaolmhara a chosc ar fud na hÉireann, ag baint úsáide as straitéisí atá curtha in oiriúint do shuíomhanna tuaithe agus uirbeacha araon.

Sanntar Oifig Faisnéise agus Measúnaithe an Bhiúró mar phointe idirchaidrimh d'Oibríocht Thor.

Le linn 2023, lean an Biúró lena ghníomhaíochtaí chun tacú le hOibríocht Thor trí sócmhainní a raibh amhras fúthu gur tháinig siad ó ghníomhaíocht choiriúil a shainithint agus a urghabháil chomh maith le gníomhartha a dhéanamh de bhun

Cuid a Sé

Imscrúduithe Suntasacha an Bhiúró

cumhachtaí ioncaim agus leasa shóisialaigh.

Oibríocht Tara

Cuireadh tús le hOibríocht Tara, Oibríocht Náisiúnta Frithdhrugaí an Gharda Síochána ar an 1^ú Iúil 2021. Leagann Oibríocht Tara béim láidir ar dhul i ngleic le déileáil drugaí ar leibhéal sráide i gcathracha, i mbailte agus i sráidbhailte ar fud na tíre.

Sanntar Oifig Faisnéise agus Measúnaithe an Bhiúró mar phointe idirchaidrimh d'Oibríocht Tara.

Ó seoladh Oibríocht Tara i mí Iúil 2021, tá an Biúró ag tacú leis an oibríocht seo trí shócmhainní daoine a bhfuil baint acu le mangaireacht drugaí ar fud na tíre a aithint agus a urghabháil.

Cuid a Seacht

Breithiúnais Shuntasacha Cúirte le linn 2023

Le linn 2023, thug na cúirteanna breithiúnais i scríbhinn sna cásanna seo a leanas:

1. An Biúró um Shócmhainní Coiriúla -v- Ross Browning & Ors.
2. An Biúró Um Shócmhainní coiriúla -v- Stephen Bawn Motors Limited agus Mike Nash

An Biúró um Shócmhainní Coiriúla -v- Ross Browning, Ian O'Heaire, Sinead Mulhall, Stephen Fowler, Julie Conway, Lesley Conway, Cheryl Browning agus Robyn Browning

Taifead na hArd-Chúirte Uimh. 2020 Uimh. 13 CAB

An Ard-Chúirt Scríofa – Arna sheachadadh ag an mBreitheamh Onórach Owens an 15^ú Feabhra 2023.

Forghairm neodrach: [2023] IEHC 103

Achoimre

Lorg an t-iarratas, *inter alia*, orduithe de bhun alt 3 den Acht PoC maidir le hocht sócmhainn déag (18) san iomlán lena n-áirítear ceithre (4) réadmhaoín, cúig (5) feithicil, ceithre (4) suim airgid (€16,850 san iomlán), ceithre (4) uaireadóir sómasach (luach iomlán measta €40,200) agus fáinne aon seoide diamaint (luach measta €13,000) i seilbh agus i gceannas na bhFreagróirí.

D'áitigh an Biúró go bhfuil an Chéad Fhreagróir, Ross Browning, ina phríomhbhall de Ghrúpa Coireachta Eagraithe Kinahan (OCG) - OCG idirnáisiúnta a bhfuil baint aige le hallmhairiú agus dáileadh drugaí agus arm tine.

Is gaolta agus/nó comhlaigh de chuid an Chéad Fhreagróra iad na freagróirí eile agus ba é áitiú breise an Bhiúró go raibh na sócmhainní ábhartha go léir maoinithe go díreach nó go hindíreach ag fáltais ó choiriúlacht an Chéad Fhreagróra.

Ba chóir a thabhairt faoi deara go ndearnadh iarratas ar leith thar ceann ionadaithe ar Eastát seanathair Ross Browning, William 'Liam' Conway, a fuair bás sa stát ar an 9^ú Samhain 2018 ach a d'fhan ina úinéir cláraithe ar réadmhaoín mhór ag Baile Gháire, An Aill, Co. Bhaile Átha Cliath - ábhar an iarratais sin.

Ina iarratas, dhearbhaigh na hIonadaithe Pearsanta thar ceann an Eastáit, go raibh an Biúró faoi urchos reachta cás a thógáil i gcoinne eastát duine éagtha de bharr alt 9(2) den Acht um Dhliteanas Sibhialta 1961 a fhorálann nach mbeidh aon chúis chaingne in aghaidh eastát duine éagtha laistigh de dhá bhliain ó dháta an bháis.

Ba é cás an Bhiúró gur cheannaigh Ross Browning in ainm William Conway ceann de na réadmhaoine ar díriodh orthu, Bóthar Bhaile an Déin, Fionnghlas ar an 6^ú Eanáir 2012 ar chostas iomlán de €59,648 chun a fhíorúinéireacht a cheilt. Bhí drochbhail ar an réadmhaoín seo in 2011 agus rinneadh athchóiriú cuimsitheach ar ardchaighdeán uirthi.

Mhaígh an Biúró nár leor airgeadas pearsanta William Conway chun Bóthar Bhaile an Déin a cheannach agus chun íoc as na hathchóirithe cuimsitheacha a rinneadh ar ardchaighdeán ar an bhfianaise.

In ainneoin an méid sin thuas, is cosúil gur díoladh an réadmhaoín ina dhiaidh sin ar

€120,000 in 2012, leis an dara Freagróir, (col ceathrar le Ross Browning agus garmhac William Conway) ar luach i bhfad níos airde. Baineadh úsáid as fáltais ón díolachán chun suíomh agus foirgnimh fhairsinge a cheannach i mBaile Gháire, An Aill, Contae Bhaile Átha Cliath - in ainm William Conway freisin – mar a ndéanfadh Ross Browning forbairtí móra agus a ndéanfadh áit chónaithe de.

Ba é áitiú an Bhiúró gur fhan an dá réadmhaoín i seilbh agus faoi smacht an Chéad Fhreagróra agus gur scéim chasta a bhí sa cheannach tosaigh, athchóiriú agus díol líomhnaithe ar Bhóthar Bhaile an Déin chun cistí a sciúradh óna ghníomhaíocht choiriúil agus a úinéireacht a cheilt.

Rinneadh athchóiriú cuimsitheach ar réadmhaoín na hAille ar chostas measta de €929,319 gan CBL san áireamh agus caitheadh €303,842 breise gan CBL ar athchóiriú Chestnut Lodge, réadmhaoín chónaithe ar leith ag tosach suíomh na hAille a raibh an Cúigiú Freagróir ina chónaí ann, is é sin máthair Ross Browning agus a páirtí ag an am.

Dearbhaithe:

Dúirt an chúirt, agus í ag diúltú don éileamh thar ceann eastát William Conway ar dtús, ó mhír 17 dá breithiúnas:

17. *Diúltaíonn an chúirt seo d'áitiú Ellen Conway go bhfuil baint ar bith ag alt 9(2) den Acht um Dhliteanas Sibhialta 1961 (Acht 1961) leis an iarratas seo ar na cúiseanna atá leagtha amach i mbreithiúnas an Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla v. Walsh [2021] IEHC 457.*
18. *Ní athraíonn an leasú ar alt 11(7) de Reacht na dTréimhsí 1957 (Acht 1957) a dhéantar le halt 10 den Acht um Fháltais ó Choireacht (Leasú) 2005 dearcadh na cúirte seo nach bhfuil feidhm ag forálacha an bharrama in alt 9(2) d'Acht 1961 maidir le hiarratais faoi alt 3 d'Acht 1996. Dhéileáil an leasú sin le saincheist maidir le cibé an raibh feidhm ag foráil faoi bharrama d'Acht 1957 a bhaineann le caingne ar fhorghéilleadh maidir le himeachtaí faoi Acht 1996. Is léir ó théarmaí an leasaithe nach féidir leis a bheith ina chabhair chun forálacha Acht 1996 a fhorléiriú go cuí ná ina chúnamh chun cinneadh a dhéanamh an bhfuil aon fheidhm ag forálacha Acht 1957 nó alt 9(2) d'Acht 1961 maidir le himeachtaí faoi alt 2(1) nó alt 3(1) d'Acht 1996.*
19. *Is í an cheist an bhfuil iarratais faoi ailt 2(1) agus 3(1) d'Acht 1996 de chineál ar féidir le haon fhoráil d'Acht 1957 feidhm a bheith aici maidir leis, nó ar féidir feidhm a bheith ag alt 9(2) d'Acht 1961 maidir leis. Tá freagra diúltach tugtha ag an gcúirt seo cheana féin ar an gceist sin. Níl aon bhunús ar a bhféadfadh feidhm a bheith ag aon cheann de na forálacha teorann seo maidir le himeachtaí faoi alt 2(1) nó alt 3(1) d'Acht 1996.*
20. *Mura mbeadh an chúirt seo faoi cheangal ag údarais bhreithiúnacha dá mhalairt, chinneadh sí freisin go bhfuil alt 9(2) d'Acht 1961 teoranta d'imeachtaí inar féidir "tréimhse iomchuí" a shainaithint mar*

thréimhse fhorordaithe le hachtachán teorann, agus nach mbaineann na cásanna malartacha go léir a shamhlaítear le halt 9(2)(a) agus alt 9(2)(b) den Acht sin ach le cúiseanna caingne a d'fhéadfadh a bheith faoi urchosc ama faoi threoir "tréimhse iomchuí". Ní fhéadfadh imeachtaí faoi alt 2(1) agus alt 3(1) d'Acht 1996 teacht faoin rúbic seo.

21. *D'áitigh an Biúró gur tugadh an t-iarratas seo laistigh de dhá bhliain ó bhás William Conway. D'áitigh an Biúró dá mbeadh feidhm ag alt 9(2) d'Acht 1961 maidir le hiarratais faoi alt 3(1) d'Acht 1996, gur laistigh de thréimhse ama a tugadh an t-iarratas seo.*

22. *Tá forálacha Acht 1996 den sórt sin nach mbaineann rialacha maidir le cineachadh teidil agus riaradh réadmhaoine a chuimsítear in eastáit leis an bpríomhcheist maidir le cibé an dtagann réadmhaoín atá i seilbh nó faoi rialú freagróra ó fháltais ó choireacht. Dá réir sin tá forálacha teorannaithe atá dírithe ar dhíospóidí dlíthiúla a bhaineann le réadmhaoín atá in eastáit den sórt sin neamhábhartha freisin.*

23. *Tá cur i bhfeidhm alt 9(2) d'Acht 1961 a d'áitigh eastát William Conway ina leith go hiomlán ag teacht salach ar scéim agus críocha Acht 1996. Níl an chúirt seo cinnte fós faoin argóint nach bhféadfadh an tOireachtas a léiriú go bhfuil sé ar intinn aige imeachtaí faoi alt 2(1) nó alt 3(1) d'Acht 1996 a eisiamh ó oibriú alt 9(2) d'Acht 1961 ach amháin trí*

fhoráil shainráite áirithe gan oibriú na forála deiridh sin a áireamh.

Agus é ag diúltú d'aighneacht bhreise thar ceann eastát William Conway, gur tháinig na feabhsuithe ar Chestnut Lodge agus na struchtúir a tógadh ar a chúl ina sheilbh de thairbhe na rialach go dtéann an teideal chun daingneáin agus foirgnimh a thógtar nó a chuirtear ar thalamh chuig úinéir na talún, dúirt an chúirt:

44. *Ní bhaineann an riail seo le gach cás ina ndéanann duine amháin obair ar thalamh atá dílsithe do dhuine eile. Féadfaidh na daoine sin ar leo talamh agus a áitíonn talamh socruithe neamhfhoirmiúla a dhéanamh a cheadaíonn do neamhúinéirí foirgnimh a thógáil nó a fheabhsú lena n-úsáid féin nó le haghaidh úsáide comhroinnte. Is minic a bheidh sé mar thoradh ar na socruithe seo go bhfaighidh daoine nach bhfuil aon teideal foirmiúil páipéir acu leas úinéireachta tairbhiúla i dtalamh nó lian cothromais ar luach na hoibre nó ar chostas na hoibre nó ar luach an bhreisithe ar luach na sócmhainne arna léiriú ag an obair.*

Ina theannta sin, agus aghaidh á tabhairt ar an tsaincheist shubstainteach, chinn an chúirt ar dtús go raibh bunús réasúnta le fianaise chreidimh Phríomhoifigeach an Bhiúró maidir le gach sócmhainn seachas dhá (gan suimeanna airgid de €2,750 agus €2,800 faoi seach san áireamh). Dheonaigh an chúirt an t-ordú substainteach de bhun alt 3(1) den Acht TF, agus ag déanamh amhlaidh rinne sí

achóimre ar an bhfianaise mar a leanas ó mhír 51 ar aghaidh;

51. *Is leor na hábhair a chuir Príomhoifigeach an Bhiúró san áireamh chun údar a thabhairt lena thuairimí go bhfuarthas an gluaisrothar, na gluasteáin agus an veain a urghabhadh ag an Aill, Bóthar na hUaimhe agus Baile Átha Cliath 1 le fáltais na coireachta. Is leor iad freisin chun údar a thabhairt lena chreideamh go bhfuarthas uaireadóirí agus seodra a urghabhadh ag an Árasán i mBaile Átha Cliath 1 le fáltais na coireachta. Is leor iad freisin chun údar a thabhairt le creideamh Phríomhoifigeach an Bhiúró gur tháinig airgead a urghabhadh ar Bhóthar na hUaimhe agus ó árasán Robyn Browning as fáltais na coireachta.*

52. *Is leor na hábhair seo freisin chun údar a thabhairt le tuairimí Phríomhoifigeach an Bhiúró go bhfuarthas Bóthar Bhaile an Déin agus an Aill i ndáil le maoin arbh ionann é go hindíreach agus fáltais ó chuireacht agus gur sholáthair Ross Browning mórán den airgead a úsáideadh chun an Chestnut Lodge a atógáil agus a athchóiriú as fáltais na coireachta. Is leor iad freisin chun údar a thabhairt leis an tuairim gur mhaoinigh Ross Browning na struchtúir agus na forbairtí ar an Aill lastuaidh de Chestnut Lodge agus an bóthar rochtana gaolmhar soir ó Chestnut Lodge as fáltais na coireachta. Is leor iad freisin chun údar a thabhairt leis an gcreideamh*

go bhfuarthas na ceapacha talún ag an Trá Thuaidh sa Ros le fáltais ó chuireacht a sholáthair Ross Browning. Is leor iad freisin chun údar a thabhairt leis an tuairim go ndearnadh athchóiriú ar Bhóthar Bhaile an Déin le hairgead a sholáthair Ross Browning arbh ionann é agus fáltais ó chuireacht.

53. *Tugann an fhianaise a thairg an Biúró agus na hábhair a bhreithnigh Príomhoifigeach an Bhiúró tacaíocht láidir dá chreideamh i ndáil le gach ceann de na sócmhainní sin. Socraíonn an fhianaise iomlán a thíolaic an Biúró, lena n-áirítear an fhianaise chreidimh seo, mar ábhar dóchúlachta gur fáltais ó chuireacht gach ceann de na míreanna seo nó go bhfuarthas iad le maoin, nó i ndáil le maoin, arbh ionann é, go díreach nó go hindíreach, agus fáltais ó chuireacht.*

54. *Cad é an fhianaise agus an t-ábhar a thugann údar leis na conclúidí seo? Soláthraíonn fianaise agus faisnéis ábhartha a thug an Biúró na sonraí seo a leanas ar aird faoi Ross Browning agus a ghaolta agus a chomhlaigh agus faoi gach ceann de na sócmhainní a éilíodh.*

55. *Tagann Ross Browning ó cheantar Shráid Hardwicke i mBaile Átha Cliath. Nochtann taifid na gCoimisinéirí loncaim go raibh sé fostaithe mar bhríceadóir i lár na 2000idí agus go raibh sé féinfhostaithe sa ghairm chéanna ina dhiaidh sin. Bhí tuilleamh an-bheag á thabhairt ar ais aige. Bhí*

- comhlachas gnó aige le Stephen Fowler. Bhí sé sa Spáinn in 2009. Sa tréimhse dhá mhí dhéag dar críoch an 16ú Feabhra 2009 d'aistrigh sé breis is €40,000 ó cheann dá chuntas Bhainc-Aontas Éireann (AIB) go dtí cuntas bainc Spáinneach in Estepona de chuid corparáide bainteach le Daniel Kinahan. Bhain sé seo le ceannach réadmhaoine sa Bhrasail.
56. Bhí baint ag Ross Browning le robáil airgid faoi bhealach in éineacht le BF agus RB in 2001. Bunaítear leis an bhfianaise a thairgtear thar ceann an Bhiúró mar ábhar dóchúlachta go raibh Baint shuntasach leanúnach ag Ross Browning le coireacht eagraithe le roinnt blianta anuas agus gur príomhbhall é de bhuíon coireachta eagraithe Kinahan. Tá baint ag an mbuíon trasnáisiúnta seo le hallmhairiú agus dáileadh drugaí agus arm tine in Éirinn.
57. Tá baint ag Ross Browning le Daniel Kinahan agus le baill shinsearachta eile de dhrong coireacht eagraithe Kinahan agus de bhuíon Byrne. Is fo-shraith de bhuíon Kinahan é buíon Byrne. D'fhreastail Ross Browning agus Sinead Mulhall ar bhainis Daniel Kinahan i Dubai in 2017. D'fhreastail sé freisin ar bhainis Christopher Kinahan junior i 2007. Nuair a bhí sé sa Spáinn in 2010 rinneadh cuardach ar a áit chónaithe mar chuid d'oibríocht a bhain leis na Kinahans agus fuarthas gunna láimhe. Bhí sé i láthair le linn an chuardaigh seo i gcuideachta fear eile a raibh baint aige le buíon Kinahan.
58. Tá baint fhada ag Ross Browning le Stephen Fowler atá ina choirpeach míchlúiteach. Is choirpeach míchlúiteach é BF freisin, páirtí dá dheirfiúr Cheryl Browning. Léiríonn faisnéis ón nGarda Síochana gur baill de bhuíon Kinahan iad.
59. Léiríonn an fhianaise go raibh Stephen Fowler páirteach i gcomhcheilg chun dúnmharfóir ar pá a thabhairt ó Oirthear na hEorpa chun marú drongchoirpeachta a dhéanamh i mí Aibreáin 2017. Theip ar an gcomhcheilg, agus idircheapadh an dúnmharfóir ar pá. Gabhadh Stephen Fowler ag rith teach fáis cannabais ina theach cónaithe in 2010 agus bhí táirge bainte réidh aige le díol ann chomh maith le stiúdghunnaí. Gearradh pianbhreith príosúin air maidir leis na cúrsaí seo in 2012. Thug faisnéis le fios gur ghníomhaigh mac Stephen Fowler, a dúnmharaíodh i mí na Nollag 2018, mar bailitheoir fiach do Ross Browning. Ba é seoladh Stephen Fowler an pointe imeachta freisin don íospartach a bhí beartaithe d'iarracht feallmharaithe i mí an Mheithimh 2019.
60. Maoiníodh cuntais bhainc AIB Ross Browning in 2007 agus 2008 trí shraith lóisteálacha slánsuime agus aistrithe, ar tháinig cuid acu ó Stephen Fowler. In 2007 ba é seoladh Stephen Fowler i mBaile Bhlainséir an seoladh do ráitis ina chuntas reatha gnó. Ó mhí Iúil 2008 bhí €1,000 in aghaidh na seachtaine á fháil aige a cuireadh chun sochair dá chuntas bainc. Cuireadh an t-airgead

seo i leith ó "JBM Construction". Cuireadh stad leis na híocaíochtaí seo i mí Eanáir 2009.

61. Bhí JBM Construction Ltd ann idir deireadh 2006 agus deireadh 2008 nuair a discaoileadh é. Bhí oifigí cláraithe aige in áitreabh Stephen Fowler i mBaile Bhlainséir. Bhí Ross Browning i gcomhpháirtíocht le Stephen Fowler in 2007 i ngnó eile de "cabhsáin choincréite a leagan" agus rinne sé tuairisceán ar na Coimisinéirí Ioncaim ar bhrabús de €17,408 don tréimhse idir Eanáir agus Lúnasa 2007.

62. Tar éis 2009 ní raibh mórán gníomhaíochta i gcuntais bhainc AIB Ross Browning. Tá sé seo ag teacht lena neamhláithreachta sa Spáinn i rith 2009 agus in 2010 nuair a thug an Guardia Civil cuairt ar a theach ansin. Níor léirigh na hidirbhearta a taifeadadh sna ráitis bhainc gníomhaíocht a bhí i gcomhréir le húsáid chun críocha tógálaí agus mar ghairm bheatha mar thógálaí.

63. Ba iad na príomh-idirbhearta ar na cuntais seo ó mhí an Mhárta 2009 ná lóisteálacha chun morgáistí dhá réadmhaoin thréigthe a cheannaigh sé i Luimneach in 2007 agus 2008 a chomhlíonadh. Fuarthas amach go bhfuarthas na réadmhaoin seo le fáltais ó chuireacht in imeachtaí a thionscain an Biúró ina choinne. Tháinig a chumas chun infheistíocht a dhéanamh sna réadmhaoin seo ó fhoinsí anaithnide, agus chinn an chúirt seo go bhfuarthas é ó fháltais choiriúla. In 2008 agus 2009 fuair sé

íocaíochtaí fóirdheontais cíosa don tríú réadmhaoin sa limistéar céanna i Luimneach. Bhí an réadmhaoin seo á áitiú ag cailín coirpeach as Luimneach.

64. Ag am éigin in 2010 bhí Ross Browning ar ais in Éirinn ón Spáinn. Ba é a ghlanbhrabúis dhearbhairthe roimh cháin in 2010, 2011 agus 2012 ná €14,167, 21,200 agus 16,000. Dhearbhaigh sé ioncam "nialas" i dtuairisceáin chánach do 2013 agus 2014. Ní dhearna sé aon tuairisceáin chánach do 2015 agus 2006. Dhearbhaigh sé brabúis €37,000 agus €17,696 mar úinéir giomnásiam in 2017 agus 2018. Chláraigh sé mar thrádálaí aonair mar "BB Construction" in 2011.

De bhun an bhreithiúnais seo, dheonaigh an chúirt orduithe iarmhartacha breise chun dhá mhéid airgid mheasartha a thabhairt ar ais a raibh sé ina seilbh nach raibh forais leordhóthanacha ann chun ordú alt 3 a dhéanamh agus cheap sí glacadóir chun na míreanna inaistrithe agus an t-eastát réadach a bhí fágtha a dhíol le hordú go mbeadh méideanna áirithe ar comhréir le cistí dlisteanacha de réir dealraimh a chinntear a mhaoinigh éadail an eastáit réadaigh a thabhairt ar ais do pháirtithe iomchuí ar bun an díola.

I dtaca leis seo, rinne an chúirt an ráiteas seo a leanas:

345. Tá sé ar intinn ag an gcúirt seo, le drogall, na forálacha eisceachtúla seo a fhorchur chun a chinntiú nach mbeidh aon saibhriú díréireach ar an Stát ar chostas roinnt gaolta de

chuid Ross Browning a chaill amach nó a chaillfidh amach toisc gur éascaigh siad gníomhaíochtaí Ross Browning a bhaineann leis na réadmhaoine seo. Bhí baint ag na gaolta seo le gníomhaíochtaí thar a bheith ciontacha. D'éascaigh siad sciúradh airgid nó ghlac siad sochair arna maoiniú ag coireacht eagraithe den chineál is tromchúisí.

346. *Baineann forálacha Acht 1996 le maoin a dhíorthaítear go páirteach ó fháltais ó choireacht. D'fhéadfadh sé a bheith iomchuí ó am go chéile, i bhfeidhmiú cuí discríd, coigeartuithe a dhéanamh a aithníonn éifeacht ionchuir daoine nach bhfuil neamhchiontach as éagóir i luach sócmhainní a rinneadh mar ábhar d'ordú faoi alt 3(1) d'Acht 1996.*
347. *Beidh orduithe faoi alt 3(1) d'Acht 1996 i ndáil leis na míreanna eile a fuarthas a bheith díorthaithe ó fháltais ó choireacht. Ní sholáthraíonn an fhianaise aon bhunús ar a mbeadh baol tromchúiseach éagóra ann mar thoradh ar ordú a dhéanamh faoi alt 3(1) go bhfuil imthosca eisceachtúla áirithe ann ar cheart a chur san áireamh maidir le haon cheann de na míreanna sin.*

Bronnadh costais ar an mBiúró i gcoinne an Chéad, an Tríú agus an Seachtú Freagróir.

An Biúró um Shócmhainní Coiriúla -v- Stephen Bawn Motors Limited agus Mike Nash

Taifead na hArd-Chúirte Uimh. 2020 Uimh. 13 CAB

An Chúirt Achomhairc scríofa - Arna Sheachadadh ag an mBreitheamh Onórach Alexander Owens ar an 28^ú Iúil 2023

Forghairm neodrach: [2023] IEHC 498

Achoimre:

Lorg an t-iarratas *inter alia* orduithe de bhun alt 3 den Acht PoC maidir le 114 feithicil agus an t-iarmhéid de €20,509.82 i gcuntas bainc a bhí i seilbh agus faoi rialú na bhFreagróirí.

D'áitigh an Biúró gur gnó é an Chéad Fhreagróir, Stephen Bawn Motors Ltd, (“an Chuideachta”) a bhunaigh Stephen O’Sullivan, Shane Curtin agus an Dara Freagróir agus a ritheann é, chun críche an t-ioncam aindleathach a ghineann roinnt coirpigh agus OCGanna ó réigiún Luimnigh agus ó réigiún na Mumhan i gcoitinne. Bhí sé mar chuid de chás an Bhiúró gur tháinig an caipiteal a úsáideadh chun an Chuideachta a thosú ó fháltais na coireachta a úsáideadh chun stoc a cheannach ó dhéileálaithe gluaisteán a bhí lonnaithe go príomha sa Ríocht Aontaithe. Ansin allmhairíodh agus díoladh na feithicilí tríd an gCuideachta. Ba é dearbhú an Bhiúró nár tugadh cuntas ceart ar na brabúis a ghin an Chuideachta, go ndeachaigh siad ar iarraidh agus gur measadh gur tugadh ar ais i bpáirt dá infheisteoirí coiriúla iad sa chéim dheiridh den scéim sciúradh airgid ilchasta seo.

Ina theannta sin, mhaígh an Biúró gur bhain an Chéad Fhreagróir mí-úsáid as an

scéim corrlaigh CBL toisc gur theip air CBL a ghearradh, a bhailiú agus/nó a chur ar ais ar dhíolacháin deiridh feithicilí cabhlaigh athlámhe a d'allmhairigh sé. D'éiligh an Biúró freisin nár bhunaigh na sonraisc díolacháin a bhain le feithicilí allmhairithe teidlíocht na Cuideachta na feithicilí sin a dhíol le custaiméirí faoin scéim chorrailigh CBL agus gur fhan an dlíteanas CBL a bhí mar thoradh air gan íoc.

Ina theannta sin, tharraing an Biúró aird ar shampla ina ndearnadh míráiteas ar luach trádála isteach ar fheithicil a díoladh ar fruilmheannach chun díolachán a dhéanamh agus chuir sé fianaise ar fáil ó iarfhóstaí go ndearnadh é seo 'uaireanta' chun díolachán a dhéanamh. Ar deireadh, thug an Biúró faoi deara go raibh ocht an clog athshocraithe in ocht gcinn de na feithicilí a urghabhadh .i. rinneadh an odaiméadair a choigeartú chun an míléaiste a cuireadh i leith na bhfeithicilí a laghdú go calaíseach, rud a mhéadaigh a luach athdhíola.

Dearbhaithe:

Agus achoimre á dhéanamh ar an nglancheist atá faoi dhíospóid – dúirt an chúirt an méid seo a leanas :

“29. Má bhíonn taifid atá á gcoimeád ag an gCuideachta iontaoifa agus má thugann na ráitis airgeadais neamhniúchta faoifa do 2015, 2016 agus 2017 léargas fíor agus cothrom ar a gnóthaí airgeadais, d'éirigh thar barr lena gnó. D'fhás an gnó seo laistigh de cheithre bliana go leith ó ghnóthas beag le stoc measartha de charranna

athlámhe go dtí ceann a raibh fardal de 110 feithicil indíolta á iompar aige. Mheas an Biúró gurbh fhiú €1,116,679 an fardal seo. Bhí an luacháil seo bunaithe ar phraghsanna a luadh ar shuíomhanna gréasáin na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann d'fheithicilí comhchosúla ag an am.

30. Baineadh an fás seo amach gan áiseanna rótharraingthe bainc, caipiteal scairshealbhóra. Ba é an t-aon chúnamh ón dílseánach ná iasacht stiúrthóra de €27,400 a tugadh faoi deara sna cuntais agus líon beag carranna arbh ionann iad agus stoc trádála tosaigh. Ní raibh saoráid stocála airgeadas mótaí ag an gCuideachta. Bhí a chuid iasachtaí bainc teoranta do dhá iasacht de €25,000, a tugadh chun cinn i mí Dheireadh Fómhair agus mí na Samhna 2015, agus iasacht bhreise de €50,000, a tugadh chun cinn i mí na Nollag 2016.

31. I mí Dheireadh fómhair 2016, rinneadh idirghabhálaí creidmheasa údaraithe den Chuideachta le haghaidh Bluestone Motor Finance ("Bluestone"). Chabhraigh sé seo leis an ngnó trína chur ar a chumas foinse airgeadais feithicle a thairiscint do chustaiméirí ionchasacha a raibh airgeadas fruilmheannaigh ag teastáil uathu chun cabhrú le ceannach gluaisteán. Toradh eile air seo ná gur athraigh próifíl na n-íocaíochtaí do charranna ó sheiceanna, airgead tirim agus dréachtaí bainc go dtí seoltáin ó

Bluestone. D'íoc Bluestone coimisiún freisin ar airgeadas fruilcheannaigh carranna a thug an Chuideachta isteach. Ghin an sruth ioncaim breise seo €438,558 don Chuideachta sa tréimhse go dtí an 19 Márta 2019.

32. *Choinnigh an Chuideachta iarmhéideanna creidmheasa móra ina cuntas reatha trí chuid mhór de 2017 agus 2018. Uaireanta sháraigh siad seo €300,000.*

33. *Ba é iomlán na bhfáltas taifeadta ó dhíolacháin sa ráiteas trádála don bhliain dar críoch 31 Lúnasa 2017 ná €5,301,313, agus tháinig €3,243,000 de sin ó Bluestone. B'ionann seo agus 61% d'fháltais díolacháin taifeadta. An bhliain dár gcionn ba é €8,074,300 iomlán na bhfáltas taifeadta ó dhíolacháin, agus tháinig €6,298,000 de sin ó Bluestone. B'ionann seo agus 78% d'fháltais díolacháin taifeadta.*

34. *Mar sin féin, deimhníonn fianaise a chuir an Biúró ar fáil mar ábhar prima facie dóchúlacht gur cur i gcéill a bhí sa rath seo. Maoiníodh cuid mhaith de chaipiteal na Cuideachta chun trádáil i gcarranna ó fhoinsí anaithnid. Chuaigh fáltais ó dhíol go leor carranna a dhíol an Chuideachta ar iarraidh. Tá taifid chuideachta a bhaineann lena ndéileálacha le roinnt déileálaithe sa RA go hiomlán neamhiontaofa agus tugann siad le fios go bhfuil siad i gcomhar leis na heintitis RA seo agus ag baint úsáide as ceannach feithiclí uathu mar mhodh chun*

airgead a sciúradh. Deimhníonn an fhianaise seo go bhfuil bunús maith agus réasúnta le tuairimí Phríomhoifigigh an Bhiúró, go dtagann fardal na ngluaisteán agus iarmhéid an chuntais reatha ó fháltais ó choireacht, agus gur dóichí ná a mhalairt go bhfuarthas iad i bpáirt le maoin agus i ndáil le maoin arbh ionann é, go díreach nó go hindíreach, agus fáltais ó choireacht.

35. *Leagtar amach i mionnscríbhinní an Bhiúró an t-ábhar atá mar bhunús lena gcreideann Príomhoifigigh an Bhiúró go bhfuil Stephen O'Sullivan, Mike Nash agus Shane Curtin ag feidhmiú i gcomhar le daoine a bhfuil baint acu le coireacht eagraithe agus go bhfuil siad ag sciúradh airgid tríd an gCuideachta.*

36. *Tá fianaise ann go raibh baint ag Mike Nash agus Stephen O'Sullivan le fear a raibh cúlra aige ag soláthar áiseanna sciúradh airgid. Léiríonn doiciméid a fuarthas ar ríomhaire na Cuideachta go raibh plean ar bun in 2016 chun airgead a threorú isteach sa Chuideachta trína stoc trádála ag an am a chur in úinéireacht eintiteas Seiceach arna rialú ag an bhfear seo. Chuirfeadh an t-eintiteas seo airgeadas ar fáil chun stoc a cheannach. Nochtann ríomhphoist agus sceideal feithiclí a ullmhaíodh timpeall an ama sin go raibh ullmhúcháin á ndéanamh chun na socrúithe seo a chur i bhfeidhm idir Iúil agus Meán Fómhair 2016.*

Bhunaigh Stephen O'Sullivan Stephen Bawn Motors Teoranta i bPoblacht na Seice freisin. Thit Mike Nash amach leis an bhfear seo. Mar thoradh air seo tharla achrann eatarthu in 2017.

...

Agus athbhreithniú á dhéanamh ar an bhfianaise os a comhair, mhionsonraigh an chúirt ó mhír 65 aimhrialtachtaí agus neamhréireachtaí áirithe le roinnt idirbheart ó thrí sholáthraí atá bunaithe sa Ríocht Aontaithe ónar cheannaigh an Chuideachta stoc:

65. *Taifeadadh gur ceannaíodh líon mór carranna ó thríúr déileálaí atá lonnaithe sa Ríocht Aontaithe. Tá an chéad cheann de na haonáin seo suite i nDeisceart Ard Mhacha i dTuaisceart Éireann agus feidhmíonn sé ó ghairdín tí príobháideach. Tá an dara ceann lonnaithe in Doncaster i Sasana. Tá an tríú ceann lonnaithe in Barnsley i Sasana.*
66. *Is trí dhréachtaí bainc agus seiceanna ainmnithe in Euro a bhí íocaíochtaí ag an gCuideachta ar ghluaisteáin a sholáthair an déileálaí in Ard Mhacha Theas, arna dtarraingt i bhfabhar duine ainmnithe a raibh Bureau de Change á fheidhmiú aige. D'íoc an Chuideachta €972,254 don duine seo idir 31 Lúnasa 2016 agus 19 Márta 2019. Íocadh €81,300 sa tréimhse idir 1 Meán Fómhair 2018 agus 19 Márta 2019. Cuireadh trí ghluaisteán a ghabh an Biúró i leith na gceannachán ón díoltóir seo.*
67. *Thaispeáin scrúdú ar thaifid íocaíochta VRT agus sonraisc a bhí i seilbh na Cuideachta maidir le feithicilí a sholáthair an déileálaí seo seacht gcás inar eisigh an déileálaí seo dhá shonrasc éagsúla chun an fheithicil chéanna a dhíol. Tá uimhreacha difriúla ar na sonraisc seo nó níl aon uimhir acu agus in dhá chás bhí difríocht idir na méideanna. Fanann dátaí an tsonraisc díolacháin mar an gcéanna. Gné de chuid de na sonraisc seo ná nach bhfuil sé soiléir an Euro nó Steirling an méid a sonraíodh.*
68. *In dhá chás cuireadh feithicilí a thaifead an Chuideachta mar fheithicilí a sholáthair déileálaithe Doncaster isteach le haghaidh VRT de bhun sonrasc a d'eisigh déileálaí Thuaisceart Éireann agus eintiteas gnó eile sa RA.*
69. *Léiríonn taifid VRT gur aithníodh go mícheart 36 de 82 feithicil a ceannaíodh ón díoltóir seo i dTuaisceart Éireann mar fheithicilí a ceannaíodh ón gcoimeádaí bunaidh. As na 46 feithicil eile, cuireadh trí charr isteach le haghaidh VRT ag baint úsáide as sonraisc ón díoltóir in Doncaster mar chruthúnas ar cheannach. In dhá chás, cuireadh sonraisc do ghluaisteáin a bhí seolta cheana féin ag an díoltóir i dTuaisceart Éireann chuig an gCuideachta ar*

- aghaidh chuig Nash Cars and Commercials Ltd, agus cuireadh na sonraisc sin faoi bhráid na n-údarás CCF mar fhianaise ar luach.
70. Tá an comhlacht díoltóireachta in Doncaster á fheidhmiú ag beirt deartháireacha a bhí féimheach i 2014. Dícháilíodh iad go dtí Meán Fómhair 2019 ó bheith ag gníomhú mar stiúrthóirí cuideachta I Sasana. Luaigh taifid na Cuideachta gur ón bhfoinse seo a tháinig 28 de na gluaisteáin a d'urghabh an Biúró. Chuir an Biúró luach €285,178 ar na feithiclí seo. Léiríonn liosta a thaispeáin an Biúró gur cheannaigh na déileálaithe seo formhór na ngluaisteán seo ó British Car Auctions. Mhaígh Mike Nash go raibh úinéireacht aige ar 22 de na gluaisteáin seo, lena n-áirítear ceann amháin den dá ghluaisteán a luadh leis na ndéileálaithe seo a d'éiligh Shane Curtin freisin.
71. Ba é luach iomlán na n-íocaíochtaí a rinne an Chuideachta leis na déileálaithe in Doncaster idir an bhliain dar críoch an 31 Lúnasa 2017 agus 2019 ná €2,812,663. Bhí sonrasc amháin ag an gCuideachta a bhain le feithicil amháin a sholáthair na díoltóirí seo. Níor chomhlíon an sonrasc seo riachtanais na scéime corrlaigh CBL. Sna sé mhí dar críoch 19 Márta 2019, b'ionann iomlán na n-íocaíochtaí a rinne an Chuideachta leis na déileálaithe seo agus €503,390.
72. Chuaigh Oifigigh an Biúró i dteagmháil le duine de na déileálaithe seo. Mhaígh sé gur chreid sé gur chuir siad timpeall caoga carr ar fáil don Chuideachta. Bhí an fhaisnéis seo ar neamhréir le taifid a choinnigh an Chuideachta. Gheall sé sonraisc a sholáthar don Bhiúró. Ní raibh aon cheann le teacht.
73. Bhunaigh imscrúduithe a bhain leis na déileálaithe seo nasc eatarthu agus ceannach 1,114 carr ó British Car Auctions idir 2013 agus 2019. Ba é an tsuim a bhí i gceist leis na hidirbhearta sin ná STG£6,000,000. Tá cónaí orthu i dteachíní beaga in Darlington. I rith na tréimhse ábhartha ní raibh aon acmhainn shuntasach acu agus níor íoc siad cánacha. Sonraíonn faisnéis a chuir comhlacht forfheidhmithe dlí na RA ar fáil go bhfuil baint acu le coirpigh a bhfuil baint acu le coireacht eagraithe i Sasana agus gur sholáthair siad gluaisteáin le húsáid ag baill de ghrúpaí coireachta eagraithe.
- Agus an fhianaise a thairg Mike Nash á breithniú, dúirt an chúirt an méid seo a leanas;
83. I dtaispeántas MN8 dá mhionnscribhinn arna mionnú an 16 Aibreán 2021 d'éiligh Mike Nash úinéireacht ar 37 de na feithiclí urghabhála agus sholáthair sé sonraí. As na feithiclí seo, d'aithin sé 25 mar fheithicil a sholáthair na déileálaithe in Doncaster; ceithre cinn ag na Déileálaithe in Barnsley,

péire ag Wilsons, ceann ag Nash Cars and Commercials Teo agus dhá cheann ag na déileálaithe in Ard Mhacha Theas. Áiríodh ar an liosta seo naoi bhfeithicil sa bhreis orthu siúd a d'éiligh sé roimhe seo. Níor tugadh aon fhianaise ar aird chun aon íocaíocht ó Mike Nash a dheimhniú as aon fheithicil a d'éiligh sé sna himeachtaí seo a cheannach, nó feithicil a léiríodh a bheith ceannaithe aige ó dhéileálaithe mótaí agus díolta ag an gCuideachta. Nuair a chuir oifigigh Biúró agallamh air dúirt sé gur úsáideadh cuntas reatha na Cuideachta chun íoc as gluaisteáin a cheannaigh sé.

84. Níorbh fhéidir faisnéis faoi cheannach feithicil i dtréimhse luath trádála na Cuideachta a réiteach le caiteachas taifeadta. Áiríodh ar láimhdeachas taifeadta sa chéad bhliain trádála díolacháin feithicil a thug Mike Nash agus daoine eile isteach. Léirigh doiciméad a thaispeáin Mike Nash mar MN1 gurbh ionann ceannacháin stoic agus 72 as 280 carr a díoladh sa chéad tréimhse trádála de chuid na Cuideachta. As na feithicilí eile, taifeadadh 18 mar fheithicilí a sholáthair Mike Nash, agus taifeadadh 39 mar fheithicilí a sholáthair Shane Curtin. Chuir déileálaí gluaisteáin aitheanta daichead a haon ar fáil. Liostaíodh nócha a haon mar "díolachán príobháideach" agus liostaíodh 16 mar "carr cara". Tugann sé sin le fios nár cheannaigh an Chuideachta ach luach €317,000 de

charranna agus go raibh an chuid is mó d'fháltais díola na cinn eile iníoctha leis na soláthraithe sin.

85. Nocht imscrúdú breise ar charranna liostaithe mar charranna a dhíol an Comhlacht sa tréimhse seo 12 ghluaisteán eile a bhí liostaithe i dtaifid déileálaí ó Thiobraid Árann mar a díoladh le Mike Nash. Liostaíodh na gluaisteáin seo ar bhealaí éagsúla i MN1 mar "stoccheannach", "Shane Curtin" nó "soláthar príobháideach". Is féidir íocaíocht ar cheann de na gluaisteáin a rianú go dréacht a cheannaigh an Chuideachta. Shéan an soláthraí ó Thiobraid Árann aon chaidreamh gnó le Shane Curtin. Níor taifeadadh go raibh aon cheann de na 12 ghluaisteán seo faighte ag Mike Nash.

Tar éis an fhianaise seo a bhreithniú tháinig an chúirt ar an gcinneadh seo a leanas:

90. Bunaíodh Nash Car and Commercial Sales Limited d'fhonn go mbainfeadh Mike Nash gluaisteáin a bhí luaite leis mar chuid de shocrú comhthiomsaithe na Cuideachta. Mar gheall ar an gcineál socraithe níorbh fhéidir leis é seo a dhéanamh. Tá a éileamh ar úinéireacht feithicilí i bhfardal 2019 na Cuideachta dochosanta. Aon ús a bhí aige ná teidlíocht chun íocaíocht a fháil, arna ríomh faoi threoir sciar den ghlanbhrabús barúlach ar dhíolacháin charranna a cheannaigh sé ag baint úsáide as

airgead na Cuideachta. Tá éileamh Shane Curtin ar ghluaisteáin a cheannaigh agus a n-íocann an Chuideachta astu dochosanta freisin.

Agus achoimre á dhéanamh ar an bhfianaise a cuireadh i láthair sa chás, agus ag cur béime ar nádúr neamhchruinn ról na cúirte i measúnú na n-éileamh iomaíoch, chinn an Breithiúnas gurbh fháltais ó choireacht iad na sócmhainní ábhartha ina n-íomláine, seachas dhá fheithicil i seilbh phríobháideach. Mar thoradh air sin, rinne an chúirt na ráitis deiridh seo a leanas:

112. *Tríd is tríd, léiríonn fianaise a chuir an Biúró i láthair nár choinnigh an Chuideachta taifid chuí nó iontaoifa ar a hidirbhearta gnó. Bhí sé i mbun cuntasáíochta bréagach agus coimeád taifead bréagach. Bhí faisnéis a bhí mar bhunús dá ráitis airgeadais don tréimhse ó dheireadh 2014 go dtí 31 Lúnasa 2017 neamhiontaoifa. Ní féidir a mhaíomh go bhfuil na haistarraingtí agus na ceannacháin stoic ag teacht le chéile le linn na tréimhse seo. In 2014, 2015 agus go pointe níos lú in 2016 níor lóisteáladh go leor airgid thirim a taifeadadh mar a fuarthas sa chuntas reatha agus in 2014 agus 2015 aistarraingíodh go leor airgid ón gcuntas reatha.*
113. *Rinne an Chuideachta neamhaird de chomhlíonadh cheanglais na scéime corrlaigh CBL agus theip orthu go rialta CBL ceart a ghearradh ar dhíolacháin deiridh*

na ngluaisteán a d'allmhairigh siad ón RA gan sonrasc ceart. Léiríonn fianaise gur ghlac, gur choinnigh, gur úsáid nó gur chruthaigh an Chuideachta sonrasc bhréige, i roinnt cásanna.

114. *Tríd is tríd, tá an chúirt seo lánchinnte go bhfuil an fhianaise ó chuntasóir an Bhiúró gur tugadh isteach maoiniú suntasach ó fhoinsí nár nochtadh isteach sa Chuideachta ceart agus gurb é sin an míniú is dócha ar a bhfás. De réir na fianaise, bhí easpa acmhainní dlísteanacha ag Stephen O'Sullivan, Dave Nash nó Shane Curtin chun maoiniú a dhéanamh chun cistí nó feithiclí a thabhairt isteach sa Chuideachta, rud a ghinfeadh na leibhéil láimhdeachais, stoc trádála agus iarmhéid sochair a bhí an Chuideachta in ann a bhaint amach de réir dealraimh. Fiú roimh theacht Bluestone, bhí fardal mór feithiclí ag an gCuideachta a bhí ar neamhréir leis an láimhdeachas sonraithe. Ba é an fhoirse dhóchúil a bhain leis an ngníomhaíocht ghnó seo go léir ná fáltais ó choireacht a chuir coirpigh Luimnigh ar fáil mar chuid de ghníomh sciúradh airgid. Níl aon mhíniú eile inchreidte.*
115. *Bhí na hidirbhearta leis na déileálaithe ó Doncaster an-neamhrialta agus léiríonn easpa sonrasc CBL gurb é an míniú dóchúil ná gur tugadh isteach airgead ó fhoinsí anaithnide chun gluaisteáin a fháil sa Ríocht*

Aontaithe. Tacaíonn an fhaisnéis ó fhorghníomhú an dlí sa RA faoi acmhainní agus gníomhaíochtaí gnó na ndéileálaithe ó Doncaster leis seo agus an bhaint atá acu le coireacht eagraithe sa RA.

116. *Ba mhodh an-neamhghnách íocaíochta le déileálaí gluasteán i dTuaisceart Éireann é dréachtaí bainc ainmnithe in Euro agus seiceanna a úsáid le haghaidh méideanna móra slánaithe arna dtarraingt go pearsanta le bureau de change i dTuaisceart Éireann. Taispeántar cóipeanna de dhá cheann de na hionstraimí seo. Cuireadh i dtaisce iad i gcuntas gnó de chuid an bureau de change. Tugann sé seo le fios freisin gurb é an míniú dóchúil ná gur tugadh isteach airgead sa RA ó fhoinsí anaithnide chun gluasteáin a cheannaigh Mike Nash don Chuideachta a cheannach. Más fíor-íocaíochtaí iad chuig déileálaí gluasteán, d'fhéadfaí agus ba cheart na híocaíochtaí seo a dhéanamh trí aistriú airgid chuig cuntas bainc an déileálaí sin ar an ngnáthbhealach.*

117. *Tacaíonn táscairí eile calaoise leis an gconclúid seo sa tslí ina ndearna an Chuideachta a gnó. Tacaíonn easpa rialuithe doiciméadacha leis freisin chun fíorú airgid a fhaightear ar dhíolacháin agus a chaitear ar cheannacháin a chumasú. Léiríonn sonrascadh bréagach, easpa sonraisc chúí nó gan sonraisc ar bith, neamhaird ar chur i bhfeidhm ceart na scéime*

corrlaigh CBL, agus gan cuntas a thabhairt ar fháltais ó dhíolacháin na bhfeithiclí a cheannaigh an chuideachta, léiríonn siad uilig go ndearnadh fíorbhunús agus costas na bhfeithiclí a ceannaíodh a cheilt go calaoiseach, chomh maith le ceann scribe na bhfáltas ó dhíolachán feithiclí a íocann an Chuideachta astu.

118. *Tá fianaise ann gur bhain a rialaitheoirí luach suntasach amach ón gCuideachta chun críocha anaithnide. Bhí luach ag dul isteach sa ghnó ó fhoinsí seachas na rialaitheoirí agus bhí sé á bhaint agus á úsáid ar bhealaí nach bhfuil mínithe i dtaifid ghnó na Cuideachta. Tugann na neamhrialtachtaí cruthaithe seo go léir tacaíocht d'fhianaise Phríomhoifigeach reatha an Bhiúró go raibh an Chuideachta á rith mar oibríocht sciúradh airgid.*

119. *Ní féidir a mheas go beacht cé mhéad de na sócmhainní a éillíonn an Biúró atá ina bhfáltais indéacha ó choireacht. Is é an rud is féidir a thabhairt i gcrích ná go bhfuil dóthain fianaise curtha chun cinn ag an mBiúró chun a chruthú, prima facie, go dtagann a fhardal agus iarmhéid an chuntais reatha go príomha ó fháltais na coireachta agus gur gineadh sócmhainní a ghin a oibríochtaí gnó trí úsáid a bhaint as fáltais ó choireacht nó go bhfuarthas iad i dtaca le fáltais ó choireacht. Cé go ndearnadh gnéithe áirithe de thrádáil na Cuideachta ar an bealach ceart,*

*cruthaíonn fianaise an Bhiúró gur
inneall calaoise a bhí ann, arna
spreagadh ag sciúradh airgid.*

Mar thoradh air sin, dheonaigh an chúirt orduithe iarmhartacha de bhun alt 3(1) den Acht PoC i leith na sócmhainní ábhartha agus dheonaigh sí costais i bhfabhar an Bhiúró.

Cuid a Seacht
Breithiúnais Shuntasacha Cúirte le linn 2023

Fágadh an leathanach seo bán d'aon ghnó

Cuid a hOcht

Forbairtí Náisiúnta agus Idirnáisiúnta

An Léargas Idirnáisiúnta

Mar ghníomhaireacht tosaigh sa chomhrac in aghaidh na coiriúlachta, tá cumas an Bhiúró an fheidhm seo a chomhlíonadh, go mór mór, bunaithe ar a chur chuige idirghníomhaireachta agus ildisciplíneach, le tacaíocht ó shraith uathúil prionsabal dlí.

Tá ról tábhachtach ag an mBiúró i gcónaí i bhforfheidmiú an dlí ar leibhéal idirnáisiúnta.

An Oifig um Aisghabháil Sócmhainní (ARO)

Is é an Biúró an Oifig um Aisghabháil Sócmhainní (ARO) ainmnithe in Éirinn. Tar éis Cinneadh ón gComhairle Eorpach in 2007, bunaíodh Oifigí um Aisghabháil Sócmhainní ar fud an Aontais Eorpaigh chun malartú faisnéise a cheadú idir gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí a bhfuil baint acu le himscrúdú, sainaitheint agus coigistiú sócmhainní a mheastar a bheith ina bhfáltais ó iompar coiriúil.

Mar chuid dá thiomantas mar Oifig um Aisghabháil Sócmhainní, ghlac an Biúró páirt ghníomhach i Líonra ARO in 2023. D'fhreastail Oifigeach Dlí an Bhiúró agus an Bleachtair Cigire ar dhá chruinniú ARO sa Bhruiséil i Márta agus Samhain 2023.

I rith 2023, fuair an Biúró nócha (90) iarratas ar chúnamh. Bhí an Biúró in ann faisnéis a sholáthar maidir leis na hiarratais seo go léir. Fuarthas na hiarratais ó ocht dtír dhéag (18) ar fud an domhain.

Le linn 2023, bhain an Biúró tuilleadh úsáid as an Líonra seo agus sheol sé tríocha a ceathair (34) iarratas chuig ceithre thír déag (14) éagsúil ar fud an domhain i gcomparáid le nócha a trí (93) iarratas chuig tríocha a dó (32) tír le linn 2022.



Lógó ARO

Oibríochtaí Idirnáisiúnta

Ó thaobh na hoibríochta de, leanann an Biúró de bheith páirteach i roinnt oibríochtaí idirnáisiúnta.

Féadfaidh rannpháirtíocht an Bhiúró in oibríochtaí den sórt sin a bheith éagsúil ag brath ar chúinsí an cháis. D'fhéadfadh go n-áireofaí leis faisnéis leanúnach a sholáthar chun cabhrú le himscrúdú i ndlínse eile.

Níos minice, beidh ról gníomhach i gceist leis maidir le spriocanna coiriúla aonair agus a gcuid sócmhainní a rianú agus a aimsiú i gcomhar le gníomhaireachtaí comhchosúla i ndlínse eile.

Europol

Gníomhaíonn Europol chun tacú lena Bhallstáit gach cineál tromchoireacht, coireacht idirnáisiúnta agus coireacht eagraithe a chosc agus a chomhrac.

Le linn 2023, lean an Biúró ag obair le Europol ar roinnt imscrúduithe beo.

Interpol

Is gníomhaireacht é Interpol atá comhdhéanta de bhallaíocht eagraíochtaí póilíní i gcéad nócha a sé (196) tír ar fud an domhain. Is é príomhfheidhm na gníomhaireachta imscrúduithe baile a éascú a sháraíonn teorainneacha náisiúnta agus idirnáisiúnta. Bhain an Biúró leas as an gníomhaireacht seo i roinnt imscrúduithe a rinneadh in 2023.

CARIN

In 2002, chomhóstáil an Biúró agus Europol comhdháil i mBaile Átha Cliath in Óstán Camden Court. Roghnaíodh na rannpháirtithe ó chleachtóirí forfheidhmithe dlí agus breithiúnacha.

Bhí sé mar chuspóir ag an gcomhdháil moltaí a chur i láthair maidir le brabúis na coireachta a aithint, a rianú agus a urghabháil.

Ceann de na moltaí a d'eascair as na ceardlanna ba ea féachaint ar ghréasán neamhfhoirmiúil teagmhálaithe agus comharchumann a bhunú i réimse sainaithe agus aisghabháil sócmhainní coiriúla. Bunaíodh Líonra Idirghníomhaireachta Aisghabhála Sócmhainní Camden (CARIN) dá bharr.

Is é aidhm CARIN éifeachtacht na n-iarrachtaí chun a mbrabúis aindleathacha a bhaint de choirpigh a fheabhsú.

Seoladh Líonra CARIN de ghníomhaireachtaí Aisghabhála Sócmhainní go hoifigiúil le linn Chomhdháil Bhunaithe CARIN sa Háig, i Meán Fómhair 2004.



Lógó CARIN

Tá rúnaíocht bhuan CARIN lonnaithe i gceanncheathrú Europol sa Háig. Tá an eagraíocht á rialú ag Coiste Stiúrtha de naonúr ball agus Uachtaránacht sealaíochta.

Le linn 2023, ghlac an Biúró páirt ghníomhach i Líonra CARIN. Tionóladh an Cruinniú Ginearálta Bliantúil sa Bhruiséil agus bhí Stáit Aontaithe Mheiriceá ina chathaoirleach ar an 3 – 5 Bealtaine 2023.

An Coiste Stiúrtha Frithsciúradh Airgid (AMLSC)

Le linn 2023, ghlac an Biúró páirt sa Choiste Stiúrtha Frithsciúradh Airgid ceithre (4) huair.

Is é cuspóir an AMLSC fóram trasearnála náisiúnta a chur ar fáil chun maoirseacht agus athbhreithniú gníomhach a dhéanamh ar chreat AML/CFT na hÉireann.

Caidreamh le Gníomhaireachtaí Seachtracha Forfheidhmithe an Dlí

Tá comhoibriú láidir ag an mBiúró i gcónaí lena chomhpháirtithe forfheidhmithe dlí go hidirnáisiúnta.

Tá tábhacht ar leith ag baint leis an Ríocht Aontaithe, go háirithe, toisc gurb í an t-aon tír a bhfuil teorainn talún ag Éirinn léi. Dá bhrí sin leanann an Biúró ag forbairt agus ag neartú an chaidrimh idir é agus gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí na Ríochta Aontaithe. Chuige sin, bhí an-áthas ar Phríomhoifigeach an Bhiúró fáilte a chur roimh HMRC agus an Gníomhaireacht Náisiúnta Coireachta chuig an mBiúró ar an 29^ú Márta 2023.

Póilíneacht Foirne Comhphárteacha Imscrúdaithe (JITanna)

In 2023, lean an Biúró dá rannpháirtíocht mar chomhalta d'Fhoireann Chomhphárteach Imscrúdaithe (JITanna) a bunaíodh i gcomhréir le hAirteagal 20 den Dara Prótacal Breise den Choinbhinsiún Eorpach maidir le Cúnamh Frithphárteach in Ábhair Choiriúla an 20 Aibreán 1959.

Tá an Biúró ina bhall d'Fhoireann Chomhphárteach Imscrúdaithe a bunaíodh chun imscrúduithe a éascú i bPoblacht na hÉireann agus i Stáit na Rómáine ar chomhaltaí de Ghrúpa Coireachta Eagraithe na Rómáine a bhfuil baint acu le gáinneáil ar dhaoine, striapachas agus sciúradh airgid atá ag feidhmiú i Stáit na hÉireann agus na Rómáine araon.

Tá imscrúdú á dhéanamh ag an mBiúró ar shócmhainní na ndaoine a bhfuil baint acu le gáinneáil ar dhaoine, striapachas agus sciúradh airgid a éascú.

Tascfhórsa Comhghníomhaireachta Trasteorann (JATF)

Ba ghealltanais é bunú an Tascfhórsa Comhghníomhaireachta Trasteorann ag Rialtas na hÉireann agus na Breataine i gComhaontú Tús Úr 2015 agus tá an Tascfhórsa i bhfeidhm ó thús 2016 i leith.

Is éard atá sa Tascfhórsa Comhghníomhaireachta seo ná Grúpa Maoirseachta Straitéiseach a shaináithníonn agus a bhainistíonn na tosaíochtaí straitéiseacha chun an choireacht eagraithe trasdhlínse a chomhrac agus Grúpa Comhordaithe Oibríochtaí a chomhordaíonn comhoibríochtaí agus a stiúránn na hacmhainní ilghníomhaireachta riachtanacha do na hoibríochtaí sin.



Tugann an Tascfhórsa Comhghníomhaireachta Trasteorann na gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí ábhartha le chéile sa dá dhlínse chun gníomhartha straitéiseacha agus oibríochtúla i gcoinne grúpaí coireachta eagraithe trasteorann a chomhordú ar bhealach níos fearr. Oifigigh Shinsearachta ón nGarda Síochána, Seirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann, Custam na

gCoimisinéirí Ioncaim, Ioncam agus Custam na Banríona, an Biúró agus an Ghníomhaireacht Náisiúnta um Choireacht (a bhfuil an príomhról acu in aisghabháil sócmhainní coiriúla sa Ríocht Aontaithe) atá ar an Tascfhórsa.

Uaireanta, cuirtear seirbhísí forfheidhmithe dlí cúí eile san áireamh, (amhail gníomhaireachtaí cosanta comhshaoil agus seirbhísí inimirce) nuair a éilíonn oibríochtaí an Tascfhórsa iad. Ghlac an Biúró páirt in dhá (2) chruinniú oibríochta i mí na Bealtaine agus i mí na Samhna 2023 maidir leis an Tascfhórsa Comhghníomhaireachta.

Chuir an Biúró tuarascálacha ar fáil don Ghrúpa Comhordaithe Oibríochtaí maidir le stádas na n-imscrúduithe ábhartha roimh an dá chruinniú agus tá baint aige le roinnt imscrúduithe atá á ndéanamh faoin Tascfhórsa Comhghníomhaireachta.

Cuairteanna ar an mBiúró

Tárraingíonn rath an Bhiúró aird idirnáisiúnta i gcónaí. Le linn 2023, chuir an Biúró fáilte roimh thoscaireachtaí agus ghníomhaireachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta, duine le duine agus ar líne araon, thar réimse disciplíní.

Tugann rannpháirtíocht leanúnach an Bhiúró in imscrúduithe a bhfuil gné idirnáisiúnta ag baint leo deis chun cur leis an bhfreagairt idirnáisiúnta um fhorfheidhmiú an dlí ar an mbagairt leanúnach ó ghníomhaíochtaí coiriúla eagraithe trasnáisiúnta agus bonn eolais a chur faoi. Ina theannta sin,

tugann an rannpháirtíocht seo deis don Bhiúró a thaithí a roinnt lena ghníomhaireachtaí comhpháirtíochta idirnáisiúnta.

Rinne an Biúró roinnt cur i láthair freisin do ghníomhaireachtaí éagsúla, a bhfuil sonraí fúthu leagtha amach mar seo a leanas:

[An Coimisiún Eorpach 18/04/23 – 19/04/23](#)

D'eagraigh Institiúid Idir-Réigiúnach na Náisiún Aontaithe um Thaighde ar an gCoirpeacht agus ar an gCeartas misean staidéir chuig Oifigí an Bhiúró. Ghlac tuairim is daichead toscaire ón Airméin, ón tSeoirsia, ón Moldóiv, ón Úcráin, ón Asarbaiseáin agus ón Libia páirt ann.

Ba é téama an mhisin staidéir ná *“Coigistiú Sibhialta agus Orduithe Saibhreas Neamhmhínithe: Módúlachtaí Nua-Aimseartha chun Sócmhainní a Fuarthas go hAindleathach a Urghabháil agus a Choigistiú”*. Chuir Príomhoifigeach an Bhiúró, Michael Gubbins tús le himeachtaí agus thug sraith cainteoirí a bhí ceangailte leis an mBiúró forbhreathnú ar an mBiúró agus ar stair an Bhiúró.

Rinne Oifigeach Dlí an Bhiúró, Kevin McMeel, achoimre ar an reachtaíocht atá mar bhonn agus thaca ag an mBiúró agus ar chur i bhfeidhm praiticiúil na samhla forghéillte sócmhainní neamh-chiontúbhunaithe atá in úsáid ag an mBiúró. Rinne Anthea Brookes Uasal ón nGníomhaireacht Náisiúnta um

Choireacht, an Ríocht Aontaithe, cur i láthair freisin ar ábhar Orduithe Saibhreas Neamhmhínithe.



Toscaireacht Na Saimbia-7ú Meitheamh 2023

Bhí an-áthas ar Príomhoifigeach an Bhiúró fáilte a chur roimh thoscaireacht ó chuid de na hInstitiúidí Imscrúdaithe agus Ionchúisimh sa tSaimbia. Bhí an toiscaireacht ar cuairt mar chuid de Chlár Riail Dlí Idirnáisiúnta na hÉireann (IRLI) sa tSaimbia.

Sa ghrianghraf thíos le Príomhoifigeach an Bhiúró Michael Gubbins tá an tUasal Gilbert Phiri, an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí, an tUasal Thom Trevor Shamakamba, an tArd-Stiúrthóir, an Coimisiún Frith-Éillithe agus an tUasal Brian Caden, Leas-Cheann Misean ag Ambasáid na hÉireann go dtí an tSaimbia.



Comhdháil Réigiúnach ar an gCoireacht

Rinne Oifigigh an Bhiúró cur i láthair ar obair an Bhiúró ag na Comhdhála Réigiúnacha ar an gCoireacht seo a leanas:

1. Comhdháil Réigiúnach an Iarthair ar Choireacht 07/12/2023



2. Comhdháil Réigiúnach an Deiscirt ar Choireacht – 09/10/2023



Cruinnithe Ardleibhéil

Reáchtáladh roinnt cruinnithe ardleibhéil in 2023, lena n-áirítear mar seo a leanas:

An Institiúid Gnóthaí Idirnáisiúnta agus Eorpacha (IIEA) 11^ú Meán Fómhair 2023

Bhí Príomhoifigeach an Bhiúró, Michael Gubbins, sásta labhairt leis an nGrúpa um Cheartas agus Gnóthaí Baile athbhunaithe maidir le hobair an Bhiúró agus maidir leis an méid a d'fhéadfadh an Biúró samhail a sholáthar do Bhallstáit eile an Aontais Eorpaigh chun dul i ngleic le tromchoireacht agus chun déileáil le fáiltais na coireachta.

Cruinniú le hAmbasadóir na Tuirce, a Shoilse Hakan Olcay, 27 Deireadh Fómhair 2023

D'fhreastail Príomhoifigeach an Bhiúró, Michael Gubbins agus baill an Bhiúró ar fáilteú ag Óstán Herbert Park chun 100bliain d'Fhorógra Phoblacht na Tuirce a cheiliúradh.

Tugadh aitheantas ag an bhfáilteú freisin dóibh siúd a chabhraigh le bailiú ábhar a raibh géarghá leo d'íospartaigh na crith talún tragóideach a tharla in oirdheisceart na Tuirce ar an 6^ú Feabhra 2023.

Chabhraigh Oifigigh agus baill foirne an Bhiúró leis an obair fóirithinte trí 11 bosca clúidíní arbh fhiú 4,753 san iomlán iad agus 61 bosca ciarsúr a bhailiú agus a sheoladh chuig Ambasáid na Tuirce.



TÜRKİYE CUMHURİYETİ
DIŞİŞLERİ BAKANLIĞI

Ceiliúradh Céad Bliain na gCoimisinéirí Ioncaim, Caisleán Bhaile Átha Cliath 21^ú Feabhra 2023

Bhí ríméad ar Phríomhoifigeach an Bhiúró, Michael Gubbins, freastal ar chomóradh céad bliain Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim i gCaisleán Bhaile Átha Cliath ar an 21^ú Feabhra 2023.

Grúpa UNCAC

Ghlac an Bleachtaire-Cheannfort Seamus Dalton páirt i nGrúpa Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh an Éillithe (UNCAC) chun athbhreithniú a dhéanamh ar chur chun feidhme an dara timthriall maidir leis an Spáinn i Maidrid idir 9 agus 11 Bealtaine 2023.

Agallaimh leis na Meáin

Chun próifíl an Bhiúró a chur chun cinn tuilleadh, thug Príomhoifigeach an Bhiúró roinnt agallamh d'eagraíochtaí meán, a bhfuil samplaí díobh leagtha amach thíos:

- 4^ú Samhain 2023: alt Nuachtáin san Irish Times dar teideal "*Nochtann fiosrúchán CAB líonra baincéireachta ceilte*".
- 4^ú Samhain 2023: alt Nuachtáin san Irish Times dar teideal "*An chaoi a bhfuil rabharta nua de choirpigh Éireannacha ag déanamh gaisce dá saibhris agus á úsáid chun eagla a chothú*".

- 9^ú Samhain 2023: Léirigh Seó Claire Byrne na sócmhainní ardluacha a d'urghabh an Biúró.
- Thug Príomhoifigeach an Bhiúró agallaimh freisin do na meáin chumarsáide chun poiblíocht a thabhairt don chéad cheant poiblí ar líne de chuid an Bhiúró i mí na Samhna agus i mí na Nollag 2023.

Cuid a hOcht
Forbairtí náisiúnta agus idirnáisiúnta

Fágadh an leathanach seo bán d'aon ghnó

Cuid a Naoi

Tuarascáil Bhliantúil um Nochtadh Cosanta

An tAcht um Nochtadh Cosanta, 2014

Ceanglaítear le halt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta 2014 ar gach comhlacht poiblí tuarascáil a ullmhú agus a fhoilsiú, tráth nach déanaí ná an 30^ú Meitheamh, i ndáil le faisnéis na bliana roimhe sin, a bhaineann le nochtadh cosanta.

Ní bhfuair an Biúró aon nochtadh cosanta sa tréimhse tuairiscithe suas go dtí an 31^ú Nollaig 2023.

An Gealltanas um Ionracas san Áit Oibre

Shínigh an Biúró an gealltanas 'Ionracas san Áit Oibre' i mí an Mheithimh 2021. Is ráiteas poiblí é an gealltanas seo a léiríonn tiomantas an Bhiúró chun áit oibre a chothú a thacaíonn le himní faoi éagóir ar bith.

I dtaca leis seo, d'fhreastal beirt (2) Oifigeach de chuid an Bhiúró ar an bhFóram um Ionracas san Áit Oibre (IAW) arna óstáil ag Transparency International (Ireland) Limited.



Cuid a Naoi
Tuarascáil Bhliantúil um Nochtadh Cosanta

Fágadh an leathanach seo bán d'aon ghnó

Cuid a Deich

Conclúidí

In 2023, d'fheidhmigh an Biúró a shainchúram reachtúil chun dul sa tóir ar fháltais ó iompar coiriúil. Chun é seo a dhéanamh, baineann an Biúró úsáid as forálacha an Achta um Fháltais ó Choireacht 1996 arna leasú, mar aon le reachtaíocht loncaim agus Leasa Shóisialaigh.

Lean an Biúró ar aghaidh ag díriú ar shócmhainní a d'eascair as iompar coiriúil amhrasta éagsúla lena n-áirítear gáinneáil ar dhruaí, calaois, goid, buirgléireacht, sciúradh airgid agus gáinneáil ar dhaoine.

Déanann an Biúró monatóireacht agus díriú ar threochtaí atá ag teacht chun cinn amhail úsáid na trádála mótaí chun sócmhainní coiriúla a cheilt chomh maith le húsáid criptea-airgeadraí le haghaidh aistriú sócmhainní agus calaois idirnáisiúnta.

Le linn 2023, leag an Biúró béim ar leith ar dhíriú ar na grúpaí coiriúla atá ag gabháil do thromchoireacht coireacht agus eagraithe, chomh maith le coireacht réadmhaoine, amhail buirgléireacht agus robálacha.

Díríonn gníomhaíochtaí an Bhiúró go háirithe ar choireacht tuaithe agus bhí roinnt de ghníomhartha an Bhiúró ag tacú le forfheidhmiú an dlí in áiteanna réigiúnacha.

Mar thoradh ar na himscrúduithe a rinne an Biúró agus na himeachtaí agus na gníomhartha iarmhartacha cuireadh suimeanna os cionn €8.651m ar aghaidh chuig an Lárchiste, ar féidir iad a bhriseadh síos mar seo a leanas:

- Cuireadh €2.219 milliún ar aghaidh chuig an Státchiste faoin reachtaíocht um Fháltais ó Choireacht
- Cuireadh €0.639m ar ais i dtéarnaimh Leasa Shóisialaigh
- Bailíodh €5.792 milliún mar thoradh ar nósanna imeachta forfheidhmithe na gCoimisinéirí loncaim agus comhaontuithe cánach

Ina theannta sin, chuir an Biúró breis agus €1.2m ar ais chuig oifig an Stiúrthóra lonchúiseamh Poiblí i gcás CC.

Airgead lomlán a thug CAB ar ais in 2023

Airgead a tugadh ar ais faoi shainchúram an CAB .i., Fáltais ó Choireacht, reachtaíocht loncaim agus Leasa Shóisialaigh	€8,651,396
Airgead curtha ar ais chuig an Stiúrthóir lonchúiseamh Poiblí	€1,207,787
lomlán	€9,859,183

Ar an leibhéal idirnáisiúnta, tá naisc láidre coinnithe ag an mBiúró agus leanann sé de bheith i dteagmháil le húdarais forfheidhmithe dlí agus breithiúnacha ar fud na hEorpa agus ar fud an domhain.

Le linn 2023, bhí baint ag an mBiúró le roinnt imscrúduithe a bhain le hiompar coiriúil ag grúpaí coireachta eagraithe i réigiún na teorann.

Leanann an Biúró ag forbairt a chaidrimh le roinnt gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí a bhfuil naisc thrasdhlínse acu, go háirithe Interpol,

Cuid a Deich Conclúidí

Europol, Coimisinéirí Ioncam & Custam na Banríona, an Ghníomhaireacht Náisiúnta um Choireacht sa RA, Líonra CARIN, Póilíní Cónaidhme na hAstráile, Imscrúduithe Slándála Dúiche agus Oifig Atur na SA.

Leanann an Biúró, mar an Oifig um Aisghabháil Sócmhainní ainmnithe (ARO) in Éirinn, ag forbairt naisc forfheidhmithe dlí le Ballstáit eile an AE.

Agus a chuspóirí á saothrú aige, leanann an Biúró de bheith i dteagmháil go dlúth leis an nGarda Síochána, le hOifig na gCoimisinéirí Ioncaim, leis an Roinn Coimirce Sóisialaí agus leis an Roinn Dlí agus Cirt chun straitéis chomhtháite a fhorbairt chun díriú ar na sócmhainní agus na brabúis a thagann as iompar coiriúil. Meastar gur uirlis éifeachtach í an straitéis seo sa chomhrac i gcoinne na tromchoireachta agus na coireachta eagraithe.

Leanann an Grúpa Iontrálacha foirmiúil, a bunaíodh in 2018, ag tacú le hobair na hOifige Faisnéise agus Measúnaithe (IAO) agus é ag tabhairt comhairle do Phríomhoifigeach an Bhiúró maidir le daoine a roghnú le díriú orthu le haghaidh imscrúdú iomlán. Tá an fhoireann ildisciplíneach mar chroílár shamhail an CAB i gcónaí ina n-oibríonn gairmithe le chéile ar mhaithe lena ngnóthachan aindleathacha a shéanadh agus a bhaint de choirpigh.

Ceann de phríomhláidreachtaí an Bhiúró is ea a chomhoibriú le heagraíochtaí eile chun tacú lena ghníomhaíochtaí. Ní fhéadfadh an Biúró tabhairt faoina ghníomhaíochtaí gan tacaíocht ó go leor

rannóga den Gharda Síochána, lena n-áirítear aonaid faoin dTromchoireacht Eagraithe, an tAonad Práinnfhreagartha, an tAonad Réigiúnach Tacaíochta Armtha, pearsanra Rannach áitiúil agus Preasoifig an Gharda Síochána.

Ina theannta sin, faigheann an Biúró cúnaimh den scoth ó go leor rannóga d'Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim agus go háirithe, Atur na gCoimisinéirí Ioncaim agus an Rannán Imscrúdaithe, Ionchúisimh, Bainistíochta Teorann agus na hAonaid Madraí Custaim.

Thug oifigigh ó rannóga éagsúla den Roinn Coimirce Sóisialaí cúnaimh don Bhiúró maidir le cúrsaí comhleasa.

Cuireann ár gcomhghleacaithe sa Roinn Dlí agus Cirt comhairle agus tacaíocht den scoth ar fáil don Bhiúró le béim ar leith ar acmhainní daonna, airgeadas, rialachas, iniúchadh agus riosca. Leanaimid de bheith ag obair leis an Roinn i réimsí na n-athruithe reachtaíochta agus beartais agus chun cóiríocht oiriúnach nua a fháil a chuirfidh ar chumas an Bhiúró a shainchúram reachtúil a chomhlíonadh.

Aguisín A

Cuspóirí agus feidhmeanna an Bhiúró

Cuspóirí an Bhiúró: Alt 4 den Acht fán mBiúró um Shócmhainní Coiriúla, 1996 & 2005

4.—Faoi réir fhorálacha an Achta seo, is iad cuspóirí an Bhiúró—

- (a) sócmhainní daoine a shainaithint, cibé áit a bhfuil siad, a thagann nó a bhfuil amhras ann go dtagann siad, go díreach nó go neamhdhíreach, ó iompar coiriúil,
- (b) gníomh iomchuí a dhéanamh faoin dlí chun na sócmhainní nó an sochar a bhaineann leis na sócmhainní sin, go hiomlán nó go páirteach, de réir mar is cuí, a bhaint de na daoine sin nó a shéanadh, agus
- (c) aon imscrúdú a shaothrú nó aon obair ullmhúcháin eile a dhéanamh i ndáil le haon imeachtaí a eascraíonn as na cuspóirí a luaitear i míreanna (a) agus (b).

Feidhmeanna an Bhiúró: Alt 5 den Acht fán mBiúró um Shócmhainní Coiriúla, 1996 & 2005

5.—(1) Gan dochar a dhéanamh do ghinearáltacht Alt 4, is iad feidhmeanna an Bhiúró, ag feidhmiú trí Oifigigh an Bhiúró, na gníomhartha riachtanach uile a ghlacadh—

- (a) i gcomhréir le feidhmeanna an Gharda Síochána, chun críocha coigistiú, srianadh úsáide, calcadh, caomhnú nó urghabháil sócmhainní a shainaithnítear a bheith ag teacht, nó a bhfuil amhras ann go dtagann siad, go díreach nó go hindíreach, ó iompar coiriúil
- (b) faoi na hAchtanna Ioncaim nó faoi aon fhoráil d'aon achtachán eile, cibé acu a ritheadh é roimh an Acht seo a rith nó dá éis, a bhaineann le hioncam, chun a chinntiú go gcuirfead cáin ar fháltais iompair choiriúil nó iompair choiriúil amhrasta agus go gcuirtear na hAchtanna Ioncaim, nuair is cuí, i bhfeidhm go hiomlán maidir le fáltais nó iompar den sórt sin, de réir mar a bheidh,
- (c) faoi na hAchtanna Leasa Shóisialaigh chun imscrúdú agus cinneadh a dhéanamh, de réir mar is cuí, ar aon éileamh ar shochar nó i leith sochair (de réir bhrí Alt 204 den Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 1993) ag aon duine atá ag gabháil d'iompar coiriúil, agus
- (d) ar iarratas ón Aire Leasa Shóisialaigh, aon éileamh ar shochar nó ina leith, de réir bhrí Alt 204 den Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 1993, a imscrúdú agus a chinneadh, de réir mar is cuí, i gcás ina ndeimhníonn an tAire

Aguisín A

Cuspóirí agus feidhmeanna an Bhiúró

Leasa Shóisialaigh go bhfuil forais réasúnacha ann chun a chreidiúint, i gcás imscrúdaithe áirithe, go bhféadfadh Oifigigh an Aire Leasa Shóisialaigh a bheith faoi réir bagairtí nó cineálacha eile imeaglaithe, agus

agus áirítear le gníomhartha dá leithéid, nuair is iomchuí, faoi réir aon chomhaontaithe idirnáisiúnta, comhoibriú le haon fhórsa póilíneachta, nó le haon údarás, ar údarás é a bhfuil feidhmeanna aige a bhaineann le fáltais ó choireacht a ghnóthú, le húdarás cánach nó le húdarás slándála sóisialta, a críoch nó stát seachas an Stát.

(2) I ndáil leis na nithe dá dtagraítear i bhfo-alt (1), ní fhorléireofar aon ní san Acht seo mar ní a imríonn tionchar nó a chuireann srian ar aon slí—

- (a) ar chumhachtaí nó dualgais an Gharda Síochána, na gCoimisinéirí Ioncaim nó an Aire Leasa Shóisialaigh, nó
- (b) ar fheidhmeanna an Ard-Aighne, an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí nó an Phríomh-Aturnae Stáit.

Aguisín B

Ráiteas maidir le Rialuithe Inmheánacha

Raon Feidhme na Freagrachta

Thar ceann an Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla aithním an fhreagracht atá ormsa, mar Phríomh-Oifigeach an Bhiúró, as a chinntiú go gcoimeádtar agus go bhfeidhmítear córas éifeachtach ceannais inmheánaigh. Cuirtear san áireamh leis an bhfreagracht seo ceanglais an Chóid Chleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016).

Deimhním go gcomhaontaíonn an Fhoireann Ardbhainistíochta (SMT) plean gnó gach bliain agus go gcuirtear faoi bhráid an Rúnaí Cúnta sa Roinn Dlí agus Cirt é.

Deimhním go bhfuil Comhaontú Maoirseachta idir an Biúró agus an Roinn Dlí agus Cirt i bhfeidhm ina gcumhdaítear na blianta 2023 – 2025 agus go bhfuil sé faoi réir athbhreithniú leanúnach.

Deimhním go bhfuil an Tuarascáil Bhliantúil agus an Ráiteas Comhlíonta curtha faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt.

Cuspóir an Chórais um Rialú Inmheánach

Tá an córas um rialú inmheánach deartha chun riosca a bhainistiú go leibhéal inghlactha seachas fáil réidh leis. Dá bhrí sin, ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnach agus ní dearbhú iomlán a thabhairt go ndéantar sócmhainní a chosaint, go n-údaráítear idirbhearta agus go ndéantar iad a thaifeadadh i gceart agus go ndéantar earráidí ábhartha nó neamhrialtachtaí a chosc nó go n-aimsítear go tráthúil iad.

Tá an córas um rialú inmheánach, a thagann le treoir arna heisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadadh agus Athchóirithe PFN, i bhfeidhm sa Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla don bhliain dar críoch 31^ú Nollaig 2023 agus suas go dtí dáta faofa na ráiteas airgeadais.

Cumas maidir le Riosca a Láimhseáil

Tuairiscíonn an Biúró um Shócmhainní Coiriúla ar gach ábhar iniúchta don Aonad Iniúchta Inmheánaigh sa Roinn Dlí agus Cirt agus tá Coiste Iniúchta agus Riosca an Bhiúró (ARC) i bhfeidhm aige. Tháinig ARC an Bhiúró le chéile ceithre huairé i rith na bliana 2023.

Tá polasaí bainistíochta riosca forbartha ag an ARC a leagann amach a mhian riosca, na próisis bhainistíochta riosca atá i bhfeidhm agus a shonraíonn ról agus freagrachtaí na foirne maidir le riosca.

Eisíodh an polasaí chuig gach Bainisteoir laistigh den Bhiúró ar cuireadh in iúl dóibh go raibh gá le foláireamh a thabhairt don ardbhainistíocht faoi rioscaí atá ag teacht chun cinn agus faoi laigí rialaithe agus freagracht a ghlacadh as riosca agus rialuithe laistigh dá réimse oibre féin.

Creat Riosca agus Rialaithe

Chuir an Biúró um Shócmhainní Coiriúla Córas Bainistíochta Riosca i bhfeidhm inar sainithníodh agus inar tuairiscíodh príomhrioscaí agus na bearta bainistíochta a ghlacadh, a mhéid is féidir, chun na rioscaí sin a mhaolú.

Aguisín B

Ráiteas maidir le Rialuithe Inmheánacha

Tá Clár Rioscaí i bhfeidhm sa Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla a shainaithníonn na príomhrioscaí atá os comhair an Bhiúró agus déantar iad seo a shainaithint, a mheas agus a ghrádú de réir a dtábhacht. Déanann an ARC an clár a athbhreithniú agus a nuashonrú ar bhonn ráithiúil. Úsáidtear toradh na measúnuithe seo chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh lena áirithiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú ar leibhéal inghlactha. Sonraítear sa Chlár Riosca na rialuithe agus na gníomhartha atá riachtanach chun rioscaí a mhaolú agus an fhreagracht as rialuithe oibriúcháin a shanntar do bhaill foirne ar leith.

Maidir leis an mBiúró, deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm ina bhfuil na gnéithe seo a leanas:

- nósanna imeachta maidir leis na príomhphróiseis ghnó go léir a dhoiciméadú;
- sanntar freagrachtaí airgeadais ar leibhéal na bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach;
- tá córas cuí buiséadaithe i bhfeidhm, agus buiséad bliantúil á choinneáil faoi athbhreithniú ag an ardbhainistíocht;
- córais atá dírithe ar shlándáil na gcóras trealamh faisnéise agus cumarsáide a chinntiú;
- córais chun sócmhainní an Bhiúró a chosaint;
- cuireann Oifig Náisiúnta na Seirbhísí Comhroinnte Seirbhísí Comhroinnte Párolla ar fáil don Bhiúró

Monatóireacht agus Athbhreithniú leanúnach

Le linn na tréimhse a chumhdaítear le Ráitis Airgeadais 2022, cuireadh nósanna

imeachta foirmiúla i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar phríomhrialuithe. Cuireadh easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd a bhí freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh agus don bhainistíocht, i gcás inarb ábhartha, ar bhealach tráthúil.

Deimhním go raibh na córais mhonatóireachta seo a leanas i bhfeidhm maidir leis an mBiúró um Shócmhainní Coiriúla do 2023:

- aithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh aitheanta a thuairisciú;
- rinne an tAonad Iniúcháireachta Inmheánaí na Roinne Dlí agus Cirt iniúchadh bliantúil ar rialuithe airgeadais agus rialuithe eile;
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal inar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais;
- déantar athbhreithnithe rialta ón ardbhainistíocht ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla maidir le feidhmíocht agus airgeadas, lena léirítear feidhmíocht i gcoinne buiséid/réamhaisnéisí.

Soláthar

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta curtha i bhfeidhm ag an mBiúró um Shócmhainní Coiriúla chun comhlíonadh na rialacha agus na dtreoirínte reatha soláthair a áirithiú agus gur chomhlíon an Biúró um Shócmhainní Coiriúla na nósanna imeachta sin i rith 2023.

Athbhreithniú ar Éifeachtacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an mBíúro um Shócmhainní Coiriúla chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta um bainistíocht riosca agus rialú. Bhí monatóireacht agus athbhreithniú an Bhiúro ar éifeachtacht an chórais um rialú inmheánach bunaithe ar obair an ARC inmheánach, Aonad Iniúcháireachta Inmheánaí na Roinne Dlí agus Cirt agus an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

Tá an ARC, laistigh den Bhiúro um Shócmhainní Coiriúla, freagrach as an gcreat um rialú inmheánach a fhorbairt agus a chothabháil.

I rith 2023 rinne Aonad Iniúcháireachta Inmheánaí na Roinne Dlí agus Cirt iniúchadh ag an mBíúro um Shócmhainní Coiriúla ar rialuithe airgeadais agus eile, i gcomhréir lena gclár bliantúil iniúchtaí, chun dearbhú a thabhairt don Choiste Iniúcháireachta ar Vóta 24 (Ceartas).

Tá an chéad iniúchadh inmheánach eile ar rialuithe airgeadais agus rialuithe eile an Bhiúro le déanamh i R1, 2024.

Le linn 2023 rinne an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste iniúchadh ar Ráitis Airgeadais 2022. Níor tuairiscíodh aon saincheisteanna ábhartha. I rith 2024, déanfaidh an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste iniúchadh ar Ráitis Airgeadais 2023.

Saincheisteanna maidir le Rialú Inmheánach

Níor sainithníodh aon laigí sa rialú inmheánach i ndáil le 2023 lena n-éilítear iad a nochtadh sna Ráitis Airgeadais.



MICHAEL GUBBINS
Príomhoifigeach an Bhiúro
Meitheamh 2024

Aguisín B
Ráiteas maidir le Rialuithe Inmheánacha

Fágadh an leathanach seo bán d'aon ghnó

